

Environmental Protection Agency

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

## Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

# 2017

## AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as an gcomhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Táimid tiomanta do dhaoine agus don chomhshaol a chosaint ar thionchar díobhálach na radaíochta agus an truaillithe.

## Is féidir obair na Gníomhaireachta a roinnt ina trí phríomhréimse:

Rialáil: *Déanaimid córais éifeachtacha rialaithe agus comhlíonta comhshaoil a chur i bhfeidhm chun torthaí maithe comhshaoil a sholáthar agus chun déileáil leo siúd nach gcloíonn leis na córais sin.*

Eolas: *Soláthraímid sonraí, faisnéis agus measúnú comhshaoil atá ar ardchaighdeán, spriocdhírithe agus tráthúil chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht ar gach leibhéal.*

Abhcóideacht: *Bímid ag saothrú i gcomhar le grúpaí eile chun tacú le comhshaol atá glan, táirgiúil agus cosanta go maith, agus le hiompar a chuirfidh le comhshaol inbhuanaithe.*

## Ár bhFreagrachtaí

### Ceadúnú

Déanaimid na gníomhaíochtaí seo a leanas a rialú ionas nach ndéanann siad dochar do shláinte an phobail ná don chomhshaol:

- saoráidí dramhaíola (*m.sh. láithreáin líonta talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola*);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (*m.sh. déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta*);
- an diantalmhaíocht (*m.sh. muca, éanlaith*);
- úsáid ghlanscartha agus scaoileadh rialaithe Orgánach Géinmhodhnaithe (*OGManna*);
- foinsí radaíochta ianúcháin (*m.sh. trealamh x-gha agus radaiteiripe, foinsí tionsclaíocha*);
- áiseanna móra stórála peitril;
- doirtí fuíolluisce;
- gníomhaíochtaí dumpála ar farraige.

### Forfheidhmiú Náisiúnta i leith Cúrsaí Comhshaoil

- Clár náisiúnta iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh gach bliain ar shaoráidí a bhfuil ceadúnas ón nGníomhaireacht acu.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil.
- Caighdeán an uisce óil, arna sholáthar ag soláthraithe uisce phoiblí, a mhaoirsiú.
- Obair le húdaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic le coireacht chomhshaoil trí chomhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmiúcháin náisiúnta, díriú ar chiontóirí, agus maoirsiú a dhéanamh ar fheabhsúchán.
- Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE), le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha (RoHS) agus ar shubstaintí ídíonn an ciseal ózóin.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí an chomhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol.

### Bainistíocht Uisce

- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht aibhneacha, lochanna, uiscí idirchreasa agus cósta na hÉireann, agus screamhuiscí; leibhéil uisce agus sruthanna aibhneacha a thomhas.
- Comhordú náisiúnta agus maoirsiú a dhéanamh ar an gCreat-Treoir Uisce.
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce Snámha.

### Monatóireacht, Anailís agus Tuairisciú ar an gComhshaol

- Monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an aeir agus Treoir an AE maidir le hAer Glan don Eoraip (CAFÉ) a chur chun feidhme.
- Tuairisciú neamhspleách le cabhrú le cinnteoireacht an rialtais náisiúnta agus áitiúil (*m.sh. tuairisciú tréimhsiúil ar Staid Chomhshaol na hÉireann agus Tuarascálacha ar Tháscairí*).

### Rialú Astaíochtaí na nGás Ceaptha Teasa in Éirinn

- Fardail agus réamh-mheastacháin na hÉireann maidir le gás ceaptha teasa a ullmhú.
- An Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí a chur chun feidhme i gcomhair breis agus 100 de na táirgeoirí dé-ocsaíde carbóin is mó in Éirinn.

### Taighde agus Forbairt Comhshaoil

- Taighde comhshaoil a chistiú chun brúnna a shainaithint, bonn eolais a chur faoi bheartais, agus réitigh a sholáthar i réimsí na haeráide, an uisce agus na hinbhuanaitheachta.

### Measúntachtaí Straitéisí Comhshaoil

- Measúnacht a dhéanamh ar thionchar pleananna agus clár beartaithe ar an gcomhshaol in Éirinn (*m.sh. mórphleananna forbartha*).

### Cosaint Raideolaíoch

- Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta, agus measúnacht a dhéanamh ar a oiread is atá muintir na hÉireann gan chosaint ar an radaíocht ianúcháin.
- Cabhrú le pleananna náisiúnta a fhorbairt le haghaidh éigeandálaí ag eascairt as taismí núicléacha.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhaineann le saoráidí núicléacha agus leis an tsábháilteacht raideolaíochta.
- Sainseirbhísí cosanta ar an radaíocht a sholáthar, nó maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar na seirbhísí sin.

### Treoir, Faisnéis Inrochtana agus Oideachas

- Comhairle agus treoir a chur ar fáil d'earnáil na tionsclaíochta agus don phobal maidir le hábhair a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil agus leis an gcosaint raideolaíoch.
- Eolas tráthúil agus inrochtana faoin gcomhshaol a chur ar fáil chun an pobal a spreagadh páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht chomhshaoil (*m.sh. Mo Thimpeallacht Áitiúil, Léarscáileanna Radóin*).
- Comhairle a chur ar fáil don Rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht raideolaíoch agus le cúrsaí práinnfhreagartha.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola Guaisí a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú.

### Múscailt Feasachta agus Athrú Iompraíochta

- Feasacht chomhshaoil níos fearr a ghiniúint agus dul i bhfeidhm ar athrú iompraíochta dearfach trí thacú le gnóthais, le pobail agus le teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ar acmhainní.
- Tástáil le haghaidh radóin a chur chun cinn i dtithe agus in ionaid oibre, agus gníomhartha leasúcháin a spreagadh nuair is gá.

### Bainistíocht agus Struchtúr GCC

Tá an gníomhaireacht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí. Déantar an obair ar fud cúig cinn d'Oifigí:

- An Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil
- An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig um Fhianaise agus Measúnú
- An Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Chomhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag comhaltaí air agus tagann siad le chéile go rialta le plé a dhéanamh ar ábhair imní agus le comhairle a chur ar an mBord.

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL GCC 2017

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2017

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le freagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla nó a mhaítear a tharla, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh ar dhuine ar bith bheith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú mar gheall ar aon ábhar atá san fhoilseachán seo. Is ceadmhach an foilseachán iomlán seo, nó cuid de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, fad is go n-admhaítear an fhoinse.

Arna foilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dearadh ag Yellowstone

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
Bosca Oifig Phoist 3000,
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin,
Co. Loch Garman,
Éire

Íomhánna le caoinchead ó fhoireann GCC

Íomhá an Chlúdaigh – Ciarraí
Grianghraf le L. Cullimore

ISBN: 978-1-84095-793-8

Rinneadh struchtúr agus ailíniú na tuarascála seo a dhearadh sa chaoi go mbeidís ina léiriú ar Phlean Straitéiseach GCC 2016–2020: *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine*.

# PRÍOMHSTAIDREAMH — 2017 i bhFigiúirí

## CEADÚNAIS

**108**
gceadúnas eisithe

**76**
leasú teicniúil críochnaithe

**284**
cheadúnas radaíochta eisithe (231 athnuachan, 53 nua) agus 1,056 leasú teicniúil eisithe

## FORFHEIDHMIÚ

**320**
cigireacht ar láithreáin fhuíolluisce uirbigh

**1,522**
chuairt ar áiseanna tionsclaíocha agus dramhaíola

**29**
n-ionchúiseamh a fuair éisteacht

**57** n-iniúchadh ar láithreáin uisce óil

**9** dTreoir uisce óil eisithe chuig Uisce Éireann

## TAIGHDE

**38** dtuarascáil foilsithe: uisce (13); aeráid (11); inbhuanaitheacht (14)

## FAISNÉIS & ABHCÓIDEACHT

**228**
dtacar sonraí uaslódáilte chuig data.gov.ie (11,052 amharc san iomlán)

**908,000**
seisiún ar **www.epa.ie**

**3,130+**
gearrán comhshaoil tuairiscithe tríd an aip *An bhfeiceann tú é? An bhfeiceann tú é?* aip

**29,757**
duine i measc lucht leanúna GCC ar Twitter ar fud 11 Chuntas Twitter

**106**
n-iarratas ar fhaisnéis (56 iarratas ar Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil agus 50 iarratas Saorála Faisnéise)

epa BeGreen
PREVENTING WASTE & SAVING MONEY

**2,400+**
Fuair 2,400+ feirmeoirí réidh le 263 tona dramhaíola guaise ag 10 mbailiúchán dramhaíola guaise.

**€1.34m**
Aithníodh luach €1.34m de choigiltis Ghnó Glas

IRELAND'S environment

# 7 bPRÍOMHDHÚSHLÁN

epa Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHSHAOIL D'ÉIRINN MAIDIR LE

## STAID AN CHOMHSHAOIL IN 2016

## TEACHTAIREACHTAÍ CÓRASACHA

### 1 COMHSHAOL AGUS SLÁINTE & FOLLÁINE

**AITHEANTAS A THABHAIRT DO THAIRBHÍ COMHSHAOL D'ARDCHAIGHDEÁN DON tSLÁINTE & FOLLÁINE**

### 2 ATHRÚ AERÁIDE

DLÚS A CHUR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOLÚCHÁIN CHUN ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA A LAGHDÚ AGUS BEARTA OIRIÚNAITHE A **CHUR I bhFEIDHM CHUN ÁR STÓIN-SEACHT CHUN DÉILEÁIL LE TION-CHAIR ATHRAITHE AERÁIDE A FHEABHSÚ**

### 3 CUR I bhFEIDHM REACHTAÍOCHTA

RIANÚ PLEANANNA AGUS POLASAITHE A FHEABHSÚ AGUS **CUR I bhFEIDHM AGUS FORFHEIDHMIÚ REACHTAÍOCHT CHOMHSHAOIL** CHUN AN COMHSHAOL A CHOSAINT

## TEACHTAIREACHTAÍ TOPAICE

### 4 CÁILÍOCHT UISCE A ATHBHUNÚ AGUS A CHOSAINT

BEARTA A CHUR I bhFEIDHM A BHAINEANN AMACH **FEABHSUITHE LEANÚNACHA I STÁDAS COMHSHAOIL DHOBHARLACH Ó FHOINSE GO FARRAIGE**

### 5 GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHSHAOIL INBHUANAITHE

SMAOINTEOIREACHT MAIDIR LE hÉIFEACHTÚLACHT ÚSÁID ACMHAINNÍ AGUS INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL AGUS FHEIDHMÍOCHTA A CHOMHTHÁTHÚ **AG TABHAIRT CUNTAIS THAR NA hEARNÁLACHA EACNAMAÍOCH AR FAD**

### 6 AN NÁDÚR & ÁITEANNA FIÁINE

ÁITEANNA GAN MHILLEADH AGUS FIÁINNE A FHEIDHMÍONN MAR MHOIL BHITHÉAGSÚLACHTA, A CHUIREANN LENÁR SLÁINTE AGUS LENÁR FOLLÁINE AGUS A CHRUTHAÍONN DEISEANNA TURASÓIRIEACHTA INBHUANAITHE A **CHOSAINT**

### 7 CAIDREAMH LEIS AN bPOBAL

EOLAS AGUS TACAÍOCHT A THABHAIRT DO PHOBAIL MAIDIR LE **COSAINT AGUS FEABHSÚCHÁN AN CHOMHSHAOIL**

Don eolas is déanaí, logáil isteach ar **www.epa.ie/irelandsenvironment**

## FÍS

Comhshaol glan folláin dea-chosanta a thacaíonn le sochaí agus geilleagar inbhuanaithe.

## MISEAN

An comhshaol a chosaint agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann. Ár ndaoine agus an comhshaol a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha radaíochta agus truaillithe.

## LUACHANNA

### Ár Maoirseacht

Guth iontaofa neamhspleách údarásach ar son an chomhshaoil is ea muid.

Déanaimid cinntí oibiachtúla agus iad bunaithe ar an bhfianaise agus an t-eolas eolaíoch is fearr atá ar fáil.

Bainistímid ár n-acmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil chun luach a chur ar fáil don phobal.

### Ár nObair

Déanaimid rialáil ar bhealach cóir comhréireach trédhearcach, agus dírímid orthu siúd nach mbíonn comhlíontach.

Déanaimid difríocht trí obair a dhéanamh le dreamanna eile chun iontaoibh, líonraí agus comhpháirtíochtaí a chruthú ar mhaithe le torthaí éifeachtacha a bhaint amach.

Déanfaimid ár ndícheall go leanúnach feabhsú agus feabhas a bhaint amach trí fhoghlaim agus forbairt.

### Ár Seirbhís

Táimid nuálaíoch, oiriúnaitheach agus toilteanach bealaí nua agus solúbtha oibre a l eanúint.

Déanaimid seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar ó dhearcadh an tsaoránaigh.

Cuirimid ár seirbhísí ar fáil ar bhealach atá inniúil, cúirtéiseach agus sofhreagrach.

### Ár gComhghleacaithe

Oibrímid le chéile chun torthaí éifeachtacha a chur ar fáil.

Tacaímid lenár gcomhghleacaithe, tá iontaoibh againn astu agus is mór againn iad, agus bímid ag cumhachtú a chéile chun cinntí a dhéanamh.

Bímid oscailte agus macánta lena chéile.

Tugaimid dúshlán a chéile agus spreagaimid a chéile go cuiditheach chun obair níos fearr a dhéanamh.

## AN MÉID A DHÉANAIMID

### Eolas

Sonraí, measúnuithe agus fianaise ardchaighdeáin spriocdhírithe thráthúil a chur ar fáil le cur le cinnteoireacht ag saoránaigh, gnóthaí agus an Rialtas.

### Rialáil

Rialáil agus córais chloí comhshaoil éifeachtacha a chur i bhfeidhm, chun dea-thorthaí don chomhshaol agus do dhaoine a bhaint amach, agus díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo.

### Abhcóideacht

Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun abhcóideacht a dhéanamh ar son comhshaoil atá glan, sláintiúil agus dea-chosanta agus ar son iompraíocht chomhshaoil inbhuanaithe.

## MAR A DHÉANAIMID É

| | | |
|---|---|---|
| Monatóireacht agus Measúnú | Taighde agus Saineolas | Eolas Tráthúil agus Inrochtana |
| Ceadúnú | Forfheidhmiú | Treoir |
| Comhpháirtíochtaí agus Líonrú | Múscailt Feasachta | Iompraíocht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn |

# Dréacht-Straitéis
## 2016-2020

| Dréacht | Cuspóirí | Torthaí<br>An Méid a Bheidh Bainte Amach Againn faoi 2020 |
|---|---|---|
| **Rialtóir Iontaofa Comhshaoil** | **Cinntiú** go ndéantar forbairt leanúnach ar chur chuige comhréireach éifeachtach rialaitheach.<br>**Ailíniú** a dhéanamh ar acmhainní an GCC chun idirghabhálacha a spriocdhíriú agus an riosca comhshaoil a laghdú. | ◢ Cur chuige sofhreagrach rialaitheach atá bunaithe ar rioscaí agus a chuireann páirtithe leasmhara san áireamh agus a chosnaíonn an comhshaol agus daoine.<br>◢ Rioscaí laghdaithe comhshaoil ag áiseanna rialáilte an GCC trí idirghabhálacha saincheaptha agus trí chinntiú go mbíonn forálacha cuí airgeadais i bhfeidhm.<br>◢ Baint amach soláthair agus bainistíochta feabhsaithe uisce agus bonneagar uisce. |
| **Ceannaire Fianaise agus Eolas Comhshaoil** | **Baint Amach** acmhainneacht iomlán eolas, scileanna, shaineolas agus láithreacht réigiúnach an GCC mar phríomh-acmhainní náisiúnta i gcosaint an chomhshaoil agus sláinte an duine.<br>**Luathú** an tsoláthair eolais thráthúil shaincheaptha le freastal ar riachtanais ar leith na ngrúpaí páirtithe leasmhara. | ◢ Measúnuithe comhshaoil níos tráthúla atá bunaithe ar fhianaise le cur le polasaithe agus cinnteoireacht go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil.<br>◢ Soláthar feabhsaithe eolais ar an gcomhshaol do pháirtithe leasmhara, agus é ar líne, cothrom le dáta agus inrochtana.<br>◢ Clár taighde a dhíríonn ar bhearnaí eolais agus a chabhraíonn le réitigh ar fhadhbanna éiritheacha casta comhshaoil a aithint. |
| **Abhcóide agus Comhpháirtí Éifeachtach** | **Neartú** chumas agus acmhainn an GCC tionchar a imirt, abhcóideacht a dhéanamh agus dul i gcomhar le dreamanna eile le cabhrú le comhshaol glan sláintiúil atá cosanta go cuí a bhaint amach.<br>**Teagmháil** a dhéanamh leis an bpobal i gcosaint agus feabhsú an chomhshaoil.<br>**Cur Chun Cinn** a dhéanamh ar fheasacht níos mó ar thionchar cháilíocht an chomhshaoil ar shláinte an duine. | ◢ Deiseanna spriocdhírithe le tosaíochtaí comhshaoil agus inbhuanaitheacht a chomhtháthú le polasaithe earnála, eacnamaíocha agus sóisialta.<br>◢ Cláir rannpháirtíochta pobail a fhorbairt chun feasacht ar cheisteanna comhshaoil a mhéadú agus tacú le rannpháirtíocht an phobail i gcosaint an chomhshaoil.<br>◢ Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí eile chun tairbhí dea-chomhshaoil don tsláinte agus d'fholláine a bhaint amach. |
| **Freagairt ar Phríomhdhúshláin Chomhshaoil** | **Dul i ngleic** leis na dúshláin a bhaineann le cáilíocht fheabhsaithe uisce a chur ar fáil in Éirinn.<br>**Teagmháil** le comhpháirtithe straitéseacha eile chun forbairt freagartha iomlánaíche náisiúnta ar an athrú aeráide a chur chun cinn.<br>**Feabhsú** a dhéanamh ar chosaint aeir agus radaíochta in Éirinn. | ◢ Struchtúir éifeachtacha agus láidre i bhfeidhm chun torthaí níos fearr a chur ar fáil i gcáilíocht an uisce.<br>◢ Rúnaíocht um an athrú aeráide a bhunú sa GCC mar ionad feabhais a thacaíonn leis an aistriú náisiúnta go geilleagar ísealcharbóin.<br>◢ Na creata um cháilíocht aeir agus cosaint ar radaíocht a neartú chun daoine agus an comhshaol a chosaint tuilleadh. |
| **Ar Fheabhas go hEagraíochtúil** | **Forbairt** a dhéanamh ar ár bhfoireann agus ár n-eagraíocht a ailíniú chun na torthaí comhshaoil is fearr a bhaint amach.<br>**Díriú** ar fhorbairt agus cur chun cinn sláinte eagraíochtúla, folláine agus sábháilteachta ag an obair.<br>**Cur chun cinn** a dhéanamh ar chultúr ceannaireachta, athchóirithe agus nuálaíochta. | ◢ Ár bhfeidhmeanna agus acmhainní a ailíniú ar mhaithe le bheith sofhreagrach agus in ann dul in oiriúint do dhúshláin éiritheacha.<br>◢ Teagmháil leis an bhfoireann go léir chun timpeallacht thacúil ionad oibre a chruthú.<br>◢ Cumas feabhsaithe i réimse an athraithe eagraíochtúil agus in úsáid TFC le tacú le hathchóiriú agus nuálaíocht. |





# TÁBLA


| | | | |
|---|---|---|---|
| RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA | | | 1 |
| 2. | RIALÁIL | | 6 |
| | 2.1 | Ceadúnú | 6 |
| | 2.2 | Forfheidhmiú | 9 |
| | 2.3 | Treoir | 14 |
| 3. | EOLAS | | 17 |
| | 3.1 | Monatóireacht agus Measúnú | 17 |
| | 3.2 | Taighde | 25 |
| | 3.3 | Eolas Tráthúil agus Inrochtana | 30 |
| 4. | ABHCÓIDEACHT | | 37 |
| | 4.1 | Comhpháirtíochtaí agus Líonrú | 37 |
| | 4.2 | Múscailt Feasachta | 43 |
| | 4.3 | Iompraíocht Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn | 46 |
| 5. | AR FHEABHAS GO HEAGRAÍOCHTÚIL | | 50 |
| | 5.1 | Struchtúr na heagraíochta | 50 |
| | 5.2 | Bord Stiúrthóirí GCC | 51 |
| | 5.3 | Acmhainní daonna | 55 |
| | 5.4 | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 57 |
| | 5.5 | Suirbhé Fítibeantóis | 58 |
| | 5.6 | Rialachas | 59 |
| 6. | AGUISÍNÍ | | 63 |
| | 6.1 | An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 | 63 |
| | 6.2 | Sainchomhairleoirí & Comhairleoirí a ceapadh | 64 |
| | 6.3 | Foilseacháin GCC in 2017 | 65 |
| 7. | RÁITIS AIRGEADAIS | | 70 |





# RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

## RÉAMHRÁ

Agus tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí GCC i rith 2017, is í feidhm na Tuarascála Bliantúil cur síos a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir le cur i bhfeidhm ár bPlean Straitéiseach 2016–2020: *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine*. Is cúis mhór áthais dom gearrchuntas a thabhairt ar obair agus príomhghníomhaíochtaí GCC i rith 2017. Táimid tiomanta i gcónaí do chomhlíonadh ár misean agus dár bpáirt a ghlacadh i gcosaint ár dtimpeallacht agus, dá réir sin, i gcosaint ár sláinte agus ár bhfolláine chomhchoiteanna. Cuirim béim thíos, faoi thrí Theideal ár bPlean Straitéiseach, ar chuid de na príomhghníomhaíochtaí a bhí ar bun againn in 2017: Rialáil, Eolas agus Abhcóideacht.

## RIALÁIL

### Ceadúnú agus Ceadú

Comhlíonann an GCC raon tascanna reachtúla a bhaineann le ceadúnú, ceadú, toiliú agus deimhniú ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an timpeallacht nó ar shláinte an duine. I rith 2017, d'eisigh an clár um cheadúnú comhshaoil 108 gcinneadh maidir le ceadúnais chomhshaoil agus os cionn 70 leasú teicniúil. Ina theannta sin, phlé an fhoireann le méideanna comhairliúcháin reachtúla a bhí ag dul i méid (640) agus ghlac siad páirt i bhforbairt na reachtaíochta.

Ó thaobh chosaint ó radaíocht de, d'eisigh an GCC 284 cheadúnas (53 cheadúnas nua agus 231 athnuachan) agus 1056 leasú teicniúil.

### Forfheidhmiú Tionsclaíoch agus Dramhaíola

Is é an GCC an t-údarás inniúil a bhronnann agus a fhorfheidhmíonn ceadúnas tionsclaíoch agus dramhaíola; tá os cionn 800 ceadúnas i bhfeidhm faoi láthair. Tá sé d'oibleagáid ar cheadúnaithe réimse coinníollacha atá leagtha amach ina gceadúnais a chomhlíonadh. I rith 2017, rinne cigirí GCC 1522 chuairt fhorfheidhmiúcháin, 91% díobh gan choinne.

Nuair a bhraitear fadhbanna maidir le comhlíonadh, tá réimse uirlisí forfheidhmiúcháin ar fáil ag GCC, lena n-áirítear ionchúiseamh.I rith 2017, bhronn na cúirteanna os cionn €374,000 in aghaidh cheadúnaithe tionsclaíoch agus dramhaíola neamhchomhlíontacha trí fhíneálacha agus tabhartais charthanúla a ghearradh. I mí Iúil, thosaigh an GCC ag foilsiú a córas nua do Shuíomhanna Tosaíochta Náisiúnta chun suíomhanna ceadúnaithe a mheastar a bheith ina dtosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta a aithint. Tríd an bhéim a leagan ar an líon beag ceadúnaithe a bhfuil fadhbanna suntasacha comhshaoil acu ar a suíomhanna, tá an córas ag cur feabhsaithe chun cinn agus ag tabhairt spreagadh do shuíomhanna ceadúnaithe infheistíocht a dhéanamh chun a gcomhlíontacht cheadúnais a choinneáil.

Éilítear ar cheadúnaithe soláthairtí airgid a chur i leataobh chun na pleananna dúnta/iarchúraim riachtanacha a fhorálann a gceadúnais agus aon dliteanais chomhshaoil reatha eile a chumhdach. In 2017, mhéadaigh an soláthar airgid iomlán a cuireadh i dtaisce dó seo ó €264 milliún go €545 milliún.

## Bonneagar Uisce

Chomh maith le hiniúchadh, cigireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí uisce in Éirinn, leagann an GCC tosaíochtaí amach d'Uisce Éireann i dtaca le feabhas a chur ar an mbonneagar náisiúnta uisce, agus úsáideann siad a gcumhachtaí forfheidhmithe nuair nach bhfuil na tosaíochtaí seo á gcur i bhfeidhm go sásúil. Tá fuíolluisce ar cheann de na príomhrioscaí do cháilíocht uisce in Éirinn. Léirigh tuarascáil 2016 ar chóireáil fhuíolluisce uirbeach go soiléir an riachtanas atá ann aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa bhonneagar uisce. Léiríodh inár measúnú go raibh neamhchomhlíonadh na gcaighdeán ábhartha i gceist i gcás cóireála fuíolluisce i 50 de na 185 bhailte móra agus chathair in Éirinn. Ina theannta sin, léirigh sé go ritheann camras neamhchóireáilte ó 44 limistéar isteach sa timpeallacht go laethúil agus go raibh stad tagtha le pleananna chun ionaid choireála a chur isteach i gcuid de na limistéir seo. Ina theannta sin, léirigh an tuarascáil gur measadh go raibh ceithre limistéar uisce snámha neamhshábháilte le haghaidh snámha de bharr bhaol sláinte ón chamras.

Dheimhnigh torthaí na tástála ar uisce óil a cuireadh i láthair sa Tuarascáil ar Uisce Óil 2016 go bhfuil an chuid is mó dár soláthair uisce óil sábháilte. É sin ráite, is gá na córais seo a fheabhsú tuilleadh chun sábháilteacht an tsoláthair a dhéanamh níos fearr agus chun srianta ar uisce a sheachaint. Ag deireadh na bliana, bhí 77 soláthar "faoi riosca" ar liosta ghníomhaíocht feabhais GCC; bhí leibhéil arda tríhalaimeatán sa chuid is mó acu seo (52) agus ní raibh cóireáil dhóthanach ag 21 díobh le cosc a chur ar *Cryptosporidium* dul isteach sa soláthar uisce.

## Feidhmíocht na nÚdarás Áitiúil

I mí na Nollag, d'fhoilsigh an GCC athbhreithniú ar a fheabhas a d'éirigh le gníomhaíocht forfheidhmithe na n-údarás áitiúil i dtaca leis an gcomhshaol. Léirigh an t-athbhreithniú go raibh feabhas tagtha ar fheidhmíocht chomhshaoil 23 as 31 údarás áitiúil idir 2014 agus 2016.D'fhonn feabhas a chur ar thorthaí sláinte agus comhshaoil, mhol an GCC go ndíreodh na húdaráis áitiúla a n-aird ar chigireachtaí a chur i bhfeidhm chun cáilíocht an aeir a fheabhsú i mbailte, athchúrsáil dramhbhia a mhéadú agus dumpáil neamhdhleathach bonn a laghdú.

# EOLAS

## Athrú Aeráide

Thaispeáin réamh-mheastacháin GCC in Aibreán go rabhthas ag súil leis go méadódh astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann go mór agus an fás geilleagrach ag teacht i réim. Ní chomhlíonfaidh Éire a spriocanna do 2020 maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den réimse reatha bearta polasaí d'earnálacha lena n-áirítear talmhaíocht, iompar, cónaí, tráchtáil, tionscail nach bhfuil dian ar fhuinneamh agus dramhaíl. Measadh go mbeadh astaíochtaí 4–6% faoi leibhéil 2005 roimh 2020; is é 20% an spriocthiomantas laghdaithe.

Níos déanaí, dheimhnigh an GCC méadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2016 do chuideachtaí Éireannacha a ghlacann páirt i Scéim Trádála Astaíochtaí an AE.

I mí Iúil, d'fhoilsigh an Rialtas an chéad Phlean reachtúil Maolaithe Náisiúnta in Éirinn, cur chuige "idirghníomhaireachta" chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann.Tá creat cuimsithe sa Phlean chun an dícharbónú domhain is gá a bhaint amach in Éirinn i gcomhréir le cuspóirí beartais an Rialtais: astaíochtaí a laghdú 80% (i gcomparáid le leibhéil 1990) roimh lár an chéid sna hearnálacha giniúna leictreachais, comhshaoil foirgnithe agus iompair agus cur chuige neodrach ó thaobh carbóin de a chur i bhfeidhm sna hearnálacha talmhaíochta agus talamhúsáide. Tá an GCC páirteach sa Ghrúpa Stiúrtha Ardleibhéil atá i gceannas ar an bPlean Maolaithe Náisiúnta agus a bhfuil de fhreagracht air an Plean a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú.

I rith 2017, d'fhoilsigh an GCC roinnt tuarascálacha taighde tábhachtacha faoin athrú aeráide lena n-áirítear *Achoimre ar Staid an Eolais maidir le Tionchar an Athraithe Aeráide d'Éirinn.* Is iad torthaí chlár taighde an GCC a sholáthraíonn eolaíocht agus fianaise neamhspleách chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Maolaithe Náisiúnta agus an Chreata Náisiúnta um Oiriúnacht.

## Taighde

Dearadh Clár Taighde GCC 2014–2020 chun brúnna a aithint, bonn eolais a chur faoi bheartas agus réitigh ar dhúshláin chomhshaoil a fhorbairt trí eolas láidir eolaíochta fianaise-bhunaithe a chur ar fáil. In 2017, chuir an GCC €1.2 milliún ar fáil le taighde nua a mhaoiniú. Seo a leanas samplaí de na deontais a bronnadh:

- tionscadail a bhain le huisce (8), an aeráid (8), fiontar glas (3) agus inbhuanaitheacht chomhshaoil (16);
- trí PhD (Scéim na Comhairle um Thaighde in Éirinn)–Scoláireacht GCC);
- comh-mhaoiniú dhá thionscadal Fondúireacht Eolaíochta Éireann)–Clár Thaighdeora GCC; dhá thionscadal Fulbright-GCC; agus cúig thionscadal trasnáisiúnta (faoi Ghlaonna Coiteanna Aeráide agus Uisce).

Thacaigh an GCC freisin le taighdeoirí comhshaoil Éireannacha chun maoiniú breis is €4 milliún a fháil faoi chlár taighde Horizon 2020 an AE, Dúshlán Sochaíochta 5 (Gníomhaíocht aeráide, comhshaol, éifeachtúlacht acmhainne, agus amhábhair).

## Cáilíocht an uisce

Bá é measúnú náisiúnta GCC de cháilíocht an uisce in Éirinn, 2010–2015, an chéad mheasúnú 6 bliana ar stádas ár n-uiscí a rinneadh faoin gCreat-Treoir Uisce (CTU). Léirigh an measúnú gur theip ar Éirinn a sprioc náisiúnta beartaithe de 13% do stádas an uisce a chomhlíonadh don tréimhse 6 bliana. Cé

go raibh fianaise sa tuarascáil go raibh an stádas náisiúnta cuibheasach seasmhach, is é sin, go raibh feabhas ag teacht ar dhobharlaigh áirithe agus go raibh cinn ar leith eile ag dul in olcas, an tátal a baineadh aisti ná nach raibh dóthain déanta chun meath na cáilíochta uisce a chosc. Ní mór níos mó airde a dhíriú ar ár dtimpeallachtaí uisce neamh-mhillte a chosaint.

Sheol an GCC suíomh gréasáin uisce snámha nua, beaches.ie, agus thuairiscigh sí i mBealtaine go raibh cáilíocht ghinearálta uiscí snámha na hÉireann go han-mhaith i gcónaí. Le linn 2016, chomhlíon 130 as 140 uisce snámha sainaitheanta caighdeáin dhochta an AE, a bhfuil d'aidhm acu a chinntiú go bhfuil ardleibhéal cosanta ann do shnámhaithe. Rinneadh trí cheathrú de na huiscí snámha ar fad a aicmiú ar fheabhas, cé gur theip ar sé thrá chósta na híoschaighdeáin a chomhlíonadh.

### Aer Glan

Is fadhb mhór í drochcháilíocht aeir ó thaobh na sláinte poiblí de. Is é truailliú aeir a bhí ionchurtha go díreach i leith thart ar 1500 bás anabaí in Éirinn in 2014. Ó tharla go dtuigtear níos fearr anois nach bhfuil aon leibhéal sábháilte truailleán aeir ann, tá an GCC ag éileamh gnímhchun dul i ngleic leis an bhagairt is mó ar dhea-cháilíocht aeir in Éirinn, ach go háirithe sa gheimhreadh: astaíochtaí ó dhóchán breosla soladach. Is riosca iad na hastaíochtaí ó sceithphíopaí feithiclí do shláinte daoine freisin agus ní mór déileáil leis seo. Cé nach raibh Éire ag sárú aon de na luachanna teoranntacha dlíthiúla atá leagtha síos ag an AE do cháilíocht an aeir thimpeallaigh, d'aimsigh an tuarascáil ar cháilíocht aeir is déanaí a d'fhoilsigh an GCC gur údar imní borrúlach na leibhéil ábhar cáithníneach atá ann. Léirigh na torthaí monatóireachta do 2016 gur theip ar an gcáilíocht aeir in áiteanna áirithe treoirluachanna na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) a chomhlíonadh maidir le réimse thruailleán áirithe. D'éiligh an GCC arís go mbogfaí i dtreo treoirlínte níos dochta na EDS a ghlacadh mar chaighdeáin dhlíthiúla fhorfheidhmithe ar fud na hEorpa agus in Éirinn.

Beidh méadú ar infhaighteacht fhaisnéis fhíor-ama áitiúil maidir le cáilíocht an aeir de bharr chlár náisiúnta monatóireachta nua ar cháilíocht an aeir thimpeallaigh (2017–2022) a sheol an GCC i mí na Samhna. Cuirfidh seo ar chumas an phobail, cinntí eolacha a dhéanamh agus tacú níos fearr le lucht déanta beartas ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach araon.

### Faisnéis Inrochtana

Tá go leor d'obair GCC dírithe ar an bpobal a spreagadh chun ár gcomhshaol comhroinnte a chosaint agus a fheabhsú. Má chuirtear eolas ar fáil go tráthúil i bhformáid inrochtana, cuireann seo ar chumas daoine iad féin a choinneáil ar an eolas le treochtaí agus forbairtí i dtaca le cúrsaí comhshaoil. Chuaigh acmhainn nua gréasáin de chuid GCC i bhfeidhm in 2017 agus is í an phríomhacmhainn í maidir le staidreamh uisce in Éirinn. Is féidir le húsáideoirí leas a bhaint as an acmhainn ghréasáin um Staitisticí Náisiúnta Dramhaíola chun ábhar inrochtana agus graif is cairteacha idirghníomhacha a fheiceáil. Déanfaidh an GCC an acmhainn a thabhairt suas chun dáta go rialta ag cur ar fáil an eolais, na ngrafaicí agus na tráchtaireachta is déanaí maidir le dramhaíola tosaíochta, infreastruchtúr agus treochtaí dramhaíola.

I rith 2017, thosaigh an GCC ag aistriú na córais faisnéise geografaí (GIS) ar fad go haip aonair fabhrach d'fhóin phóca: https://gis.epa.ie/EPAMaps/. Soláthraíonn an feidhmchlár leabharlann sraitheanna sonraí spásúla, arna n-eagrú faoi théamaí comhshaoil. I mí na Samhna, cuireadh léarscáil idirghníomhach nua maidir le cóireáil chamrais leis an aip chun seoladh na Tuarascála um Chóireáil Fhuíolluisce a chomhlánú: https://gis.epa.ie/EPAMaps/SewageTreatment.

## ABHCÓIDEACHT

### Éifeachtúlacht Acmhainne

Tá an GCC ina cheannaire ó thaobh cleachtais nua nuálacha a shainaithint, a mbeidh feabhsuithe ar chosc dramhaíola agus éifeachtúlacht acmhainne ann mar thoradh orthu. Déantar go leor tionscadal a thairiscint do theaghlaigh, do ghnólachtaíagus d'earnálacha eile tríd an gClár Náisiúnta um Dhramhaíl a Chosc (NWPP).Bhí rath suntasach ag roinnt de na tionscadail seo in 2017.

Cuireann clár Cosc ar Chur Amú Bia GCC cosc ar chur amú bia chun cinn. Spreagann sé pobail agus páirtithe leasmhara eile trí thionscnaimh ar nós an Dúshláin um Chur Amú Bia a Chosc. I mí an Mhárta, sheol an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Denis Naughten T.D., agus mé féin, Cairt na hÉireann um Chur Amú Bia. Is comhthiomantas é an Chairt a bhfuil d'aidhm aige cur amú bia a laghdú feadh an tslabhra soláthair ina iomláine.

Tharla an cúigiú bailiúchán de dhiúscairtí dramhaíola guaise feirme sa tsraith in 2017 ag deich n-ócáid aon lá ar fud na tíre. Is é a dhéanann an feachtas seo, arna stiúradh ag an GCC, ná rioscaí don chomhshaol a laghdú agus sábháilteacht teaghlach feirme a fheabhsú. De thairbhe na gcúig fheachtas seo, tá beagnach 1000 tona de dhramhaíl ghuaiseach diúscairte go sábháilte ag feirmeoirí.Bhuaigh an Scéim Dramhaíola Guaisí Feirme an chéad duais sa chatagóir Barr Feabhais ar Bhonn Comhoibrithe i mí na Samhna ag ócáid bronnta gradam na Státseirbhíse i dtaca le Barr Feabhais agus Nuáil. Ina theannta sin, de thoradh an tionscnamh Feirmeoireacht Cliste – comhpháirtíocht straitéise idir an GCC, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus feirmeoirí – rinneadh feabhas ar chleachtais chosanta chomhshaoil ar 1000 feirm roimh dheireadh 2017.

I mí Feabhra, sheol an GCC comórtas nua do dhaltaí meánscoile. Thug an comórtas Scéal do Chuid Stuif dúshlán na n-iarrthóirí, saolré ruda laethúil a thaispeáint i bhfíseán. D'úsáid daltaí www.epa.ie/irelandsenvironment/ chun taighde a dhéanamh dá gcuid oibre agus léirigh a n-iontrálacha

leibhéal ard scileanna, eolais agus cruthaitheachta. D'inis an físeán a bhuaigh a rinne beirt dhalta as Contae Shligigh scéal faoi pheann luaidhe.

## Eolaíocht Saoránach

Chuir an GCC roinnt tionscnamh eolaíochta saoránach chun cinn i rith 2017 i gcomhar le comhpháirtithe straitéise. Spreagann tionscnaimh eolaíochta saoránach GCC, i limistéir na cáilíochta aeir, na cáilíochta uisce agus na maireachtála inbhuanaithe, daoine chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhchruthú sonraí comhshaoil, ach go háirithe laistigh dá bpobal áitiúil.

I mí Dheireadh Fómhair, sheol an GCC clár idirnáisiúnta eolaíochta agus oideachais Éireann, GLOBE, i gcomhar le An Taisce. Mar chuid den chlár píolótach dhá bhliain seo, beidh suas le 20 bunscoil agus meánscoil ag foghlaim faoi cháilíocht an aeir ina gceantair áitiúla agus conas an cháilíocht sin a thomhas. Tá páirt glactha ag breis is 29,000 scoil in 117 tír sa chlár GLOBE le cuid mhaith de bhlianta anuas, agus tá tacair sonraí cruthaithe acu a bhfuil ardchaighdeán taighde ag baint leo agus atá ar fáil do chách.

I rith na bliana, rinne an GCC suirbhéanna inar thiomsaigh siad toisí radóin ó níos mó ná 1,400 teach, mar aon le heolas ó úinéirí tí faoin gcineál tí a bhí acu. Úsáidfear na sonraí sin chun tuiscint níos fearr a fháil ar ghluaiseacht radóin i dtithe agus beidh an t-eolas seo ina bhonn leis an gcomhairle a chuireann an GCC ar úinéirí tí faoi conas iad féin a chosaint ar radón.

Thacaigh an GCC freisin le OÉ Gaillimh i gcur i bhfeidhm tionscadail phíolótaigh do dhaltaí  Idirbhliana maidir le caighdeán an aeir.

## Conclúid

Tá an GCC an-mhórálach as a bheith ina comhlacht poiblí neamhspleách, a oibríonn i dtimpeallacht chasta. Bíonn ról difriúil aige ag brath ar an bpáirtí leasmhar atá i gceist, mar rialtóir, mar sholáthraí eolais agus mar abhcóide ar son an chomhshaoil. Tá freagra trasearnála agus tras-shochaíoch níos leithne ag teastáil ó go leor de na fadhbanna comhshaoil atá ann inniu; i ndeireadh na dála, is linne ar fad an comhshaol agus tá freagracht againn aire agus cosaint a thabhairt dó. Tá sé soiléir ónár n-idirbhearta laethúla go bhfuil tuiscint níos fearr ag an bpobal, ag lucht gnó agus ag an tsochaí go ginearálta ar an nasc atá ann idir thimpeallacht ghlan agus ár sláinte, ár bhfolláine, ár ngeilleagar, agus ár gcultúr fiú. Leanfaidh an GCC ar aghaidh ag obair chun dul i dteagmháil leis an bpobal agus daoine a spreagadh chun díospóireacht a bheith acu faoi conas a ndéanfaidh Éire an t-aistriú riachtanach i dtreo thodhchaí inbhuanaithe. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine agus na heagraíochtaí ar fad a chabhraíonn linn an obair seo a chur i gcrích.


I rith 2017, chuaigh ár gcomhghleacaithe Donal Daly, Barbara Rafferty agus Eileen Hayden ar scor. Bhí tionchar suntasach ag a gcuid oibre chrua agus ag a ndúthracht ar obair GCC thar na blianta. Mar a bhí ag obair chrua Dara Lynott, a chríochnaigh a thréimhse mar Stiúrthóir na hOifige um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus mar Leas-Ardstiúrthóir GCC. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gceathrar sin agus áth mór a ghuí orthu don todhchaí.I mí Iúil, ba mhór an pléisiúr dom é gur ainmnigh an Rialtas an Dochtúir Eimear Cotter ar Bhord na GCC mar Stiúrthóir na hOifige um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil.

Ba mhaith liom buíochas freisin a ghabháil le Coistí Comhairleacha GCC, agus go háirithe le mo chomhstiúrthóirí agus le'foireann GCC as a ndúthracht in 2017. Bhí ról lárnach ag an tacaíocht a thug siad agus an obair chrua a rinne siad sa dul chun cinn suntasach a rinneamar le chéile i rith na bliana.

Leanfaimid ar aghaidh i rith 2018 ag comhlíonadh ár ról agus ár sainúdarás gan staonadh agus ár gcáil mar abhcóide dílis, neamhspleách agus údarásach don chomhshaol a chosaint. Déanfaimid é seo trí chinntí oibiachtúla a ghlacadh atá bunaithe ar an bhfianaise agus faisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil agus trínár n-acmhainní a bhainistiú go héifeachtúil chun luach a gcuid airgid a thabhairt don phobal.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir GCC



"Córais ghéilliúntais éifeachtacha a chur chun feidhme i dtaobh rialála agus comhshaoil, chun dea-thorthaí do dhaoine agus don chomhshaol a bhaint amach, agus chun díriú orthu siúd nach mbíonn ag cloí leo."

**Bíonn an GCC ag ceadúnú gníomhaíochtaí le cinntiú nach mbíonn a n-astaíochtaí ag cur sláinte daoine i mbaol ná ag déanamh dochair don chomhshaol.**

# 2. RIALÁIL

## 2.1 CEADÚNÚ

Tá sainchúram leathan ag clár ceadúnaithe GCC agus tá sé freagrach as réimse tascanna a bhaineann le ceadúnú, ceadú, toiliú nó deimhniú gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol nó ar shláinte an duine. Cuimsíonn an obair seo Measúnú Tionchair Comhshaoil (MTC) agus Measúnú Cuí.

I rith 2017, bhí an obair dírithe ar athruithe sa cheadúnú i leith astaíochtaí tionsclaíoch agus ar chóras ar líne d'iarratais ar cheadanna.

Tá an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ag déanamh athraithe nua agus suntasacha ar an gcaoi ina rialaítear gníomhaíochtaí tionsclaíocha in Éirinn. Cinnteoidh na hathruithe seo go gcuimsíonn na ceadúnais na bearta ar fad is gá chun leibhéal ard cosanta don timpeallacht a bhaint amach. I rith 2017, thosaigh an GCC an obair chun na conclúidí nuafhoilsithe maidir leis na Teicníochtaí is Fearr atá ar Fáil (BAT) i gcoinníollacha ár gceadúnais a chur i bhfeidhm. Éilíonn an Treoir ar an GCC athmhachnamh agus, más gá, nuashonrú a dhéanamh ar ár gcoinníollacha i leith ceadúnas tionsclaíoch laistigh de cheithre bliana d'fhoilsiúchán na gconclúidí nua BAT. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh sna blianta atá le teacht mar atá leagtha síos sna dátaí cur chun feidhme do chonclúidí BAT.

Foilsíodh trí Chinneadh Cur chun Feidhme (CID) déag ón gCoimisiún i leith conclúidí BAT faoi dheireadh 2017. Rinneadh trí CID a fhoilsiú in 2016 (gléasraí dóchain móra, diantógáil éanlaith chlóis agus muc agus ceimicigh orgánacha a bhfuil toirt mhór iontu), a éileoidh go ndéanfar athbhreithniú ar líon suntasach ceadúnas sna ceithre bliana atá le teacht.

Tá an obair ag leanúint ar aghaidh maidir le seirbhísí gréasáin a leathnú chun go gcuimseodh siad cur isteach leictreonach d'iarratas ar cheadúnais agus sonraí tuairiscithe faoin gcomhshaol, agus formáid na gceadúnas a nuashonrú chun go mbeadh sé ag freagairt do riachtanais na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

### Trádáil astaíochtaí

Is í an GCC an tÚdarás forfheidhmithe agus feidhmithe don Rialúchán Trádála Astaíochta in Éirinn agus, dá bhrí sin, cuireann sí rialacha an Aontais i bhfeidhm chun go mbeidh cionroinnt comhréitithe saor de liúntais astaíochtaí ann. Ceapadh na rialacha seo le cionroinnt saor a laghdú de réir a chéile agus is príomhuirlis iad maidir leis an athrú atá le déanamh againn le bheith inár sochaí neodrach ó thaobh carbóin de atá seasmhach ó thaobh na haeráide.

Bhí 100 suiteáil dho-aistrithe (tionsclaíochtaí, cumhachtstáisiúin agus úsáideoirí ardfhuinnimh eile) le hastaíochtaí intuairiscithe ann do 2016 agus bhain Éire amach comhlíonadh 100% faoin timthriail thuairiscithe agus ghéillte 2017. Léirigh an fhaisnéis ó na suiteálacha a chuimsigh an Scéim in 2016 gur mhéadaigh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó chuideachtaí Éireannacha. Dhírigh an GCC aird ar an ngá atá ann dreasachtaí níos láidre a thabhairt do chuideachtaí chun go dtabharfadh siad droim láimhe d'úsáid bhreoslaí iontaise.

Maidir le hoibreoirí aerárthaigh arna gclúdach ag Treoir ETS an AE agus Ag na rialacháin leasaithe bainteacha, lean siad sin ag feidhmiú, ach bhí an feidhmiú sin laistigh de raon feidhme teoranta a chuimsigh eitiltí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch amháin. Thuairiscigh ceithre cinn déag d'oibreoirí aerárthaigh in am agus bhí na lamháltais riachtanacha géillte acu sin faoi dheireadh Aibreán 2017. Níor thuairscigh nó níor ghéill oibreoir aerárthaigh beag amháin a raibh, de réir dealraimh, oibleagáidí tuairiscithe agus géillte aige. Tá an t-oibreoir aerárthaigh sin ag ceistiú a chuid oibleagáidí faoin Treoir.

Úsáidtear Clárlann an Aontais mar uirlis chomhlíonta do shuiteálacha rialaithe agus d'oibreoirí faoin EU ETS. Tá sé d'oibleagáid ar na hoibreoirí seo, ó thaobh an dlí de, cibé

an oibreoirí do-aistrithe nó aerárthaigh iad, cuntas a oscailt le Clárlann an Aontais chun a gcuid oibleagáidí comhlíonta maidir le hastaíochtaí carbóin a chomhlíonadh.Dearbhaíonn an GCC i gcónaí go ndéanfar bainistíocht láidir ar chóras a bhfuil suas go dtí €300 milliún de shócmhainní airgeadais aige.

Cuirtear lamháltais ETS ar ceant ar chomhardán atá roinnte ar 25 Bhallstát an AE. Déanann an GCC rianú chun a chinntiú go ndíoltar cuóta lámhaltas na hÉireann gach seachtain agus go bhfaigheann an Banc Ceannais an t-ioncam ceart uaidh seo. Ba é iomlán na n-ioncam a fuarthas ó cheant lámhaltas EU ETS do-aistrithe agus eitlíochta ná €53.6 milliún (€53,560,365), le €52,932,450 ó cheant lámhaltas do-aistrithe agus €627,915 ó lámhaltais eitlíochta (EUAAanna) faoi dheireadh Nollaig 2017.

Is trí Chlárlann an Aontais a thaispeánann Éire go bhfuil sí ag comhlíonadh Chinnidh an AE maidir le Comhroinnt Díchill. Thosaigh tréimhse 4 mhí an timthrialla comhlíonta d'astaíochtaí neamh-ETS 2014 (m.sh. astaíochtaí iompair agus talmhaíochta) ar an 16 Meitheamh 2017 le foilsiúchán Chinneadh 2017/1015 ón gCoimisiún. I ndiaidh treoracha foirmeálta a fháil ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar an 10 Deireadh Fómhair 2017, rinne an GCC na gníomhartha a ba ghá leo de réir na Clárlainne ESD. Taispeánann suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh go bhfuil Éire ag comhlíonadh thimthriall comhlíonta ESD 2014. Thosaigh timthriall comhlíonta 2015 ag deireadh 2017

## Ceadúnú cosanta ar radaíocht

Más mian le duine nó le heagraíocht foinse radaighníomhach nó gléasra ionraideach a úsáid, ní mór dóibh ceadúnas a fháil ón GCC i dtús báire. Ag deireadh 2017, bhí 1749 gceadúnas is seilbh daoine nó eagraíochtaí thar réimse earnálacha, lena n-áirítear na hearnálacha fiaclóireachta, míochaine, tionsclaíocha, oideachais agus trédliachta. I rith 2017, eisíodh 47 gceadúnas nua agus dúnadh 51 cheadúnas. Roimh cheadúnas a dhúnadh, ní mór don cheadúnaí a chinntiú go bhfuarthas réidh leis na táirgí ceadúnaithe mar a ba cheart nó gur seoladh ar ais chuig an déantúsaí nó chuig an soláthraí iad ar fad.

### Cláir athnuachana ceadúnas radaíochta in 2017

I rith 2017, d'imigh 231 cheadúnas ó na hearnálacha tionsclaíocha agus míochaine in éag agus bhíodar dlite le haghaidh athnuachana. Tharla na cláir athnuachana ar fad ag baint úsáide as ardán ceadúnais ar líne GCC. Fuarthas 284 iarratas ar cheadúnas san iomlán (231 d'athnuachan agus 53 do cheadúnais nua) agus rinneadh 1056 iarratas ar leasuithe ceadúnais a bhí ann cheana a phróiseáil ar líne, agus rinneadh 1340 cinneadh rialála dá bharr in 2017 (Tábla 1).

### Trasuí na Treorach um Bhunchaighdeáin Sábháilteachta

Déanann an tAE a Threoir um Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta a uasghrádú gach 15–20 bliain chun dul chun cinn san eolaíocht, sa teicneolaíocht, sa chleachtas rialála, srl., a chur san áireamh. Freagraíonn trasuíomh na gcaighdeán nuashonraithe sna Ballstáit do leasú ó bhonn agus athnuachan den infreastruchtúr náisiúnta do chosaint ar an radaíocht. Bhí sé beartaithe go gcuirfeadh na Ballstáit an leasú is déanaí ar an Treoir, a glacadh in 2014, i bhfeidhm roimh Feabhra 2018. I rith 2017, thug an GCC tacaíocht theicniúil don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun reachtaíocht nua a fhorbairt agus socruithe maidir le cosaint oibreoirí agus an phobail go ginearálta ar an radaíocht a nuashonrú.

Is iad seo a leanas na príomhathruithe a rinneadh ar na caighdeáin shábháilteachta a bhí ann cheana ó thaobh cosaint a thabhairt d'oibreoirí agus do bhaill den phobal:

- teorainn dáileoige laghdaithe do lionsa na súile atá ag teacht leis an bhfaisnéis eolaíochta is déanaí;
- leathnú amach ar scóip na gcaighdeán sábháilteachta chun radóin i dtithe cónaithe agus athruithe ar an leibhéal tagartha radóin d'áiteanna oibre a chur san áireamh;
- údarú grádaithe a thabhairt isteach atá i gcomhréir leis an riosca radaíochta agus atá ag teacht le moltaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch;
- na socruithe maidir le taifead a dhéanamh ar dháileog na radaíochta a fhaigheann oibreoirí eachtracha a threisiú;
- tabhairt isteach ról an Oifigigh Chosanta Raideolaíochta agus athruithe a dhéanamh do ról an Chomhairleora Cosanta Raideolaíochta;
- riachtanais athraithe maidir le diúscairt fhoinsí neamhshéalaithe;
- riachtanais níos leithne maidir le réamhullmhúchán éigeandála.

**Tábla 1.** Tascanna ceadúnais an chláir cheadúnaithe chomhshaoil 2017

| Cineál ceadúnais | Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas 2017 | Líon iomlán na gcinntí beartaithe a eisíodh 2017 | Líon iomlán na n-agóidí a fuarthas 2017 | Líon iomlán na gcinntí a eisíodh 2017 |
|---|---|---|---|---|
| Ceadúnais TAT/RCT (Dramhaíl AT san áireamh) | 52 | 33 | 21 | 31 |
| Ceadúnais Dramhaíola | 4 | 4 | 1 | 4 |
| Ceadúnais Fuíolluisce | 6 | | N/B | 3 |
| Deimhnithe Údarúcháin Fuíolluisce | 13 | | N/B | 15 |
| Ceadanna OGM (Úsáid shrianta) | 32 | | N/B | 31 |
| Ceadanna OGM (Scaoileadh beartaithe) | 0 | | N/B | 0 |
| Deimhnithe Ionaid Stairiúla Líonta Talún | 0 | | N/B | 1 |
| Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige | 2 | | N/B | 5 |
| Deimhnithe Clárúcháin (Dramhaíl) | 15 | | N/B | 18 |
| Ceadúnais Raideolaíochta | 284 | N/B | N/B | 1340 |
| **Iomlán** | **408** | **37** | **22** | **1448** |

IED: An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha; IPC: Rialú Comhtháite ar Thruailliú; OGM: Orgánach Géinmhodhnaithe; N/B: N/B.

**Tábla 2.** Tascanna rialála eile an chláir cheadúnaithe chomhshaoil 2017

| Tascanna | Líon iomlán na dtascanna a rinneadh measúnú orthu 2017 |
|---|---|
| Iarrann Alt 11 | 86 |
| Leasuithe ar Astaíochtaí Tionsclaíocha(IE)/Cosc Comhtháite ar Thruailliú (IPC) | 46 |
| Leasuithe IE (ar chuir GCC tús leo) | 1 |
| Leasuithe i dtaca le dramhaíl | 2 |
| Leasuithe i dtaca le Gléasraí Cóireála Fuíolluisce (WWTP) | 25 |
| Leasuithe maidir le Dumpáil san Fharraige | 2 |
| Iarratais faoi Airteagal 27 (fotháirge) | 70 |
| Airteagal 28 | 0 |
| An GLE (OGM) | 3 |
| Treoir 2001/18/EC (GMO) (orgánaigh ghéinmhodhnaithe) | 0 |
| Comhfhreagras pleanála fiosraithe | 640 |
| **Iomlán** | **875** |

IED: An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha; IPC: Rialú Comhtháite ar Thruailliú; WWTP: Ionad Cóireála Fuíolluisce; EMA: An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach; OGM: Orgánach Géinmhodhnaithe;

**Déanann an GCC reachtaíocht chosanta comhshaoil agus raideolaíoch a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú in Éirinn.**

## 2.2 FORFHEIDHMIÚ

### Uisce Glan

Ina ról mar rialtóir comhshaoil do sheirbhísí uisce poiblí, dhírigh an GCC isteach ar chur i gcrích Uisce Éireann d'fheabhsuithe bonneagair tosaíochta maidir le huisce óil agus fuíolluisce uirbeach.

#### Uisce óil

Cuireadh deireadh le fógraí "fiuchta uisce" fadtéarmacha sa chuid is mó de na soláthairtí roimh dheireadh na bliana.Níor fhan ach 41 duine i sé soláthar faoi réir fhógra fiuchta uisce, de bharr éillithe logánta don chuid is mó (laistigh den áitreamh de ghnáth). Murab ionann agus deireadh 2016, nuair a bhí 5743 duine faoi réir fhógraí den chineál sin.

Thit an líon soláthar a bhí ar an Liosta Gníomhaíochta Feabhais ó 99 go 77 ag deireadh 2017 agus thit líon na ndaoine a bhí ag fáil uisce ó sholáthar ar an Liosta Gníomhaíochta Feabhais ó 774,340 go 686,109.

D'fhoilsigh an GCC tuarascálacha ar leith maidir le soláthairtí uisce óil agus soláthairtí uisce príobháidigh chun aird a tharraingt ar na dúshláin éagsúla atá os comhair na gcineálacha soláthairtí éagsúla. Scríobhadh na tuarascálacha ag leanúint threoirlínte maidir le gnáthúsáide an Bhéarla chun a chinntiú go mbeadh na tuarascálacha níos sothuigthe don phobal.

#### Sceití fuíolluisce bardasacha

Mhéadaigh líon na limistéar fuíolluisce tosaíochta ó 127 go 148 tar éis don GCC ionaid bhreise a aithint mar bhrúnna aonair ar dhobharlaigh atá i mbaol dhrochstádas a bhaint amach faoin gCreat-Treoir Uisce (CTU).

Chuir an Coimisiún Eorpach cás faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann de bharr gur theip uirthi an Treoir um Fhuíolluisce a chomhíonadh. Theip ar Uisce Éireann dátaí beartaithe do chur i gcrích oibreacha infreastruchtúracha agus oibríochta a chomhlíonadh i 50 limistéar tosaíochta. Áirithigh an GCC seacht n-ionchúiseamh i gcoinne Uisce Éireann agus tá seacht gcás eile maidir le moilleanna i soláthar infreastruchtúir agus fadhbanna oibríochta faoi bhráid na cúirte.

Fuarthas réiteach ar 100 sárú fadtéarmach ar ceadúnais, ag cruthú iarmhairtí dearfacha don chomhshaol. Cé gur laghdaigh líon iomlán na n-eachtraí (nó líon na sáraithe fhadtéarmacha ar cheadúnais) a tharla in 2017, bíonn fadhbanna nua ag teacht aníos i gcónaí sna hionaid chóireála fuíolluisce, rud a léiríonn an gá atá ann le rialú agus cothabháil oibríochta níos fearr a bhaint amach ag na hionaid seo.

#### Córais chóireála fuíolluisce baile (dabhacha séarachais)

D'fhoilsigh an GCC an cúigiú tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Cigireachta um Chórais Chóireála Fuíolluisce Baile. D'eisigh an GCC dréacht den Phlean Náisiúnta Cigireachta nua um Chórais Chóireála Fuíolluisce Baile don tréimhse 2018–2021 le haghaidh comhairliúcháin phoiblí ag deireadh 2017, a leagan amach na cigireachtaí ar gá iad a dhéanamh sna 4 bliana atá amach romhainn.

D'oibrigh an GCC i ndlúthpháirt le Conaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce chun tionscnamh oideachas pobail agus díshlodaithe a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar ráta díshlodaithe i ndabhacha séarachais. Léirigh an tionscadal torthaí a chothódh misneach, le go leor daoine ag glacadh páirt sa scéim.

### Dochar don chomhshaol a chosc

#### Foráil airgeadais do dhliteanais chomhshaoil

Is tosaíocht í don GCC a chinntiú go ndéanann ceadúnaithe foráil airgeadais leordhóthanach chun na dliteanais chomhshaoil a bhaineann le heachtraí féideartha nó le dúnadh agus iarchúram láithreán a chumhdach.

In 2017, d'áirithigh an GCC maoiniú breise€264 milliún d'fhoráil airgeadais ag láithreáin cheadúnaithe, ag méadú iomlán mhaoinithe thar na láithreáin ar fad go dtí níos mó ná€606 milliún. Íslítear go mór an riosca don chomhshaol agus don Stát má dhéantar cinnte de go soláthrófaí tionscal airgead do dhliteanais aithnidiúla agus féideartha.

## Faireachas margaidh, freagracht táirgeora agus ceimiceáin sa chomhshaol

### Ceimiceáin (lena n-áirítear rialacháin bhreosla sholadaigh)

Éascaíonn Córas an Aontais um Mearfhaisnéis, dá ngairtear RAPEX, malartú faisnéise idir Bhallstáit agus an Coimisiún faoi bhearta a ghlactar chun cosc nó srian a chur ar chúrsaíocht tháirgí a bhféadfadh riosca tromchúiseach do shláinte an duine agus/nó don timpeallacht a bheith ag gabháil leo. I rith 2017, d'fhiosraigh an GCC 35 fhógraí RAPEX den chineál seo, agus rinneadh cigireachtaí ar 25iompórtálaí agus miondíoltóir. Fuarthas nár táirgeadh aon cheann de na táirgí a rinneadh cur síos orthu sna fógraí laistigh den Stát.

Is ionann Fóram na Gníomhaireachta Eorpaí um Cheimiceáin agus líonra de na húdaráis atá freagrach as rialacháin a fhorfheidhmiú maidir le Clárú, Measúnú, Údarú agus Srianadh Cheimiceáin (REACh), agus Rangú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) agus Feasach a chur in iúl roimh ré (PIC) san AE, san Iorua, san Íoslainn agus sa Lichtinstéin. Déanann an Fóram tionscadail fhaireachais a chomhordú agus a mhaoirsiú faoin reachtaíocht a thagann faoina shainchúram. Cuimsíonn na feachtais sin iad siúd a bhaineann leis na tionscadail maidir le Rialachán REACh nó REACh-EN-FORCE (REF). Mar chuid dá rannpháirteachas sa tionscadal REF4, chuir an GCC isteach 20 tuarascáil ar na seiceálacha a rinneadh ar tháirgí maidir le srianta áirithe den rialachán REACh a chomhlíonadh. Fuarthas amach go raibh na táirgí ar fad a seiceáladh ag comhlíonadh riachtanais na reachtaíochta.

Bhí 25 shaoráid ábhar málaí guail agus 47 soláthraí breosla soladaigh ar an gclár breosla ag deireadh 2017, faoi na Rialacháin um Bhreoslaí Soladaigh ( I.R. Uimh. 326 de 2012) arna leasú.

### Rialacháin um dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus cadhnraí dramhaíola

Chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ceart ar dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus ar shrutha chadhnraí dramhaíola, déanann an GCC na rudaí seo a leanas:

- pleananna bainistíochta dramhaíola do dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach agus do chadhnraí dramhaíola a chuireann táirgeoirí gnólacht le gnólacht faoina bráid a athbhreithniú agus a fhormheas agus iniúchtaí ar an láthair de tháirgeoirí gnólacht le gnólacht a dhéanamh (thart ar 60 iniúchadh sa bhliain);
- cigireachtaí a dhéanamh ag asraonta miondíola (100 sa bhliain);
- forfheidhmiú "chiandialtóra" a dhéanamh trí chigireactaí ar shuíomhanna gréasáin (80 sa bhliain);
- bualadh go rialta le príomhpháirtithe leasmhara éagsúla ar nós na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an Chomhlacht um Chlárú Táirgeoirí (Clár na dTáirgeoirí Teoranta) agus leis na Scéimeanna Comhlíonta chun dúshláin straitéiseacha a phlé; agus
- scaipeann sí treorú go hindíreach nó trína suíomh gréasáin nó i gcomhar leis na húdaráis áitiúla.

### Substaintí a ídíonn ózón agus gáis fhluairínithe

Mar chuid d'obair GCC chun substaintí a ídíonn ózón agus gáis fhluairínithe le hardacmhainn téimh dhomhanda a laghdú, foilsíonn sí treorú agus déanann sí cigireachtaí deasca agus ar an láthair de threalamh, d'úsáideoirí deiridh, agus do na conarthóirí innealtóireachta a sheirbheálann an trealamh cuí agus d'imdháileoirí gáis. Ullmhaíonn an GCC an Tuarascáil Náisiúnta ar Úsáid Chriticiúil Halóin agus Tuarascáil ar Thrádáil Neamhdhleathach Shubstaintí a Ídíonn Ózón le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

Áiríodh leis an dul chun cinn a rinneadh in 2017:

- cigireachtaí ar 62 chonarthóir, imdháileoir gáis amháin agus dhá úsáideoir deiridh maidir le Gás Fhluairínithe agus bainistíocht Shubstaintí a Ídíonn Ózón;
- suirbhéanna deisce ar 33 úsáideoir agus dhá chuairt maidir le húsáid chriticiúil halóin don Tuarascáil Náisiúnta ar Úsáid Chriticiúil Halóin;
- dúnadh amach 47 gceist;
- fiosrú eachtra amháin a tharla ar an láthair agus gearán amháin ó chonarthóir;
- 121 Réamhfhógra Bliantúil a eisiúint do chonarthóir a bhogann dramhghháis (ag clúdach an tréimhse 1 Aibreán 2017 go 31 Márta 2018);
- ag tabhairt faoi shuirbhéanna ar dhíolacháin gháis i rith 2016;
- leathanach gréasáin nua a bhunú chun treoir a thabhairt maidir leis na riachtanais nua do Gháis Fhluairínithe a bhaineann le hiompórtáil threalamh réamhluchtaithe;
- Comhsheimineár a reáchtáil leis Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar bhealaí a bhféadfaí hidreafluaracarbóin a laghdú agus cur i láthair ag trí ócáid eile chun feasacht maidir le hoibleagáidí rialála a fhorbairt sna hearnálacha cuisneáin; agus
- freastail ar dhá chruinniú den Choiste Eorpach agus ar cheardlann amháin ar rialacháin Shubstaintí a Ídíonn Ózón agus ar Gháis Fhluairínithe.

# Cigireachtaí Comhshaoil

## Cigireachtaí agus iniúchtaí 2017

**Tábla 3.** Líon na gcigireachtaí a rinne an earnáil in 2017

| Gníomhaíocht | Líon na gcigireachtaí |
|---|---|
| Ceadúnais Thionsclaíoch agus Dhramhaíola | 1522 |
| Ceadúnais um Sceitheadh Fuíolluisce Uirbigh | 320 |
| Ionad Cóireála Uisce Óil | 57 |
| Ceadanna do Dhumpáil ar Farraige | 6 |
| Ceadanna CSO (VOC) | 7 |
| Faireachas Margaidh – Ceimiceáin | 25 |
| Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE) agus Cadhnraí | 234 |
| Substaintí a Ídíonn Ózón agus Gáis Fhluairínithe | 67 |

## Gearáin 2017

**Tábla 4.** Líon na ngearán a fuarthas in 2017 agus líon na saoráidí a bhí faoi réir na ngearán sin de réir earnála

| Gníomhaíocht | Líon na nGearán | Líon na saoráidí faoi réir na ngearán sin |
|---|---|---|
| Ceadúnais Thionsclaíoch agus Dhramhaíola | 1030 | 117 |
| Fuíolluisce | 65 | 40 |
| Uisce Óil | 15 | 13 |
| Substaintí a Ídíonn Ózón agus Gáis Fhluairínithe | 1 | 1 |
| **Líon iomlán na ngearán** | **1111** | |

## Forfheidhmiú ceadúnas tionsclaíoch agus ceadúnas dramhaíola

Ceann de na tosaíochtaí straitéiseacha atá ag an GCC ná a chuid iarrachtaí i dtaca le forfheidhmiú a dhíriú ar láithreáin agus ar fhadhbanna a bhfuil tábhacht ag baint leo. In 2017, rinneadh seo ar an mbealach seo a leanas:

- Liosta de na Láithreáin Tosaíochta Náisiúnta d'Fhorfheidhmiú a fhoilsiú agus díriú isteach ar iarrachtaí forfheidhmithe na GCC ag na láithreáin seo.
- Os cionn 1500 cuairt ar láithreáin a chur i gcrích, lena n-áirítear cigireachtaí ar láithreáin, cuairteanna monatóireachta agus freagra a thabhairt ar ghearáin maidir le núiseanna.
- 43% de na gearáin maidir le boladh a réiteach trí feabhsuithe a chur i bhfeidhm in infreastruchtúr agus cleachtais oibriúcháin ag láithreáin cheadúnaithe.
- 157 bhfiosrúchán comhlíonta maidir le fadhbanna suíomhoiriúnaithe a réiteach.
- 28 n-ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche a chur i gcrích agus 34 chás eile a fhormheas le haghaidh caingean dlí.
- Maoirseacht a dhéanamh ar choimisiniú Loisceoir an Phoill Bhig, arna fheidhmiú ag Waste-to-Energy Bhaile Átha Cliath Teo. Tá an láithreán lánfheidhmeach anois agus tá na torthaí monatóireachta i gcomhréir leis an gceadúnas.

## Cigireachtaí maidir le cosaint ar radaíocht

Déanann an GCC cuairteanna cigireachta um chosaint ar radaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeáin na cosanta radaíochta ar fud na n-earnálacha éagsúla agus ar leibhéal comhlíonta na gceadúnaithe le reachtaíocht náisiúnta agus le coinníollacha ceadúnais. Cuireann na cigireachtaí seo ar chumas an GCC measúnú a dhéanamh ar an gcultúr agus na caighdeáin cosanta ar radaíocht atá i bhfeidhm i ngach áit a gcoimeádtar agus a n-úsáidtear foinsí ianúcháin.

Tá roghnú na gceadúnaithe ar a ndéanfar cigireacht gach bliain bunaithe ar roinnt critéar, amhail an riosca raideolaíoch a bhaineann le gníomhaíochtaí na gceadúnaithe, an t-am atá caite ó rinneadh cigireacht orthu agus teagmhais ar bith a tuairiscíodh taobh laistigh dá n-earnáil oibriúcháin.

In 2017, rinneadh 121 chigireacht chosaint ar radaíocht, lena n-áirítear suirbhéanna slándála, le cúnamh Aonad Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána (Tábla 5). I measc an 121 chigireacht a rinneadh, bhí 47% neamhfhógartha. Ba é príomhthosaíocht an chláir ná na hearnálacha tionsclaíocha agus leighis.

Cé go raibh fianaise ann go raibh an leibhéal comhlíonta go maith, bhí ar GCC srian sealadach a chur ar cheadúnú fhorbairtí nua a raibh radaíocht ag baint leo i ndá shaoráid mhíochaine toisc go raibh amhras uirthi faoi na socruithe do chosaint ar radaíocht a bhí i bhfeidhm.

Tar éis eachtra inar chaill comhlacht ceadúnaithe smacht ar fhoinse radaíochta séalaithe ardghníomhaíochta le linn dó tástáil neamhloitbheartaí a dhéanamh, a raibh mar thoradh aige gur thit foinse neamhchumhdaithe amach as a coimeádán ar an talamh, cuireadh srianta ceadúnais i bhfeidhm chun cosc a chur ar úsáid an ghairis radagrafaigh ar leith seo in Éirinn. Ina theannta sin, cuireadh srianta ar cheadúnais chun cosc a chur ar dháileadh an ghairis radagrafaigh ar leith seo in Éirinn.

Léirigh an tarlú seo go soiléir fadhbanna le gnéithe sábháilteachta dílse an ghairis radagrafaigh, a chruthaigh imnithe faoi chúrsaí sábháilteachta nach bhféadfaí a shéanadh ón taobh cosanta ó radaíochta de, chomh maith le fadhbanna a bhain le hoiliúint fhoireann Tástála Neamhscriosaí (NDT) maidir le húsáid an ghairis radagrafaigh ar leith seo agus maidir le nósanna imeachta athshlánaithe foinsí do thimpistí nó tarluithe a mbeadh coinne réasúnta leo in úsáid ghnáthaimh an ghairis.

Cuireadh deireadh leis an gcosc tar éis don táirgeoir gnéithe sábháilteachta feabhsaithe nua a chur i bhfeidhm agus lámhleabhar treoracha athbhreithnithe a chur ar fáil agus, ar a bharr seo, chuir an comhlacht Tástála Neamhscriosaí riachtanais oiliúna nua i bhfeidhm d'fhoireann Tástála Neamhscriosaí.

I ndiaidh chuairt fhaireachtais i nDeireadh Fómhair, d'éirigh leis an GCC a creidiúnú a choinneáil maidir leis an gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 17020 um Mheasúnú Comhréireachta do chomhlachtaí a dhéanann cigireachtaí.


**Tábla 5.** Catagóirí ceadúnaithe cosanta radaíochta agus cuairteanna cigireachta ar buaileadh fúthu le linn 2016

| An earnáil ceadúnaithe | Líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích |
|---|---|
| Áiseanna ospidéil agus míochaine | 38 |
| Ceadúnaithe tionsclaíocha agus tráchtála (lena n-áirítear comhlachtaí iompar foinsí) | 50 |
| Oideachas agus taighde | 4 |
| Ceadúnaithe eile (lena n-áirítear fiaclóirí, tréidlianna, córais X-gha chaibinéid thionsclaíoch, dáileoirí aonaid X-ghathacha) | 29 |
| **Iomlán** | **121** |

## Rialú ar neamhchosaint aerchriú

Faoi I.R. Uimh. 125 de 2000, is gá do shealbhóir teastais um oibreoir aeir measúnú a dhéanamh ar dháileoga a fhaigheann aerchriúnna le cinntiú an bhfuil gá le bearta chun nochtadh do radaíocht chosmach a rialú agus na torthaí a thuairisciú don GCC. In 2017, léirigh an t-eolas a fuarthas ó sé oibreoir aeir ceadúnaithe go bhfuair 403 duine dáileoga os cionn 4 millisíveart (mSv), ach nach raibh dáileog ar bith os cionn na tairsí 6 mSv, thar a mbeidh oibleagáid ar oibreoirí aeir sceidil oibre aerchriúnna a eagrú ar mhaithe lena nochtadh do radaíocht chosmach a laghdú. Ó tosaíodh an mhonatóireacht ar aerchriúnna in 2003, tá méadú leanúnach bliantúil tagtha ar líon na mball d'aerchriúnna atá neamhchosanta ar dháileoga os cionn 1 mSv (Figiúr 1). Is féidir seo a lua le méadú ar líon na mball d'aerchriúnna atá de dhíth chun bealaí nua agus reatha a oibriú de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar thaisteal aeir.

**Figiúr 1.** Líon na n-aerchriúnna a fhaigheann dáileoga níos lú ná 1 millisíveart



## Ionchúisimh

Tá réimse uirlisí forfheidhmithe ar a thoil ag an GCC, idir eisiúint fógraí neamhchomhlíonta agus phróisis fhoirmiúla fhorfheidhmithe amhail ionchúiseamh. Tugtar ionchúiseamh nuair a dhéantar sárú suntasach nó go mion minic ar reachtaíocht chomhshaoil nó ar choinníollacha ceadúnaithe agus/nó nuair nárbh comhlíonadh feabhsaithe an toradh ar ghníomhartha forfheidhmithe.

I rith 2017, rinneadh 28 n-ionchúiseamh a chloisteáil sa Chúirt Dúiche, a raibh 22 ciontú mar thoradh orthu; i ndá chás rinneadh an t-ionchúiseamh a chaitheadh amach, tugadh an tAcht um Promhadh do thrí chás agus i gcás amháin díbhíodh an toghairm (Tábla 6).

Ionchúisigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Greyhound Recycling & Recovery i gCúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath mar thoradh ar comhad imscrúdaithe a chuir an GCC faoina bhráid.

Bhain an cás le haistriú neamhdhleathach dramhaíola chuig cúig láithreán i rith 2012, suíomhanna nach raibh an t-údarás acu dramhaíl a ghlacadh. Bhain cionta eile le teipeanna taifid dhramhaíola a choinneáil, eolas bréagach agus míthreorach a thabhairt don GCC agus stóráil dhramhaíola ag saoráid Greyhound i gCluain Dolcáin, Contae Bhaile Átha Cliath, ar neamhréir le coinníollacha ceadúnais. Agus í ag déanamh an fhiosrúcháin, fuair an GCC cúnamh ó oifigh as Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Contae Laoise. Leanann an GCC ar aghaidh ag obair le húdaráis fhorfheidhmithe eile chun a chinntiú go gcoinnítear iad siúd a sháraíonn an dlí comhshaoil cuntasach.

**Tábla 6.** Gníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí a rinneadh in 2017

| Gníomhaíocht forfheidhmithe dlí | Aschur |
|---|---|
| Ionchúisimh sa Chúirt Dúiche a fuair Éisteacht | 28 |
| Líon na gcásanna ar éist an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) leo | 1 |
| Fíneálacha a gearradh i gCúirt Dúiche | €99,500 |
| Costais a bronnadh i gCúirt Dúiche | €215,574 |
| Fíneálacha a gearradh i gCúirt Chuarda | €25,000 |
| Costais a bronnadh i gCúirt Chuarda | €50,000 |
| **Líon iomlán na bhfíneálacha agus na gcostas** | **€390,074** |
| Tabharthais charthanúla | €16,500 |

**Cuireann an GCC comhairle agus treoir ar fáil do thionscal agus don phobal faoi réimse leathan gníomhaíochtaí comhshaoil chun cloí leis an gcleachtas is fearr a chinntiú.**

## 2.3 TREOIR

### Suíomhanna tionsclaíocha agus dramhaíola ceadúnaithe

I rith 2017, d'fhoilsigh an GCC treoir, i bhfoirm shreabhchairteacha achoimrithe, faoin bpróiseas iarratais d'astaíochtaí tionsclaíocha, rialú comhtháite ar thruailliú agus ceadúnú dramhaíola, ag cur san áireamh na céimeanna éagsúla, na hachair ama agus na fógraí reachtúla. Ina theannta sin, foilsíodh treoracha chun cabhair a thabhairt d'aon duine a bheadh ag cur isteach iarratais ar cheadúnas ar líne.

Sa cheann is déanaí sa tsraith ar théama ginearálta na monatóireachta ar thruailliú aeir, d'fhoilsigh an GCC treoir (Nóta Treorach 3 a thugtar air de ghnáth) ar chur i bhfeidhm an Chaighdeáin Eorpaigh ag sonrú na coinníollacha maidir le bunú leibhéal dearbhaithe cáilíochta do chórais tomhais uathoibríocha in ionaid tionsclaíocha. Dearbhaíonn na córais seo comhábhair gháis mhúcháin agus paraiméadair gháis mhúcháin eile. D'athbhreithnigh agus d'athfhoilsigh an GCC freisin a Treoir um Monatóireacht ar Astaíochtaí san Aer (Nóta Treorach 2 a thugtar air de ghnáth), chomh maith le hinnéacs ar na modhanna tosaíochta atá dírithe ar cháilíocht ghinearálta na monatóireachta ar astaíochtaí cruaiche a fheabhsú.

Ina theannta sin, faoi théama ginearálta an aerthruaillithe, foilsíodh Nóta Comhairle ar Dhea-chleachtais maidir le Cothromaíocht Maise Thuaslagóirí agus Measúnaithe Astaíochtaí Éalaitheacha do shuíomhanna atá ceadúnaithe ag an GCC chun treoir ''dhea-chleachtais'' gonta a chur ar fáil le haghaidh cur i gcrích Phlean Bainistíochta Tuaslagóirí, a thugann cuntas d'ionchuir agus na haschuir thuaslagóirí d'aon ghníomhaíocht ar leith.

Thug an GCC comhairle do dhaoine a ba mhian leo ballaíocht chinntí GCC a agóid, faoi fhorálacha an Acht um Thruailliú Aeir, 1987, arna leasú, ag insint dóibh nach bhféadfadh siad agóid a dhéanamh ach ar mhodh athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

Chun cur leis an teoir faoi fhorálacha airgeadais do dhliteanais chomhshaoil a d'fhoilsigh an GCC in 2015, foilsíodh teimpléid agus cáipéisí ghaolmhara nuashonraithe in 2017 chun cabhrú le ceadúnaithe ar gá dóibh forálacha airgeadais a chur i bhfeidhm. Is tosaíocht í don GCC a chinntiú go ndéanann ceadúnaithe foráil airgeadais leordhóthanach chun na dliteanais chomhshaoil a bhaineann le heachtraí féideartha nó le dúnadh agus iarchúram láithreán a chumhdach.

Tugadh treoracha ar shonraí maidir le Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a thuairisciú suas chun dáta trí chód athshlánaithe nua a chur i bhfeidhm agus dramhaíl a coireáladh "ar láthair a ghiniúna" a thuairisciú.

### Dumpáil ar Farraige

Foilsíodh treoir in 2017 chun cabhrú le sealbhóirí ceadanna na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh do cheadanna Dhumpáil ar Farraige a bhainistiú agus chun próiseáil na n-iarratas ar athruithe a dhéanamh níos éifeachtúlaí. Cuireadh ar fáil teimpléad freisin chun cabhrú le sealbhóirí ceadanna sonraí maidir leis na substaintí ar fad a dhumpáladh ar farraige a thuairisciú, mar chuid dá dTuarascáil Chomhshaoil Bhliantúil, i gcomhréir le hoibleagáidí na hÉireann faoin gCoimisiún Osló-Páras (OSPAR).

### Orgánaigh ghéinmhodnaithe

Ullmhaíodh agus foilsíodh nóta treorach in 2017 chun cúnamh agus treoir a thabhairt d'úsáideoirí orgánach géinmhodnaithe (OGManna) ar mhian leo iarratas ar chomhthoiliú a dhéanamh don GCC maidir le scaoileadh amach d'aon ghnó OGM chun críocha eile seachas é a chur ar an margadh (m.sh. do thrialacha allamuigh agus cliniciúla). Rinneadh doiciméadú gaolmhar a fhoilsiú freisin ar Fhormáid Faisnéise Fhógraí Achoimrithe agus na nósanna imeachta chun faisnéis rúnda a chur isteach faoin reachtaíocht maidir le húsáid shrianta agus scaoileadh amach d'aon ghnó OGManna.

## Substaintí a ídíonn ózón agus gáis cheaptha teasa fhluairínithe

Forbraíodh leathanach gréasáin chun treoir a thabhairt maidir le hiompórtáil threalamh atá réamhluchtaithe le hidreacarbóin fhluairínithe – gáis fhluairínithe, arbh riachtanas é ón 1 Eanáir 2017.

D'fhoilsigh an GCC páipéar seasaimh ar dhul chun cinn Éire i dtreo deireadh a chur le húsáid hidreacarbón fluairínithe, bunaithe ar shonraí suirbhéanna a rinneadh in 2015.

Rinneadh na nótaí treorach seo a leanas a nuashonrú i rith 2017:

- Treoirbhileog maidir le Réamhfhógraí Bliantúla (2008);
- Úsáid Gháis Chuisneáin i gCíléir ar Fheirmeacha Déiríochta (2016);
- Cad a tharlaíonn i rith Iniúchtaí Láithreáin ar Chonarthóirí (2012);.

## Measúnú Comhshaoil

Lean an GCC ar aghaidh ag tabhairt a treoracha suas chun dáta chun cabhrú leis na húdaráis phleanála in ullmhúchán agus i gcur i bhfeidhm na Measúntachta Straitéisí Comhshaoil (MSC) ar phleananna/chláir/straitéisí in Éirinn, ar gá é a chur i bhfeidhm chun Treoir MSC (2001/42/EC) a chomhlíonadh. Chuimsigh sé seo treoir faoin bpróiseas scóipe MSC, comhtháthú thoscaí comhshaoil isteach i bpleananna agus tagairtí do phríomhreachtaíocht/phríomhthreoracha comhshaoil. Ina theannta sin, rinneadh nuashonrú ar an treoir faoi fhoinsí faisnéise spásúla agus faoi chur i bhfeidhm chóras faisnéise geografaí (GIS) mar uirlisí chun an bonn fianaise i measúnú comhshaoil a fheabhsú.

Foilsíodh dréacht-treoirlínte faoin fhaisnéis a bhí le cuimsiú sna Tuarascálacha Measúnachta Tionchair Timpeallachta (TMTT) chun comhlíonadh leis an Treoir MTT (2014/52/EU) a éascú. Foilsíodh na treoirlínte seo ar an 16 Bealtaine 2017, a leagadh síos mar spriocdháta sa Treoir do chur i bhfeidhm na rialacha nua. Scríobhadh na treoirlínte ag cur béime ar oibleagáidí forbróirí atá ag ullmhú TMTTanna don chineálach tionscadal éagsúil a chuimsítear sa Treoir. Is éard atá i gceist leo ná caighdeán a chur ar fáil do na páirtithe ar fad sa phróiseas MTT, lena n-áirítear na húdaráis inniúla agus an pobal go ginearálta, chun go mbeidh siad in ann a thomhas an bhfuil na TMTTanna oiriúnach don chuspóir. Ciallaíonn sé seo gur gá eolas cuí agus ábhartha a chur ar fáil chun go gcuirtear bonn eolais faoi chinntí ina thugtar nó ina dhiúltaítear toiliú.

Foilsíodh leagan nuashonraithe de nóta treorach GCC ar Mhapáil Torainn Stráitéiseach do na Rialacháin um Thorann Comhshaoil (2011) i nDeireadh Fómhair 2017, leagan a rinne athbhreithniú ar an mhodheolaíocht do mheasúnú nochta, bunaithe ar thorthaí mapála torainn.

## Cosaint raideolaíoch

Foilsíodh tuarascáil ar an gClár Cigireachta agus Forfheidhmithe a leag amach na príomhthorthaí ó chlár cigireachta GCC in 2016 ar áiseanna atá rialaithe faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch, 1991.

Foilsíodh treoir d'úsáideoirí chun iarratais ar cheadúnais radaíochta ianúcháin a chur i gcrích trí thairseach ar líne GCC. Tá sé i gceist go gcuirfí an nóta úsáideora seo leis na treoracha a foilsíodh roimhe seo agus déantar cur síos ann ar thaithí úsáideora ónar seoladh an córas in 2016.


Foilsíodh nó tugadh suas chun dáta roinnt threoirlínte faoi:

- iarratasóirí a bhí ag lorg ath-cheadaithe ón GCC le bheith páirteach i gClár an Chomhairleora um Chosaint ar Radaíocht do chleachtais Chatagóir I;
- iarratasóirí atá ag lorg ceadaithe ón GCC chun seirbhísí dáileogmhéadrachta a sholáthar in Éirinn – chun a chinntiú go bhfuil inniúlacht theicniúil ag seirbhís dháileogmhéadrachta agus gur féidir léi dáileoga radaíochta a mheas le méid réasúnta cinnteachta;
- comhlachtaí ar mian leo clárú leis an GCC mar sheirbhísí feabhsúcháin – chun cáilíocht agus saineolas a chur chun cinn i seirbhísí feabhsúcháin radóin; comhsheasmhacht agus cáilíocht i bhfeabhsúchán radóin a chinntiú; muinín an phobail sna hoibreacha a dhéantar mar chuid den phróiseas feabhsúcháin a fheabhsú; tacaíocht a thabhairt do thaighde ar ghás radóin faoi dhíon in Éirinn.

## Uisce óil agus fuíolluisce

I gcomhar le gníomhaireachtaí stáit, agus chun feasacht an phobail a ardú mar chuid de chaidreamh leis an bpobal faoi dhabhacha séarachais, d'fhoilsigh an GCC bileoga faisnéise don phobal:

- faoi chosaint agus chothabháil thoibreacha príobháideacha – chun a chinntiú go bhfuil uisce ó thoibreacha glan, neamhthruaillithe agus oiriúnach lena caitheamh
- faoi cheisteanna tábhachtacha nuair atá córas fuíolluisce á chur isteach (lena n-áirítear dabhach séarachais) le linn tógála tí nua;
- faoi cheisteanna tábhachtacha a bhaineann le teach nua le córas fuíolluisce (lena n-áirítear dabhach séarachais) a cheannach nó a dhíol;
- d'fheirmeoirí ar mhian leo sludach óna ndabhacha séarachais nó óna gcórais chóireála fuíolluisce féin a scaipeadh ar a dtailte talmhaíochta féin.



"Sonraí comhshaoil, measúnaithe agus fianaise d'ardchaighdeán, atá spriocdhírithe agus tráthúil a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht shaoránaigh, ghnólachtaí agus an Rialtais."

**Cuireann an GCC measúnú atá bunaithe ar fhianaise agus eolas tráthúil ar fáil do na páirtithe leasmhara go léir, le tacú le gníomhú chun an comhshaol a chosaint agus a bhainistiú.**

# 3. EOLAS

## 3.1 MONATÓIREACHT AGUS MEASÚNÚ

### Cáilíocht an aeir


Déanann an GCC monatóireacht ar cháilíocht an aeir i líonra láithreán ar fud na hÉireann (Figiúr 2) agus tuairiscíonn sé sonraí de réir cheanglais na Treoracha um Aer Glan don Eoraip agus de réir na 4ú Treorach Sonraí.

Foilsíodh Tuarascáil 2016 ar Cháilíocht an Aeir i Samhain 2017, inar soláthraíodh sonraí monatóireachta aeir ó 30 stáisiún sa Líonra Náisiúnta um Monatóireacht ar Cháilíocht Aeir Chomhthimpeallaigh. Tá cáilíocht aer na hÉireann go maith i gcoitinne, i gcomparáid le cáilíocht an aeir i mBallstáit eile an AE, agus is é is cúis leis seo go príomha ná an easpa cathracha móra sa tír, chomh maith leis an aimsir agus an rochtain atá againn ar aermhaiseanna aniar aneas atá glan ar an bhformhór. Tá dúshláin fós le sárú ag Éirinn, áfach, maidir le laghdú a bhaint amach ar leibhéil ábhair cháithnínigh ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$araon), ózóin agus Hidreacarbóin Il-timthriallacha Aramatacha (PAHanna) ionas go mbeidh na leibhéil sin faoi bhun na leibhéil a mholtar i dTreoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Cáilíocht Aeir.

Tátal eile a baineadh as an tuairisc gurb é dó breosla sholadaigh an phríomhbhagairt ar ardchaighdeáin aeir in Éirinn agus tá astaíochtaí ó sceithphíopaí feithicle sa dara áit. Cé go ndéantar monatóireacht ar chaighdeán aeir agus go bhfuil sé taobh istigh de theorainnluachanna an AE, beidh dúshláin ar Éirinn na caighdeán seo a choinneáil amach anseo. Anuas air sin, léiríonn torthaí monatóireachta nár chomhlíon an cháilíocht aeir i roinnt áiteanna luachanna treorach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) i dtaca le réimse truailleán, lena n-áirítear ábhar cáithníneach fíneálta atá mar bhagairt ar shláinte daoine. Is údar imní é an leibhéal ábhar cáithníneach fíneálta atá san aer, go háirithe le linn na míonna geimhridh nuair a bhíonn tionchar díreach ag rogha breosla na ndaoine ar chaighdeán aeir agus ar an tsláinte, baineann sé seo le bailte beaga ach go háirithe. Is é príomhfhoinse ábhair cháithnínigh fhíneálta ach dó breosla sholadaigh. Ina dteannta sin, tá an seans ann i gceantair uirbeacha go rachfar thar theorainnluachanna dé-ocsaíd nítrigine mura laghdaítear an bhraith atá ann ar charranna príobháideacha.

D'fhorbairt an GCC clár cúig bliana um mhonatóireacht fheabhsaithe ar cháilíocht aeir faoi Alt 65 den Acht GCC, 1992, arna leasú, chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Leis an gclár seo, leathnóidh an GCC an líonra reatha monatóireachta, le maoiniú a fuarthas ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, sa chaoi go soláthrófar eolas áitiúil níos cuimsithí i bhfíor-am don phobal. Aidhm eile a bheidh ag an gclár ná go gcuirfear béim níos láidre ar rannpháirtíocht phoiblí agus ar thionscnaimh eolaíochta do shaoránaigh. Cuirfear an clár i bhfeidhm i gcéimeanna idir 2017 agus 2022.

**Figiúr 2.** Láithreáin um Mhonatóireacht ar Chaighdeán an Aeir



## Cáilíocht an uisce

### An Chreat-Treoir Uisce

Is iad cuspóirí na Creat-Treorach Uisce (CTU) ná gach uisce ardstádais a chosaint, díghrádú breise na n-uiscí go léir a chosc agus uiscí dromchla agus screamhuiscí díghrádaithe a athchóiriú go dea-stádas. Tá roinnt tascanna sannta don GCC faoi Rialacháin (Beartas Uisce) na gComhphobal Eorpach, 2003, tascanna a thagann faoin gcatagóir "comhordú agus maoirseacht" de chlár monatóireachta CTU (Creat-treoir Uisce) na hÉireann. Chuir Rialacháin (Beartas Uisce) an AE 2014 leis an ról seo rud a chiallaigh go raibh ról comhordaithe níos leithne ag an GCC maidir leis na measúnuithe teicniúla agus eolaíochta a thacaíonn leis na gníomhartha nó leis an gclár beart a mbuailfear fúthu de réir an phlean seo.

Chun tacú le cur i bhfeidhm an róil fheabhsaithe seo, tá an GCC ag obair i gcomhar le húdaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile chun comhshaol uisce na hÉireann a thréithriú. Is ionann tréithriú agus an próiseas trína ndéantar measúnú ar thréithe fisiceacha dobharlach agus ar thionchair brúnna gníomhaíochtaí daonna chun leibhéal an riosca a bheadh ann ar dhobharlaigh mura mbaintear cuspóirí an CTU amach. Úsáidtear an t-eolas seo chun gníomhartha a dhíriú le díriú ar cheisteanna cáilíochta uisce i bhforbairt plean nua bainistíochta abhantraí a gcuirfear bailchríoch orthu go luath in 2018.

Forbraíodh na measúnuithe teicniúla agus na próisis a ghabhann leo le linn 2016, agus bhí tréithriú déanta ar gach ceann (583) de na fo-dhobharcheantair sa tír faoi dheireadh 2016. Cuireadh tréithriú tosaigh ag an leibhéal dobharcheantair (e.g. Life, Siúir) i gcrích ar na 46 uile in Éirinn sa bhliain 2017. Chuir an GCC i gcomhpháirt le hOifigí Uisce agus Pobail na nÚdarás Áitiúla sraith ceardlanna réigiúnacha ar fáil chun liosta tosaigh a aithint ar réimsí inarbh fhéidir gníomh a dhéanamh taobh istigh de shaolré an Phlean um Bhainistiú Abhantrach. Ghlac Coistí Uisce agus Comhshaoil Réigiúnacha leis an liosta seo, a gclúdaíonn 190 ceantar agus 700 dobharlach, agus ar threoraigh údaráis áitiúla, mar bhonn eolais maidir le cur i bhfeidhm pleanála. Beidh an obair seo ina bhonn eolais do dhréachtú Phlean Bhainistíochta Abhantraí, a dhéanfaidh an t-Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus a bhfuiltear ag súil lena fhoilsiú in 2018. D'oibrigh an GCC le Coistí Uisce agus Comhshaoil Réigiúnacha in 2017 chun Coistí Oibríochta Réigiúnacha a fhorbairt le tacú le seachadadh gníomhaíochta atá beartaithe go dtí deireadh 2021. Is féidir mionsonraí a bhaineann leis an obair seo ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a aimsiú ar an suíomh gréasáin (www.catchments.ie).

Bhí na tionscnaimh seo a leanas san áireamh sa tsampláil agus san anailís ar rinneadh ar cháilíocht cheimiceach an uisce in 2017:

- chun go bhféadfaí sampláil fhisiciceimiceach a dhéanamh ar uisce dromchla, rinneadh anailís ar 14,793 sampla ó aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta.
- tógadh trí bhabhta de shamplaí screamhuisce ó 272 tobar agus fuarán.

Go hachomair, rinne an GCC suirbhéanna éiceolaíocha sna háiteanna seo a leanas:

- 1118 láithreán abhann;
- 81 loch; agus
- 340 dobharlach idirchreasa agus cósta.

Tá tuilleadh eolais faoi na suirbhéanna éiceolaíocha agus faoin tsampláil uisce ar fáil i dTábla 7.

**Tábla 7.**: Measúnuithe / sampláil a rinneadh i láithreáin in 2017

| Aibhneacha | Líon | Lochanna | Líon | Uiscí Idirthréimhseacha & Cósta | Líon |
|---|---|---|---|---|---|
| Suirbhé inveirteabraigh | **1118** | Teocht /Próifílí O2 | **76** | Samplaí fisiciceimiceacha | **3120** |
| Suirbhé Ginearálta | **1118** | Traschriosanna macraifíte | **453** | Samplaí fíteaplanctóin | **400** |
| Suirbhé Macraifíte | **60** | Láithreáin Thraschriosanna Macraifíte | **4212** | Measúnuithe ar shuímh mhacralgaí cladaigh charraigigh | **10** |
| Suirbhé fítibeantós | **162** | Suirbhé inveirteabraigh | **36** | Measúnuithe gan choinne ar shuímh macralgaí | **16** |
| Suirbhé Hidreamoirfeolaíochta | **128** | Suirbhé fítibeantós | **71** | Measúnuithe ar láithreáin féir mhara idirthaoidigh | **11** |
| | | Suirbhé i dtaca le Córas um Measúnú ar Thionchar Mhoirfeolaíochta (MImAS) | **71** | | |

## An Clár Hidriméadrachta

Lean an GCC de mhonatóireacht a dhéanamh ar thionchar asbhaintí uisce dromchla ar shruthanna aibhneacha agus de shonraí hidriméadracha a chur ar fáil le tacú le hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta tuairiscithe, pleanáil agus bainistíocht acmhainní uisce, bainistíocht rioscaí tuilte, dearadh bonneagair agus réimse leathan gníomhaíochtaí eile.

Rinne an GCC 3145 measúnú in 2017 ar leibhéal/sreabhadh uisce dhromchla agus ar leibhéil screamhuisce ar fud na tíre. Bhí na measúnuithe seo dírithe go príomha ar líonra láithreán reatha GCC/na n-údarás áitiúil, ach ina theannta sin, chuimsigh siad tomhais sreafa spriocdhírithe, mar shampla, chun tacú le bunú sreafa de pheircintíl 95, a chuimseofar i gceadúnais um ionaid chóireála fuíolluisce. Oiriúnaítear líon na gcuairteanna a dhéantar ar láithreán ar riachtanais an láithreáin agus d'inathraitheacht nádúrtha an chainéal abhann. Rinneadh na sonraí a chur agus a phróiseáil i gcóras lárnach bogearraí, agus tá na sonraí seo ar fáil le híoslódáil trí leathanaigh ghréasáin HydroNet GCC (http://hydronet.epa.ie/introduction.htm).

Le linn 2017, rinne an GCC na rudaí seo a leanas freisin:

- chuireamar an t-athbhreithniú ar an gclár náisiúnta hidriméadrachta i gcrích, sna gníomhaireachtaí ar fad, chun tacú le ról GCC i gcláir amach anseo;
- cuireadh tús le huasghrádú na huirlise múnlaithe hidriméadrachta (Hydrotool) le tacú leis na measúnuithe a dhéanfar sa todhchaí ar asbhaintí sruth nádúrtha na n-uiscí;
- chuir an GCC meastacháin nuashonraithe ar fáil ar staidreamh srutha chun ríomh srutha asamhlaithe a éascú ar mhaithe le cur le cinntí ceadúnaithe.
- rinneadh scagthástáil ar shruth chomhshaoil (e-flow), déantar torthaí na tástála seo a achoimriú i bPlean Bhainistíochta Abhantraí an CTU

## Screamhuisce

Chríochnaigh an GCC nuashonrú stádas CTU screamhuisce agus chríochnaigh sí an obair ar tréithriú dobharlaigh screamhuisce le tacú le tréithriú CTU. Rinneadh monatóireacht ar cháilíocht screamhuisce i dtrí bhabhta samplála ag líonra screamhuisce an CTU (272 láithreán) in 2017. Úsáideadh sonraí cáilíochta agus cainníochtúla screamhuisce sna measúnuithe agus baineadh úsáid as stádais agus treochtaí an CTU don Tuarascáil ar Mhaolú Níotráití agus tuarascálacha eile chomh maith.


## Cáilíocht an Uisce Snámha

Rinne an GCC measúnú ar thorthaí shéasúr snámha 2017 agus beidh rochtain ag an bpobal ar na torthaí seo in 2018 i dteannta na tuarascála uisce snámha do 2017. Tá sonraí faoi mheasúnuithe ar cháilíocht an uisce do 2017 léirithe i bhFigiúr 3. Léirítear i bhFigiúr 4 na hathruithe a tharla bliain i ndiaidh bliana ó 2014 maidir le líon na n-uiscí snámha sna catagóirí cáilíochta éagsúla.


Rinneadh athbhreithniú ar phleananna bainistíochta chun feabhas a chur ar uiscí a raibh grádú "dona" tugtha dóibh in 2016 agus rinneadh plé leis na húdaráis chuí agus le hUisce Éireann maidir lena gcur i bhfeidhm. Eisíodh treoir don phobal i mí Iúil maidir le sainaithint uiscí snámha nua, mar aon le treoir do na húdaráis áitiúla faoi mheasúnú a dhéanamh ar a leithéid d'aighneachtaí, agus tá an t-eolas sin ar fáil ar shuíomh gréasáin GCC. Chuir an GCC an t-eolas agus na measúnuithe uisce snámha a bhí iarrtha ar fáil don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC).

Sheol an GCC a acmhainn gréasáin nua ar uisce snámha (www.beaches.ie) in 2017 ag an gComhdháil Náisiúnta Uisce i nGaillimh.

**Figiúr 3.** Cáilíocht an uisce snámha in 2017



**Figiúr 4.** Líon na n-uiscí snámha de réir catagóire cáilíochta uisce, 2014 go dtí 2017




## An Treoir um Thorann Timpeallachta

Tá an GCC ag comhordú tionscadal samhaltaithe chun torann ó mhórbhóithre agus ón iarann agus ó aerfoirt a mhapáil. Is riachtanas é an mhapáil agus an mhapáil torainn seo faoin Treoir um Thorann Timpeallachta agus déantar na mapaí a uasdátú gach 5 bliana. Chuir na húdaráis áitiúla agus na gníomhaireachtaí a théann i ngleic le mapáil thorainn (e.g. Bonneagar Iompair Éireann, Iarnród Éireann, Aerfort Bhaile Átha Cliath) an obair mhapála seo i gcrích le linn 2017. Bhí ról lárnach ag Bonneagar Iompair Éireann sa tionscadal seo agus rinne siad an mhapáil agus an mhapáil torainn ar mhórbhóithre ar son na n-údarás áitiúil.

Tá an GCC ag cur na mapaí ar chomhrianú thorainn straitéisigh a cuireadh le chéile i gcrích. Foilseoidh an GCC na mapaí seo ar a shuíomh gréasáin in 2018. Is truailleán suntasach é an torann agus tuairiscítear níos mó nasc idir truailleán torainn agus an dochar a dhéanann sé ar an tsláinte. Úsáidfidh na húdaráis áitiúla na mapaí torainn seo chun Pleananna Gníomhaíochta maidir le Torann a fhorbairt. Beidh na mapaí seo ar oscailt le haghaidh comhairliúcháin in 2018 agus ba chóir go mbeidh níos mó sonraí ar fáil ó gach údarás áitiúil.

Is cloch mhíle í agus muid ag iarraidh timpeallacht níos ciúine a bhaint amach go gcuirfear cuspóir ar thorann leis an gCreat Pleanála Náisiúnta. Luaitear sa chuspóir na bearta arbh fhéidir a chur i bhfeidhm chun torann a bheadh tionchar dearfach aige ar shláinte agus ar chaighdeán maireachtála daoine a sheachaint, a mhaolú agus a laghdú, nó chun bainistíocht onnghníomhach a dhéanamh air trí mhapáil thorainn straitéisigh, Pleananna Gníomhaíochta maidir le Torann agus cúinsí pleanála cuí a fhorbairt.

## Seirbhísí saotharlainne don chomhshaol

Cuireann seirbhísí saotharlainne GCC an cumas anailíseach ar fáil le tacú le cur i bhfeidhm na gclár náisiúnta monatóireachta agus le príomhróil GCC ar cheadúnú agus forfheidhmiú .

Déanann na saotharlanna atá suite i gCill Chainnigh, Muineachán, Caisleán an Bharraigh agus Baile Átha Cliath an anailís ar shamplaí ó aibhneacha, lochanna, screamhuiscí agus uiscí idirchreasa faoi fhaire an CTU agus cláir mhonatóireachta oibríochtúla eile. Déanann na saotharlanna seirbhísí monatóireachta agus anailíseacha a chur ar fáil chomh maith ag áiseanna ceadúnaithe agus déanann siad an iniúchóireacht ar cheadúnais sceite fuíolluisce agus ar áiseanna éineola ceadúnaithe.


Lean foireann an údaráis áitiúil ar aghaidh leis an tsampláil ar aibhneacha agus lochanna in 2017 agus cuireadh níos mó ná 95% de na samplaí seo ar fáil do shaotharlanna GCC ar son anailíse. Déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath anailís fós ar an 5% (tuairim is 5%) eile. Cuirtear na torthaí seo ar fáil d’údaráis áitiúla agus úsáideann an GCC iad chomh maith do chúiseanna measúnaithe CTU.

I ndiaidh chuairt faireachais i nDeireadh Fómhair 2017, bhain saotharlanna uisce agus aeir GCC creidiúnú aonair il-láithreáin faoi ISO 17025 amach arís, baineadh an creidiúnú seo amach den chéad uair in 2014. Tosaíodh ar obair i rith na bliana chun an creidiúnú seo a bhaint amach ar sheirbhísí monatóireachta agus tomhais radaíochta GCC trína gcur faoi scóip an chreidiúnaithe aonair il-láithreáin seo.

Anuas air sin, le linn 2017, rinne na saotharlanna uisce anailís ar iomlán 17,225 sampla faoi choinne réimse anailísí fisiciceimiceacha – chomh maith anailís níos casta ar líon suntasach samplaí eile – mar chuid de chláir mhonatóireachta an CTU agus de mhonatóireacht tacaíochta d'fhorfheidhmiú an CTU. Tá briseadh síos ar uimhreacha na samplacha ar fáil i bhFigiúr 5.



**Figiúr 5.** Líon na samplaí a rinne saotharlanna uisce GCC anailís orthu in 2017




## Monatóireacht ar radaíocht

### Seirbhís tomhaiste radóin

Tá seirbhís tráchtála um thástáil radóin i bhfeidhm ag an GCC chun tacú le teaghlaigh agus le fostóirí. Rinneadh tástáil ar thart ar 63,000 teach ónar bunaíodh í go luath sna 1990idí. Bhí an bunachar sonraí seo tábhachtach léargas tábhachtach scála na faidhbe a mheas agus tugtar léargas suntasach ar fáil ar na leibhéil radóin i dtithe ar fud na hÉireann. Tuairiscítear na sonraí seo de réir contae ar acmhainn thiomanta ghréasáin GCC: www.radon.ie.

In 2017, rinne an GCC radón a thomhas in 1315 teach príobháideach. Ina measc seo, bhí leibhéil radóin os cionn an leibhéil ag a moltar beart feabhsúcháin in 183 acu (Leibhéal Tagartha Náisiúnta 200 Bq/m$^3$). Is é an t-uasmhéid a tomhaiseadh 6240 Bq/m$^3$ i dteach i gContae Chill Mhantáin, aithníodh an fhadhb seo mar thoradh ar an bhfeachtas feasachta a rinneadh sa chontae i Samhain 2016. Tugtar achoimre i dTábla 8 thíos ar thorthaí an tomhais radóin a cuireadh i gcrích faoi Nollaig 2017.

**Tábla 8.** Dáileadh na dtorthaí maidir le tomhas radóin de réir contae ó thús na 1990í go dtí Nollaig 2017

| Contae | Líon na dtithe a tomhaiseadh | Líon na dtithe de réir catagóire tiúchana radóin | | | Tiúchan is airde radóin a fuarthas (Bq/m³) |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **0-199 (Bq/m³)** | **200-799 (Bq/m³)** | **> 800 (Bq/m³)** | |
| Ceatharlach | 1,335 | 1,078 | 244 | 13 | 2,278 |
| An Cabhán | 500 | 483 | 16 | 1 | 937 |
| An Clár | 4,552 | 3,964 | 487 | 101 | 3,541 |
| Corcaigh | 6,353 | 5,554 | 740 | 59 | 4,516 |
| Dún na nGall | 1,757 | 1,666 | 89 | 2 | 3,402 |
| Baile Átha Cliath | 4,428 | 4,177 | 247 | 4 | 1,410 |
| Gaillimh | 8,585 | 6,761 | 1,587 | 237 | 5,194 |
| Ciarraí | 4,507 | 3,749 | 611 | 147 | 49,000 |
| Cill Dara | 1,550 | 1,483 | 64 | 3 | 1,114 |
| Cill Chainnigh | 1,803 | 1,564 | 222 | 17 | 2,444 |
| Laois | 650 | 625 | 25 | 0 | 565 |
| Liatroim | 455 | 423 | 31 | 1 | 1,630 |
| Luimneach | 1,603 | 1,486 | 112 | 5 | 1,857 |
| An Longfort | 350 | 308 | 41 | 1 | 876 |
| Lú | 1,376 | 1,236 | 137 | 3 | 1,907 |
| Maigh Eo | 4,998 | 4,122 | 801 | 75 | 6,203 |
| An Mhí | 1,212 | 1,123 | 87 | 2 | 932 |
| Muineachán | 367 | 347 | 20 | 0 | 794 |
| Uíbh Fhailí | 851 | 832 | 19 | 0 | 771 |
| Ros Comáin | 812 | 721 | 87 | 4 | 1,400 |
| Sligeach | 2,654 | 1,991 | 552 | 111 | 5,619 |
| Tiobraid Árann | 2,872 | 2,527 | 318 | 27 | 3,364 |
| Port Láirge | 2,787 | 2,233 | 482 | 72 | 9,714 |
| An Iarmhí | 914 | 834 | 79 | 1 | 1,066 |
| Loch Garman | 2,757 | 2,324 | 392 | 41 | 4,049 |
| Cill Mhantáin | 2,598 | 2,176 | 388 | 34 | 16,438 |
| **Iomlán** | **62,626** | **53,787** | **7,878** | **961** | |

## Seirbhís Chalabrúcháin Uirlisí

Tacaíonn Seirbhís Chalabrúcháin Uirlisí GCC le monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil radaíochta agus ar shábháilteacht radaíochta san ionad oibre trí sheirbhís chreidiúnaithe chalabrúcháin a chur ar fáil le haghaidh réimse uirlisí um chosaint ar radaíocht, lena n-áirítear méadair shuirbhéireachta, méadair éillithe agus dáileogmhéadair leictreonacha phearsanta.

Cuireadh an tseirbhís ar ceall ar feadh 7 mí in 2017 mar gheall ar easpa foirne ach réitíodh an fhadhb sin ní ba dhéanaí sa bhliain. Mar sin, bhí laghdú ar líon na n-uirlisí a calabraíodh in 2017 (191) i gcomparáid leis na blianta roimhe sin (ba é an meán a calabraíodh idir 2012 agus 2016 505). Le linn an ama seo rinneadh athbhreithniú inmheánach ar an gcás gnó a bhaineann le leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís seo, agus ba é conclúid an athbhreithnithe sin ach gur cóir an tseirbhís a choinneáil ach gur chóir na nósanna imeachta a dhéanamh níos éifeachtaí.



Gléas ionradaithe GCC á úsáid chun méadar suirbhé radóin a chalabrú.

## Seirbhísí ranailíseacha

Tomhaiseann an GCC radaighníomhaíocht i réimse leathan bia-ábhar agus samplaí comhshaoil. Déantar an obair seo le tacú le clár monatóireachta GCC ar radaighníomhaíocht chomhshaoil agus ar bhonn conartha thar ceann cliant seachtrach. I measc na seirbhísí anailíseacha ar conradh a cuireadh ar fáil le linn 2017 bhí tástáil ar tháirgí Éireannacha chun le fáil amach an gcomhlíonann siad le ceanglais na dtíortha atá á n-iompórtáil, tástáil uisce óil le fáil amach an gcomhlíonann sí le ceanglais Rialacháin na gComhphobal Eorpach, tástáil thástálacha cuimilte le haghaidh foinsí raideolaíocha, tástáil shamplaí dreidireachta le fáil amach an gcomhlíonann siad le ceanglais an Achta um Dhumpáil san Fharraige, 1996, arna leasú, agus tomhas radóin in uisce óil. Tástáladh 1079 sampla san iomlán in 2017.

Chuimsigh clár monatóireachta radaíochta GCC in 2017 sampláil agus tástáil radaighníomhaíochta ar aer, uisce óil, uisce farraige, feamainn, dríodar, éisc, sliogéisc agus ábhair bhia eile, chomh maith le tomhas leanúnach ar ráta an dáileog gáma chomhthimpeallaigh i stáisiúin seasta mhonatóireachta ar fud na tíre. Cuireadh tús le clár náisiúnta ar fhaireachán radaighníomhaíochta in uisce óil sa bhliain 2017. Léirigh torthaí an chláir mhonatóireachta seo cé gur féidir na leibhéil radaighníomhaíochta saora i gcomhshaol na hÉireann a bhrath go fóill, tá siad íseal agus ní baol suntasach iad do shláinte an duine.

Cuireann an GCC seirbhís deimhniúcháin ar fáil d'onnmhaireoirí táirgí bia agus táirgí eile Éireannacha. Ba é an líon teastas táirge a eisíodh in 2017 ná 3582.


## An Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta

Oibríonn an GCC an Líonra Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta i gcomhar le Met Éireann, roinnt údarás áitiúil agus na Fórsaí Cosanta. Déanann an líonra seo tomhas ar ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh agus radaighníomhaíocht san aer agus déanann sé cur ar fáil le haghaidh bailiú samplaí uisce báistí. Tomhaiseadh ráta na dáileoige gáma chomhthimpeallaigh ag 15 stáisiún agus tomhaiseadh an radaighníomhaíocht san aer ag 12 stáisiún in 2017. Níor tugadh leibhéil radaighníomhaíochta as an ngnách faoi deara in 2017.

## An Clár Náisiúnta Dáileog

Caithfidh seirbhísí dáileogmhéadrachta atá ag cur seirbhís ar fáil in Éirinn de réir I.R. Uimh. 125 de 2000 arna leasú ag I.R. Uimh. 152 de 2012 a bheith faofa ag an GCC. Faoi láthair, tá cúig sheirbhís dáileogmhéadrachta fhaofa ann, a thomhaiseann na dáileoga radóin a bhfuil oibrithe agus mic léinn in Éirinn gan chosaint orthu. Gach bliain, ní mór dóibh na tomhais ar fad i dtaca le dáileoga radaíochta a chur faoi bhráid an Chláir Náisiúnta Dáileog (NDR) a gcoimeádann an GCC é. In 2017, tugadh sonraí dáileogmhéadrachta a tuairiscíodh in 2016 ar tuairim is 10,100 oibrí in Éirinn don Chlár Náisiúnta Dáileog. Bhí líon na n-oibrithe a rinneadh monatóireacht in 2016 beagán níos airde ná an líon iomlán rinneadh monatóireacht orthu an bhliain roimhe sin 9500. I bhFigiúr 6, leagtar amach miondealú ar líon na n-oibrithe a ndearnadh monatóireacht orthu i dtaca le neamhchosaint ar radaíocht san obair. Fuair níos lú na 4% d'oibrithe dáileoga radaíochta a bhí os cionn an íosleibhéal tuairiscithe de 0.1 mSv.

**Figiúr 6.** Líon na n-oibrithe de réir earnála a ndearnadh monatóireacht orthu i dtaca le neamhchosaint ar radaíocht san obair in Éirinn in 2016






**Tá bainistíocht éifeachtach an chomhshaoil á stiúradh ag an eolaíocht go méadaitheach. Tá an GCC ag cruthú an eolais agus an tsaineolais le brúnna a aithint, cur le beartas agus réitigh ar dhúshláin chomhshaoil a fhorbairt trína chlár taighde.**

## 3.2 TAIGHDE

### Taighde Comhshaoil

Tá freagracht reachtúil ar an GCC maidir le comhordú ar thaighde comhshaoil in Éirinn. Cabhraíonn an taighde seo, a rinneadh go príomha in institiúidí Éireannacha, go mór le hÉirinn le déileáil lena cuid dualgas idirnáisiúnta ag leibhéil an AE agus na Náisiúin Aontaithe (NA), agus iad a chomhlíonadh - ó athrú aeráide go cáilíocht uisce, cáilíocht aeir, inbhuanaitheacht, slándáil agus an timpeallacht agus bithéagsúlacht.

Cuireann taighde ar an gcomhshaol atá maoinithe ag an GCC tacaíocht eolaíochta riachtanach ar fáil d'fhorbairt beartais chomhshaoil agus lena chur i bhfeidhm agus le déanamh cinntí níos leithne chomh maith. Mhaoin an GCC taighde a chuir lenár dtuiscint náisiúnta ar an gcomhshaol, na dúshláin a bhíonn air agus freagraí ar na dúshláin sin ó 1994. Tá toilleadh taighde ar ardchaighdeán forbartha aici chomh maith, agus thacaigh sí le nuálaíocht a bhfuil meas air go hidirnáisiúnta. Cuireann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) an chuid is mó den mhaoiniú ar fáil don chlár taighde a bhainistíonn an GCC.

In 2017, gheall an GCC €11.2 milliún chun tionscadail thaighde nua a mhaoiniú mar chuid de dhá Ghlao Taighde iomaíocha. Éiríodh cómhaoinithe a fháil do Ghlaonna Taighde GCC 2017 ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (UFIÉ), Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), Foras na Mara, Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), Met Éireann, Iarnród Éireann, Bonneagar Iompair Éireann (BEI) agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (UABÁC). Rachaidh na tionscadail taighde maoinithe i ngleic le réimse leathan topaicí, lena n-áirítear:

- athrú aeráide;
- truailliú uisce agus aeir
- éilleáin nua atá ag teacht chun cinn;
- frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh;
- naisc idir sláinte agus ár gcomhshaol maidir le caighdeán aeir, torann, boladh agus aeráid;
- inbhuanaitheacht agus aistriú chuig eacnamaíocht agus sochaí a úsáideann níos lú carbóin agus acmhainní eile i mbealaí atá níos éifeachtaí; agus
- cur i bhfeidhm na Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn;

Ba é €650,000 an dámhachtain ba mhó a bronnadh d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar son tionscadail ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh.

Bronnadh dámhachtainí do 32 tionscadal nua san iomlán faoi Ghlaonna Taighde GCC 2017: ocht gceann sa réimse a bhaineann le huisce, ocht gceann don aeráid agus 16 don inbhuanaitheacht. Anuas air sin, bronnadh dámhachtain do thrí thionscadal faoi Scéim Fiontraíochta Glaise GCC 2017.

Anuas air sin, i rith 2017 bhronn an GCC dámhachtain ar an taighde nua seo a leanas:

- trí PhD nua faoin Scéim Scoláireachta CuT-GCC leis an Chomhairle um Thaighde;
- comhaoiniú dhá thionscadal Clár Imscrúdaitheora SFI-GCC;
- comhaoiniú dhá dhámhachtain Fulbright–GCC;
- comhaoiniú cúig thionscadal tras-náisiúnta faoi Ghlaonna don Tionscnamh Cláir Nasctha maidir leis an Aeráid agus an Uisce (JPI).

Tá níos mó sonraí ar fáil ag http://www.epa.ie/researchandeducation/research/epafunding/researchawards/.

Rinneadh an GCC 232 tionscadal taighde reatha a bhainistiú in 2017 mar aon le 32 deontas ní ba bheaga (i.e. Mhionstaidir, Deontais le Tacú le Taisteal Taighdeoirí agus Tacaíocht d'Imeachtaí).

D'fhoilsigh an GCC 38 tuarascáil nua in 2017 (Aguisín 6.3). Is féidir tuarascálacha foilsithe uile GCC a fheiceáil agus a íoslódáil ar láithreán gréasáin GCC: http://www.epa.ie/researchandeducation/research/researchpublications/researchreports/.

Is iad na láithreáin gréasáin, na meáin shóisialta agus an nuachtlitir na príomhmhodhanna atá ann le taighde agus sonraí scrúdaithe na nglaonna taighde agus tionscadail reatha a scaipeadh.




Cuireadh feabhas mór le SmartSimple (Córas chun Iarratas a Dhéanamh ar son Deontais ar Líne agus Córas Bainistíocht Tionscadal GCC). Léirítear an feachtas náisiúnta ar ionracais thaighde agus ar thionchar na taighde agus comhionannas inscne sna hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar fhoirm iarratais taighde agus ar rialacháin maoinithe GCC. Áirítear sna hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar rialacháin mhaoinithe, mar shampla, athruithe ar incháilitheacht ar son saoire máithreachais/atharthachta/uchtála chun comhionannas inscne a chur chun cinn i ngairmeacha taighde. Anuas air sin, i gcomhlíne le gníomhaireachtaí maoinithe eile (cuir i gcás an Bord Taighde Sláinte, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann), beidh sé de dhíth ó institiúidí ardoideachais an cháilíocht Athena SWAN is lú maidir le comhionannas a bhaint amach faoi dheireadh 2019 le bheith incháilithe le cur isteach ar mhaoiniú a leithdháileann an GCC. Faoi dheireadh 2023, beidh sé de dhíth ó na hinstitiúidí cáilíocht idirmheánach (airgead) a bhaint amach le bheith cáilithe do mhaoiniú taighde iomaíoch. I measc an obair eile a rinneadh ar chumarsáid bhí bunú cuntas ReasearchGate agus LinkedIn don chlár taighde, cuir i láthair ag institiúidí tríú leibhéal agus cuireadh an nuacht ba dhéanaí suas ar Twitter.

Is clár fairsing é an clár taighde comhshaoil agus léirítear suimeanna roinnt comhlachtaí poiblí ann. Chothaigh an GCC naisc gairide le ranna an rialtais agus le comhlachtaí poiblí maidir leis an gclár seo. Comhoibríodh go gníomhach leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC) mar príomhroinn do mhaoiniú ar son taighde ar an gcomhshaol.

## Comhordú taighde agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha

Riarann an GCC trí Ghrúpa Comhordaithe Taighde (GCT) chun taighde ar an gcomhshaol a threorú agus le cur chuige, clúdaítear trí thopaic sna grúpaí seo uisce, aeráid agus inbhuanaitheacht. Tá níos mó ball sna grúpaí seo agus chas siad le chéile roinnt uair le linn 2017. Cuireadh an obair i gcrích ar leanúnacht a fheabhsú i measc na trí ghrúpa agus rinneadh an obair a dhéanann siad a athdhíriú ar chomhordú taighde náisiúnta comhshaoil.

Bíonn na grúpaí comhordaithe seo tábhachtach ar leibhéal náisiúnta. Mar shampla, an Plean Maolaithe Náisiúnta, a foilsíodh in Iúil 2017, agus pointe gníomhach ann maidir leis an obair a dhéanann an Grúpa Comhordaithe ar son Taighde ar an Aeráid agus ní mór don ghrúpa seo an pointe sin a bhaint amach anois. Tá sé de dhíth ón ngrúpa tuarascáil bhliantúil a scríobh ar a ghníomhachtaí agus measúnú agus sintéis a chur ar fáil ar phríomhthórthaí an chláir taighde agus ar ghníomhachtaí taighde níos leithne gach 5 bliana.

Tháinig an GCC agus an FSS le chéile chun tacaíocht a thabhairt le forbairt cláir oibre náisiúnta do thaighde lena n-áirítear an comhshaol agus sláinte. Tosaíodh ar an obair in 2017 chun machnamh a dhéanamh ar thaighde

comhshaoil agus sláinte mar chuid d'Anailís ar Bhearnaí agus Gníomhaíocht chun Tosaíochtaí a Leagan de chuid GCC agus an FSS. Beidh an beart seo mar bhonn eolais agus cuideoidh sé le treoir taighde ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte in Éirinn.

Oibríonn an GCC leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ar thionscadail thaighde chomh maith. Tá an Clár Taighde idir an GCC agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) ar an bhfód le dhá bhliain anuas. Tá cúig thionscadal fós i mbun. Sa bhliain 2017, d'aontaigh an GCC le maoiniú a thabhairt do dhá thionscadal breise taobh istigh de Chlár GCC-ITES:

- An luach eacnamaíoch a bhaineann le spásanna glasa agus gorma i gceantair uirbeacha na hÉireann a mheas ag baint úsáid as modhanna cúlaithe an ionchuir.
- Measúnú a dhéanamh ar na buntáistí don tsláinte a bhaineann le spásanna gorma agus glas ag baint úsáid as a rogha suirbhé turgnaimh (comh-mhaonaithe leis an FSS).

## Naisc náisiúnta

Bhí ról gníomhach ag Taighde GCC i ngníomhaíochtaí náisiúnta maidir le Nuálaíocht 2020. Is é seo straitéis 5 bliana na hÉireann ar thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht. Leagtar amach i Nuálaíocht 2020 plean oibre don dul chun cinn leanúnach ionas go mbeidh Éire ina Ceannaire Nuálaíochta Domhanda, ag cur eacnamaíocht inbhuanaithe agus sochaí níos fearr chun cinn. Foilsíodh an dara tuarascáil taighde do Nuálaíocht 2020 in 2017. Bhí gníomhaíochtaí ó Chlár Taighde GCC mar chuid den tuarascáil.

Cuirfidh an GCC maoiniú ar fáil do thionscadal píolótach 3 bliana chun oiliúint ar ionracais thaighde a chur ar fáil do na heagraíochtaí is mó a dhéanann taighde. Tá an GCC gníomhach in "Refresh exercise of the Research Prioritisation" chomh maith.

Ghlac an GCC páirt ghníomhach ar an gCoiste Comhairleach Idir-rannach um Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh, a raibh an Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara mar chomhchathaoirligh air chomh maith agus a chuir go mór le forbairt chéad Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh. Seoladh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta leis na chomh-chathaoirligh ar an 25 Deireadh Fómhair 2017.

## Naisc idirnáisiúnta

### Horizon 2020

Lean an GCC ag tacú le taighdeoirí agus iad ag ullmhú tograí faoin gClár Oibre 2016 ar Dúshláin don tSochaí 5 de chuid 'Horizon 2020'. Sa bhliain 2017, d'éirigh le taighdeoirí Éireannacha thart ar €4 milliún a fháil mar mhaoiniú faoin gClár Oibre 2017 ar Dúshláin don tSochaí 5 de chuid 'Horizon 2020'. Is ionann €13.4 milliún agus an maoiniú EC iomlán a fuair taighdeoirí Éireannacha ón 2014.

Foilsíodh an Clár Oibre 2018-2020 ar Dúshláin don tSochaí 5 de chuid 'Horizon 2020' (Horizon 2020 SC5 WP – http://www.horizon2020.ie/) i Samhain 2017. Osclaíodh an Glao don Chlár Oibre 2018 ar Dúshláin don tSochaí 5 de chuid 'Horizon 2020' ar an 7 Samhain 2017 agus is é an 27 Feabhra 2018 an spriocdháta atá leis. Thacaigh an GCC le seónna bóthair chun an clár seo a scaipeadh agus bhí na seónna sin ar siúl idir Meán Fómhair agus Nollaig 2017.

### BiodivERsA

Is lánchomhalta é an GCC de BiodivERsA anois, is éard is BiodivERsA ann ach líonra eagraíochtaí mionaithe náisiúnta agus réigiúnacha a chuireann taighde tras-Eorpach ar bhithéagsúlacht, sheirbhísí éiceachórais agus réitithe nádúr-bhunaithe agus a chuireann nuálach ar fáil ar chaomhnú agus ar bhainistiú inbhuanaithe bithéagsúlachta (http://www.biodiversa.org/).

Ghlac an GCC páirt i dtogra '2017 Horizon 2020 ERAnet COFUND', a cuireadh isteach in éineacht leis an bhFóram Belmont (http://www.belmontforum.org/about/) agus an líonra BiodivERsA. Thug an GCC le fios go bhfuiltear tiomanta €0.5 milliún a chur ar fáil mar mhaoiniú (áirítear leis seo comh-mhaoiniú ar bhonn 50:50 le Foras na Mara) sa Chomh-Ghlao bainteach 2017, a osclaíodh i nDeireadh Fómhair 2017, ar chásanna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le seirbhísí éiceachórais.

## Tionscnaimh Chomh-chláirithe

Is é is aidhm leis na tionscnaimh chomh-chláirithe (TCC) ach comhoibriú idir cláir thaighde náisiúnta san Eoraip a mhéadú le dul i ngleic leis na príomhdúshláin sochaíocha i mbealach atá níos éifeachtúla agus níos éifeachtacha. Tá an GCC páirteach in dhá TCC ag leibhéal rialála agus ag leibhéal an choiste chomhairligh.

Is éard atá i gceist maidir le cur i bhfeidhm TCC clár oibre taighde náisiúnta/réigiúnacha a chomhoiriúnú agus chomh-ghníomhaíochtaí a fhorbairt mar fhreagra ar na dúshláin shochaíocha a aithnítear agus tógraí taighde trasnáisiúnta nua a chomh-mhaoiniú.

### An Tionscnamh Clársceidealaithe Chomhpháirtigh um Uisce

Lean an GCC ar aghaidh ag tacú leis an TCC ar Uisce (http://www.waterjpi.eu/) mar pháirtí sna tionscadail tacaíochta bainteacha atá maoinithe ag an EC: WaterWorks2014, WaterWorks2015 agus IC4Water. Osclaíodh an Chomh-Ghlao Uisce 2017 i nDeireadh Fómhair 2017.

Bhí an GCC páirteach i gcruinnithe rialála mar aon le ceardlanna ar na tionscadail thacaíochta atá maoinithe ag an EC. D'ullmhaigh agus sheol an GCC Plean Cur i bhFeidhm an TCC um Uisce 2017-2019 agus eagraíodh neart cruinnithe/ ceardlanna bunaithe ar an gclár i mBaile Átha Cliath.

Bhí an-rath ar dhá thionscadal le páirtithe Éireannacha sa Chomh-Ghlao 2016 ar na TCC a bhaineann le hUisce agus Talmhaíocht, Slándáil Bia agus Athrú Aeráide (FACCE), agus ceann amháin díobh maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Bhí an GCC ina pháirtí ar an togra 'Horizon 2020 SC5 ERAnet COFUND' a cuireadh isteach chuig an EC i Márta 2017 (WaterWorks2017).

### An Tionscnamh Clársceidealaithe Chomhpháirtigh um Aeráid

Lean an GCC ar aghaidh leis an obair a dhéanann sé mar chuid de Horizon 2020 atá tacaithe ag an gCuibhreannas TCC Glao Aeráide "European Research Area for Climate Services", a dtugtar ERA4CS air (http://www.jpi-climate.eu/ERA4CS). Tá eolaí sinsearach de chuid GCC mar chathaoirleach ar an TCC Aeráide. Dearadh an togra le cur le forbairt seirbhísí aeráide éifeachtacha in Eoraip ag tacú le taighde ar son uirlisí, modhanna agus caighdeáin níos fearr a fhorbairt ar conas a dtáirgtear, a aistrítear, a úsáidtear agus a thugtar faisnéis aeráide iontaofa le fios le dul i ngleic le hinathraitheacht aeráide faoi láthair agus sa todhchaí. Bronnadh dámhachtana ar thrí ghrúpa taighdeoirí Éireannacha ó Chomh-ghlao TCC Aeráid ERA4CS 2017.


D'éirigh le trí ghrúpa a raibh páirtithe Éireannacha acu sa Chomh-ghlao TCC Aeráid 2016.

Bhí an GCC páirteach in dhá thionscadal Horizon 2020 SC5 faoi chár oibre 2017 le tacú leis an TCC Aeráide. Cuireann na tionscadail seo aistriú faisnéise agus nascadh tionscadal taighde chun cinn:

- AXIS: 'ERA-NET Consortium AXIS' (Measúnú ar Chros (X) - tionchair aeráide earnálacha agus bealaí chuig Athrú inbhuanaithe (http://www.jpi-climate.eu/AXIS).
- SINCERE: Taighde ar Chomhoibriú Idirnáisiúnta maidir le hathrú aeráide a neartú (http://www.jpi-climate.eu/sincere).

### 5 Ghníomhaireacht ShARE

Lean an GCC ar aghaidh ag tacú le clár taighde Gníomhaireachtaí ShARE 5 leis na cúig ghníomhaireacht comhshaoil sa RA. Tá an GCC ag tacú leis an nGníomh ShARE Delphi ar Chaighdeán Aeir atá á éascú ag Gníomhaireacht Comhshaoil an RA. Breathnaítear ar 15 topaic "aeir" mar chuid den tionscadal seo trí shraith "babhtaí" agus roghnófar agus molfar trí cheann chun níos mó taighde a dhéanamh orthu.




## Taighde ar chosaint ó radaíocht

### Saineolas a Fhorbairt in Éirinn

Ghlac an GCC le cur chuige straitéiseach a bhfuil trí shnáithe leis le dul i ngleic leis an easpa scileanna atá ann maidir le cosaint ó radaíocht in Éirinn, rinneadh é seo trí thograí taighde ar radaíocht go príomha.

Rinneadh neart gníomhartha chuige seo in 2017, lena n-áirítear:

- maoiniú a chur ar fáil atá dírithe ar thaighde radaíochta amháin faoi Ghlao Taighde GCC 2017;
- iarradh ar thograí ar dhá thionscadal taighde nua ar radaíocht i nGlao Taighde GCC 2017;
- chuathas i dteagmháil le hollscoileanna tríú leibhéal chun oiliúint ar chosaint radaíochta agus cumas taighde a bhunú agus/nó a síneadh;
- óstáladh mac léinn iarchéime i Saotharlann Monatóireachta Radaíochta GCC;
- ainmníodh an GCC mar Úinéir/Bainisteoir an Chláir (POM), i gcomhar le Euratom National Contact Point, don Chomhchlár Eorpach atá Chomh-mhaoinithe CONCERT;
- ag lorg maoinithe do thaighde a dhíríonn ar radaíocht, do thionscadail a thacaíonn an GCC leo agus do thionscadail CONCERT, trí na meastacháin airgeadais a chur isteach chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil do 2018 agus na blianta i ndiaidh;

- óstáladh cruinniú eolaíochta bliantúla de chuid Chumann Taighde Radaíochta na hÉireann.

## Taighde ar radón

Cuireann an GCC taighde i bhfeidhm faoi chreat na Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin (NRCS) chun an t-eolas atá aige faoi iompraíocht radóin in Éirinn agus a chuid gníomhartha measúnaithe maidir leis na rioscaí sláinte bainteacha a choinneáil suas chun dáta. Bhí na tionscadail seo i measc na dtionscadal taighde reatha le linn 2017:

- Suirbhé ualaithe leis an daonra ar na leibhéil radóin i dtithe in Éirinn.

  Úsáidfear torthaí an tsuirbhé seo le líon na ndaoine in Éirinn a bhfuil ailse scamhóige agus baint le radón leis orthu a uasdátú. Tá an GCC ag tabhairt faoin taighde seo i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann agus an FSS.

- Taighde ar thionchar iarfheistithe fuinnimh ar leibhéil radóin i dtithe.

  Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

- Taighde ar na cúinsí is fearr d'éifeachtacht feabhsúcháin radóin agus modhanna cosanta.

  Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

- Taighde ar úsáid tosca ceartúcháin shéasúraigh do thomhais san ionad oibre.

  Tá Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ag tabhairt faoin taighde seo.

- Taighde ar tionchar aois agus cineál an fhoirgnimh ar thiúchan radóin.

  Tá an GCC ag tabhairt faoin taighde seo i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

- Taighde chun níos mó forbartha a dhéanamh ar an mapa maidir le baol radóin.

  Tá Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ag tabhairt faoin obair seo i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíoch na hÉireann.

- Rinneadh ollsuirbhé thar cheann GCC chun tuiscint níos fearr a fháil ar fheasacht an phobail maidir le radón agus cé chomh imníoch atá daoine maidir le radón



# Eolas saincheaptha a chur ar fáil go tráthúil chun freastal ar shainriachtanais ghrúpaí pháirtí leasmhair

## 3.3 EOLAS TRÁTHÚIL AGUS INROCHTANA

### Acmhainní gréasáin agus na meáin shóisialta

#### Comhshaol na hÉireann

Cuireann an acmhainn gréasáin "Comhshaol na hÉireann" (www.epa.ie/irelandsenvironment) rochtain ar fáil do shonraí comhshaoil faoi ocht dtéama chomhshaoil: aer, aeráid, uisce, dramhaíl, dúlra, talamh agus ithir, comhshaol agus folláine agus eacnamaíocht inbhuanaithe. Tá an t-eolas ar fáil i réimse leathan formáidí a bhfuil rochtain forleathan ann orthu, lena n-áirítear físeáin, cairteacha, grafaic faisnéise agus bileoga eolais.

Rinneadh an acmhainn gréasáin a uasdátú go minic le linn 2017 agus rinneadh na táscairí comhshaoil a uasdátú chomh maith nuair a foilsíodh sonraí nua. Cuireadh grafaic faisnéise leis an acmhainn chun na pointí ba thábhachtaí ón Tuarascáil ar Staid an Chomhshaoil *Comhshaol na hÉireann – Measúnú 2016* a aibhsiú, agus rinneadh físeán ina achoimrítear torthaí na tuarascála a uasdátú leis na staitisticí ba dhéanaí agus athfhoilsíodh é ar chainéal YouTube GCC.

#### Livegreen

Seoladh an acmhainn gréasáin 'Live Green', (www.livegreen.ie) a chuireann eolas ar fáil chun maireachtáil inbhuanaithe a chur chun cinn sa bhaile agus sa phobal. Clúdaíonn an suíomh gréasáin téamaí teaghlaigh amhail caomhnú uisce, cosc ar dhramhaíl, éifeachtúlacht fuinnimh, an pobal agus sláinte. Tacaíonn Uisce Éireann, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Healthy Ireland [Éire Shláintiúil] leis an suíomh gréasáin.

Rinneadh na cainéil meán sóisialta (Facebook agus Twitter) a uasdátú go minic le linn 2017 mar mhodh éifeachtach le teagmháil a dhéanamh le teaghlaigh chun feasacht maidir le hinbhuanaitheacht a mhéadú. Bhí 505 leantóir ag an gcuntas Twitter Live Green (@EPA_LiveGreen) agus 1527 leantóir ag an gcuntas Facebook (@EPALiveGreen) faoi dheireadh na bliana.

#### Radón

Is é an GCC an príomhsholáthraí eolais agus treorach do pháirtithe leasmhara maidir le gás radóin. Lean an acmhainn gréasáin radóin (www.radon.ie) ar aghaidh ag tabhairt comhairle chabhraí agus praiticiúil ar thástáil agus feabhsúchán radóin do theaghlaigh, gnóthaí agus daoine gairmiúla in earnáil na tógála le linn 2017. Breathnaíodh ar leathanaigh a bhaineann le radón níos mó ná 95,000 uair le linn 2017.

#### Staitisticí náisiúnta ar dhramhaíl

Sheol an GCC acmhainn gréasáin nua ag deireadh na bliana ar staitisticí ar dhramhaíl náisiúnta (www.epa.ie/nationalwastestatistics) chun sonraí ar dhramhaíl agus táscairí a fhoilsiú i mbealach atá inrochtana agus idirghníomhach. Beidh an acmhainn gréasáin nua seo ar fáil in áit na Tuarascála Leathbhliantúla Náisiúnta ar an Dramhaíl GCC mar an fhoinse is mó ar staitisticí dramhaíola in Éirinn agus déanfar an suíomh seo a nuashonrú go rialta agus soláthróidh siad an t-eolas, na grafaicí agus an tráchtaireacht is déanaí ar dhramhaíl tosaíochta, an bonneagar uisce agus treochtaí.

#### Dobharcheantair

Rinneadh ní ba mhó forbartha ar an acmhainn gréasáin "Dobharcheantair" (www.catchments) in 2017 agus roinntear na sonraí treochta agus na deaiseanna is nuaí leis an bpobal anois. Is acmhainn gréasáin comhoibritheach í an tairseach gréasáin The Catchments a bhfuil duais bainte amach aici a chuireann eolas ar fáil don phobal agus a d'fhorbair an GCC thar a cheann féin, thar ceann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPCLG), agus thar ceann an earnáil údaráis áitiúil (trí hOifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil).

### Tránna


Sheol an GCC acmhainn gréasáin nua i Meitheamh 2017 (www.Beaches.ie) chun faisnéis maidir le huisce snámha ag tránna agus lochanna na hÉireann a chur ar fáil don phobal. Dearadh an suíomh seo d'uirlisí soghluaiste ach go háirithe, ag ligean d'úsáideoirí rochtain thapa a fháil ar fhaisnéis maidir le huisce snámha, lena n-áirítear caighdeán an uisce le déanaí ag a dtrá, má tá aon srian snámha i bhfeidhm agus faisnéis ar an aimsir agus ar an taoide. Tá faisnéis ar fáil ar an suíomh maidir leis na háiseanna atá ar fáil lena n-áirítear rochtain do chathaoireacha rothaí trá, agus déantar a uasdátú go rialta le linn an tsamhraidh de réir mar atá rochtain ar thorthaí monatóireachta ó údaráis áitiúla. Cuireadh mionsonraí maidir le teagmhais truaillithe agus gníomhartha feabhsúcháin ar fáil ar an bhfíd Twitter freisin (@EPABeaches).

## Acmhainní Mapála GeoPortal agus Tionscnaimh Shonraí Oscailte

Lean Tionscadal Sonraí Oscailte GCC ar aghaidh agus tá 235 tacar sonraí GCC foilsithe anois. Baineann coincheap Sonraí Oscailte leis na sonraí atá ag gníomhaireachtaí poiblí a chur ar fáil i mbealach a bhfuil rochtain éasca orthu ar líne lena n-athúsáid agus a n-athdháileadh. Bhí an GCC páirteach i Straitéis Athchóirithe ar Shonraí Oscailte de chuid an Roinn Chaiteachais Phoiblí a seoladh in Iúil 2017 chomh maith. Anuas air sin, baineadh cloch mhíle mór amach i Samhain 2017 nuair a d'fhoilsigh an GCC an líonra aibhneacha mar an chéad bhunachar sonraí a chomhlíonann go hiomlán le Treoir INSPIRE. Is é is aidhm le Treoir INSPIRE bonneagar sonraí spásúla an AE a chruthú do pholasaithe comhshaoil an AE agus pholasaithe nó ghníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh go mbeidh tionchar acu ar an timpeallacht.

Cuireadh caighdeán GIS nua a áiríonn Mapaí GCC i bhfeidhm (https://gis.epa.ie/EPAMaps/) agus baineadh duais amach leis an gcaighdeán seo ar son feidhmchlár idirlín den chéad scoth ón Eagraíocht Éireannach um Fhaisnéis Gheografach. Foilsíodh mapa nua faoin ainm Cóireáil Camrais ina sonraítear faisnéis bhainteach maidir le dramhuisce uirbeach i bhformáid shimplí (https://gis.epa.ie/EPAMaps/SewageTreatment).

Thosaigh an GCC ar an obair chun an chéad ghlúin eile de mhapaí cumhdaigh talún Corine (Corine 2018) a chruthú. Is comhthionscadal é seo leis an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil ina úsáidtear íomhánna satailíte ó chlár breathnóireachta Copernicus an domhain chun cumhdach talún a mhapáil (e.g. fairsinge spásúil agus athruithe do bhogaigh, do cheantair thalmhaíochta, do cheantair uirbeacha) ar fud na tíre.




Dobharcheantar na Cárthaí i gContae Ciarraí, atá mar chuid de thionscal LIFE Ciarraí de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.




Rinneadh níos mó forbartha ar chórais shonraí inmheánacha GCC lena ndéanamh níos éifeachtúla. Cuir i gcás, forbraíodh an Córas Faisnéise Bitheolaíochta thar roinnt bliana agus is feidhmchlár é a forbraíodh ionas go mbeidh bitheolaithe in ann a úsáid sa pháirc agus dearadh é go sonrach le húsáid ar uirlisí soghluaiste. Ligeann sé do bhitheolaithe sonraí maidir le measúnú láithreáin a ghabháil sa pháirc agus na sonraí sin a chomhtháthú le bunachar sonraí láraithe ansin.

Forbraíodh Uirlis Measúnaithe Cuí nua a ligeann do chigirí GCC limistéir chaomhnaithe agus na suimeanna cáilitheacha a bhaineann leo a aithint taobh istigh d'achar ar leith ó limistéir fheidhmeacha nó athbhreithnithe. Gabhann an uirlis sonraí beo ó sheirbhís idirlín na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Forbraíodh an uirlis seo i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus táthar ag súil go gcuirfear ar fáil don phobal í le linn 2018.

Lean Clár Líonra Malartaithe Sonraí Timpeallachta ar aghaidh leis an obair a dhéanann sé in 2017 le réimse leathan gníomhaíochtaí ar fhorbairt anailíse agus ar obair thacaíochta. Is seirbhís roinnte í an clár seo le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí poiblí chun roinnt agus taisceadh sonraí a éascú.

## Fardail náisiúnta astaíochta

Foilsíodh figiúir (sealadacha) maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa i mí na Samhna don tréimhse 1990-2016. Léirítear sna figiúirí méadú mór i líon na n-astaíochtaí arís in 2016, díreach i ndiaidh méadú ollmhór in 2015. Is é fás geilleagrach a stiúrann an méadú seo den chuid is mó agus bhí níos mó astaíochtaí ó iompar agus ar fhuinneamh ann mar gheall ar an bhfás geilleagrach seo. Bhí méadú sonrach i líon na n-astaíochtaí talmhaíochta chomh maith in 2016 agus méadaíonn líon na mbeithíoch fós. Níor éirigh le hÉireann fás geilleagrach a scaradh ó mhéadú in astaíochtaí go fóill, beidh orainn dul i ngleic leis an dúshlán seo chun spriocanna na hÉireann maidir le hastaíochtaí a bhaint amach.

Chuir an GCC astaíochtaí truailleáin aeir don bhliain 2015 faoi bhráid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) faoin gCoinbhinsiún maidir le hAerthruailliú Trasteorann Fadraoin (CLRTAP). Rinneadh athbhreithniú saineolach an AE ar fhardal truailleáin aeir faoin Treoir Maidir le hUasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta agus i ndiaidh leasuithe chun fardal a fheabhsú, bhí Éire i gcomhlíne lena uasteorainneacha astaíochtaí gach bliain go gach gás seachas astaíochtaí ocsaíde nítrigine in 2010.

Ina dteannta sin, cuireadh astaíochtaí gáis don bhliain 2015, lena n-áirítear an Tuarascáil Náisiúnta Fardail na hÉireann (NIR) don AE agus do na Náisiúin Aontaithe faoin Rialachán um Meicníocht Faireachán (MMR) agus faoi Chreat-Choinbhinsiún an NA ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), faoi seach.

## Réamh-mheastacháin ar astaíochtaí

D'fhoilsigh an GCC réamh-mheastacháin astaíochtaí gáis cheaptha teasa go dtí 2035 ag seimineár náisiúnta le páirtithe leasmhara. Cuireadh na réamh-mheastacháin faoi bhráid na Comhairle Comhairleach um Athrú Aeráide chomh maith. Ba í an phríomhtheachtaireacht san eolas seo ach nach dócha go gcomhlíonfadh Éire a spriocanna de réir Cinnidh maidir le Comhroinnt Díchill an AE, i leith laghdú gás ceaptha teasa faoin mbliain 2020, agus meastar go leanfaidh líon na n-astaíochtaí ag méadú go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin chomh maith. Rinneadh an-trácht sna meáin ar an méadú réamh-mheasta i líon na n-astaíochtaí.

Cuireadh réamh-mheastacháin maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa agus sonraí ar pholasaithe agus bearta chun athrú aeráide a mhaolú faoi bhráid an AE faoin Rialachán um Meicníocht Faireachán. Rinneadh réamh-mheastacháin ar astaíochtaí truailleáin aeir agus cuireadh faoi bhráid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) agus faoi bhráid an AE iad faoin gCoinbhinsiún maidir le hAerthruailliú Trasteorann Fadraoin (CLRTAP) agus an Treoir Bheartaithe um Uasteoireannacha Astaíochta

Náisiúnta. Cosúil le réamh-mheastacháin astaíochtaí gáis cheaptha teasa, sonraíodh go mbeidh sé deacair astaíochtaí truailleáin aeir a choinneáil ag leibhéal a chomhlíonann leis na uasteorainneacha do roinnt gáis amach (e.g. amóinia) sna blianta amach romhainn mar gheall ar an bhfás geilleagrach. Chuir an GCC sonraí ar fáil ar réamh-mheastacháin, pholasaithe agus bhearta chun Éire a chur leis an Seacht gCumarsáid Náisiúnta agus an 3ú Tuarascáil Leathbhliantúil de chuid na hÉireann faoi Chreat-Choinbhinsiún an NA ar an Athrú Aeráide.

Bíonn an GCC páirteach ag leibhéal an AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta chun dea-chleachtais ar fhardail agus réamh-mheastacháin ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhailiú. Bhí an GCC páirteach agus cuireadh i láthair ar chuir chuige agus modheolaíocht na hÉireann maidir le réamh-mheastacháin ar astaíochtaí talmhaíochta a ullmhú ag ceardlann sa Bhruiséil. Anuas air sin, ghlac an GCC páirt i roinnt cruinnithe le Grúpa Oibre an Choimisiúin Eorpaigh agus i gCeardlann Comhtháite ar an Aeráid agus ar Fhuinneamh agus freastalaíodh ar an 18ú Comhchruinniú idir an Ghréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (EIONET) agus Tascfhórsa ar Fhardail agus Réamh-mheastacháin Astaíochtaí de chuid an Choimisiúin Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE).

## Cáilíocht an aeir

Bhain an GCC a spriocanna uile amach maidir le sonraí a chur ar fáil don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil faoin spriocdháta in 2017. Tá sonraí fíorama 'Suas chun Dáta' maidir le truailleáin aeir roghnaithe fós á soláthar ag an GCC don EEA le taispeáint ar léarscáileanna cáilíochta aeir na hEorpa.

Foilsíodh eolas fíor-ama ar chaighdeán an aeir le linn 2017 ar shuíomh gréasáin GCC ag www.epa.ie/air/quality i ngraif. Baineadh úsáid as sonraí áirithe chun Innéacs Chaighdeán an Aeir don tSláinte a ríomh, agus léiríodh uimhir ar an innéacs (ón 1 go dtí 10) le córas a bhí códaithe le dathanna agus a bhí bunaithe ar mapaí. Cuireann an fíd Twitter, @EPAAirQuality, an pobal ar an eolas faoi cháilíocht an aeir ina réigiún féin.

D'fhoilsigh an GCC 'Air Quality in Ireland 2016 –*Key Indicators of Ambient Air Quality'* i Samhain 2017 mar aon le páipéar ina sonraítear an clár nua, an Clár Náisiúnta Monatóireachta ar Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh 2017–2022 agus fuarthas tacaíocht láidir ó na meáin agus ón bpobal ina leith.

Is é tátal na tuarascála:

- Níor sháraigh Éire aon cheann de luachanna an AE i dtaca le teorainneacha dlíthiúla in 2016 in aon cheann den 30 stáisiún monatóireachta ar an líonra cáilíochta aeir;
- tátal eile a baineadh as an tuairisc ná gurb iad dó breosla sholadaigh agus astaíochtaí ó sceithphíopaí feithicle na príomhbhagairtí ar ardchaighdeáin aeir in Éirinn;
- fuarthas amach gur sháraigh na luachanna i dtaca le hábhar cáithníneach fíneálta, leibhéil ózóin, dé-ocsaíd nítrigine agus dé-ocsaíd sulfair na treoirlínte arna moladh ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO); agus
- bhí tiúchan na HIA os cionn leibhéal tagartha an GEC.

## Cáilíocht an uisce

### An Chreat-Treoir Uisce

Sheol an GCC a mheasúnú is déanaí ar cháilíocht uisce in Éirinn i Lúnasa 2017. Clúdaítear tréimhse 6 bliana idir 2010 agus 2015 sa mheasúnú agus is é an chéad mheasúnú 6 bliana a rinneadh ar stádas uiscí na hÉireann faoin gCreat-treoir Uisce. Is é tátal an mheasúnaithe, cé nár tharla mórán athrú ar cháilíocht uisce sna 6 bliana suas go dtí deireadh 2015, tharla na rudaí seo a leanas chomh maith:

- níor baineadh an sprioc náisiúnta amach, is é sin feabhas 13% ó thaobh stádas uisce don tréimhse 6 bliana;
- níor éiríodh díghrádú stádas an uisce a chosc ag na céadta dobharlach timpeall na tíre, agus cealaíonn sé seo an feabhas a tháinig ar stádas an uisce ag an líon céanna dobharlach i gcoda eile den tír ag an am céanna;
- dul chun cinn maith maidir le laghdú líon na n-uiscí atá truaillithe go dona – ní raibh ach sé dobharlach abhann sa chatagóir "dona" idir 2010 agus 2015 i gcomparáid le 19 idir 2007 agus 2009; agus
- laghdú leanúnach faraor ar líon na n-aibhneacha fíor-íon – níor bhain ach 21 láithreán an ráta cáilíochta is airde idir 2013 agus 2015 i gcomparáid le níos mó le 500 láithreán a fuair an cháilíocht sin déanach sna 1980ídí.

Ar an iomlán, fuarthas amach go bhfuil 91% de dobharlach screamhuisce, 57% d'aibhneacha, 46% de lochanna, 31% d'inbhir agus 79% d'uiscí cósta ar cháilíocht mhaith faoin Treoir

### Uisce óil

Le linn 2017, d'fhoilsigh an GCC a Thuarascálacha Bliantúla ar Uisce Óil le haghaidh Soláthar Poiblí agus Príobháideach Uisce don bhliain 2016. Tá léargas ar fáil sa tuarascálacha seo ar cháilíocht an uisce óil in Éirinn, agus tá an tuairisc bunaithe ar shonraí monatóireachta ó Uisce Éireann agus ó Údaráis Áitiúla agus ar an rialú a dhéanann an GCC ar sholáthair phoiblí.

Is éard atá i Liosta Gníomhartha Feabhsúchain (RAL) GCC ach liosta de na soláthair uisce phoiblí a mbaineann na fadhbanna is measa leo. Ní mór gníomhaíocht a dhéanamh ag na soláthairtí chun an baol a d'fhéadfadh a bheith ann ar cháilíocht an uisce a laghdú. Déantar nuashonrú ar an liosta seo gach ráithe, agus luaitear láthair gach soláthair, lena n-áirítear an fáth a bhfuil an soláthar ábhartha ar an liosta agus dáta críochnaithe measta na n-oibreacha maolaithe atá le cur i bhfeidhm:

Tá na Tuarascálacha Bliantúla ar Uisce Óil agus an liosta bearta leasúcháin (RAL) ar fáil ar láithreán gréasáin GCC: www.epa.ie/water/dw/.

## Staitisticí náisiúnta ar dhramhaíl

D'fhoilsigh an GCC ocht "eisiúint sonraí" in 2017: dhá cheann ar son Feithiclí i nDeireadh a Ré, Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus pacáistiú dramhaíola le chéile agus ceann ar diúscairt dramhaíola bardasaí in-bhithmhillte chuig líonadh talún agus boinn dramhaíola.

Cuireadh staitisticí náisiúnta don bhliain tagartha 2015 maidir le hathúsáid agus athchúrsáil feithiclí a bhfuil a ré caite (ELVanna) faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh tríd an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE). Cé gur thosaigh níos mó daoine ag athúsáid, ag athchúrsáil agus ag aisghabháil Feithiclí i nDeireadh a Ré le cúpla bliain anuas, níor éirigh le hÉirinn na spriocanna nua níos dúshlánaí maidir le Feithiclí i nDeireadh a Ré atá sa treoir agus a chuaigh i bhfeidhm ó 2015 a bhaint amach.

- Cuireadh staitisticí náisiúnta don bhliain tagartha 2015 maidir le haisghabháil dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh (WEEE) faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh tríd an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Bhain Éire spriocanna na Treorach ar WEEE amach.
- Cuireadh staitisticí náisiúnta don bhliain tagartha 2015 maidir le haisghabháil pacáistithe dhramhaíola faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh tríd an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. D'éirigh le hÉirinn spriocanna uile na Treorach a bhaint amach cé gur thug an GCC le fios go mbeidh na spriocanna athchúrsála a bhfuiltear ag súil leo faoi Phacáiste Geilleagair Chiorclaigh an Choimisiúin Eorpaigh níos dúshlánaí.
- Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal ar thréithriú dramhaíola cathrach le linn na bliana agus cuireadh rith samplála i gcrích agus beidh an dara rith leathchríochnaithe faoi dheireadh na bliana.

## An clár Eorpach um scaoileadh agus aistriú truailleán

Rinneadh na sonraí d'Éirinn don bhliain 2015 i dtaca leis an gClár Eorpach um Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (E-PRTR) a uaslódáil chuig suíomh gréasáin GCC i mBealtaine 2017. Seoladh na sonraí E-PRTR don bhliain 2015 chuig an gCoimisiún Eorpach i Márta 2017 i ndiaidh bailiú agus bailíochtú na sonraí. Léirítear sna príomhthorthaí gur tháinig méadú ar líon na n-áiseanna, agus an treocht ginearálta a bhí ann ach méadú i líon astaíochtaí na bpríomhtruailleán ar an aer cuir i gcás dé-ocsaíd charbóin, ocsaídí de nítrigin agus amóinia. Maidir le fuascailtí ar uisce, léirítear sna sonraí go bhfuil treocht ginearálta ann i líon iomlán nítrigine, fosfair agus carbóin orgánaice, ó ionaid mhóra chóireála dramhuisce uirbeacha ach go háirithe. Maidir le haistriú dramhaíola, sonraítear sna sonraí gur tháinig méadú ar líon dramhaíola guaisí a sheoltar thar lear i ndiaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gClár Scaoilte agus Aistrithe Truailleán ar son aisghabhála agus diúscartha, agus bhí laghdú sa líon dramhaíola guaisí a seoladh ar son aisghabhála in Éirinn.

## Tuairisciú ar thruailleáin orgánacha mharthanacha faoi Rialacháin an AE:

Is substaintí iad truailleáin orgánacha marthanacha (POPanna) a bhíonn i gcónaí sa chomhshaol, a ndéantar bithchairn díobh tríd an ngréasán bia, agus atá contúirteach don tsláinte dhaonna agus/nó don chomhshaol. Is tosaíocht iad na truailleáin seo, agus áirítear ina measc lotnaidicídí (déchlóraidhéfheiniltríchlóireatán (DDT), mar shampla), ceimiceáin thionsclaíocha défheinil pholaclóirínithe (PCB), mar shampla) agus fotháirgí neamhbheartaithe a eascraíonn as próisis thionsclaíocha (amhail dé-ocsainí agus fúráin).

Is í aidhm an reachtaíocht AE sa réimse seo ná a chinntiú go gcomhlíonfar gealltanais an AE agus na mBallstát de réir comhaontuithe idirnáisiúnta amhail Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Dhianseasmhacha. Is é an GCC an comhlacht atá inniúil maidir le tiomsú na sonraí a bhfuil gá leo le haghaidh tuairiscí faoi rialacháin an AE. Chuige sin, d'ullmhaigh an GCC tuarascáil bhliantúil le linn 2017 maidir le rialú POPanna arna liostú faoi Iarscríbhinní I agus II den Rialachán 850/2004 agus cuireadh isteach í.


## Faisnéis ar fhorfheidhmiú

In 2017, lean EPA ag cur leis an bhfaisnéis ar fhorfheidhmiú atá ar fáil don phobal. Foilsíodh liosta de na Láithreacha Tosaíochta Náisiúnta maidir le Forfheidhmiú den chéad uair in Iúil 2017 agus foilsíodh é gach ráithe ó shin. Liostaítear na láithreacha tionsclaíochta agus dramhaíola ceadúnaithe a bhfuil na taifid comhlíonta is measa acu thar thréimhse 6 mí sa liosta seo. Foilsíodh tuarascáil ar fhorfheidhmiú ceadúnas tionsclaíochta agus dramhaíola in Iúil chomh maith.


Leanadh ar aghaidh ag foilsiú na bpríomhcháipéisí forfheidhmithe cuir i gcás tuarascálacha iniúchta agus monatóireachta do láithreacha ceadúnaithe ar líne. Forbraíodh air sin arís nuair a cuireadh taifid fhorfheidhmithe an cheada Dhumpáil ar Farraige leis agus tá na taifid seo ar fáil go leictreonach agus ar líne den chéad uair.

Foilsíodh mapa nua ar chóireáil camrais (https://gis.epa.ie/EPAMaps/SewageTreatment) ar shuíomh gréasáin GCC. Cuireann an suíomh gréasán seo faisnéis ar fáil don phobal ar chóireáil camrais ina gceantar féin agus timpeall na tíre. Léirítear an fhaisnéis seo a leanas ar an mapa faoi láthair:

- Ceantair Uirbeacha Tosaíochta GCC;
- láthair Údaruithe Scartha Dramhuisce Uirbeacha agus a bpointí comhlíonta;
- faisnéis ar chomhlíonadh ceadúnais maidir le gach ceadúnas scartha dramhuisce.




Mapa nua ar chóireáil camrais sa cheantar timpeall Bhaile Átha Luain ag sonrú láthair plandaí cóireála camrais, pointí comhlíonta, gnéithe uisce agus ceantair thosaíochta.



"Obair a dhéanamh le dreamanna eile chun abhcóideacht a dhéanamh ar son comhshaoil atá glan, sláintiúil agus dea-chosanta agus ar son iompraíocht chomhshaoil inbhuanaithe."

**Chun ár gcuid oibleagáidí agus cuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích, leanfaimid d'obair a dhéanamh i gcomhpháirt le daoine agus le cabhair ó dhaoine chun torthaí dearfacha a bhaint amach ar mhaithe leis an gcomhshaol.**

# 4. ABHCÓIDEACHT

## 4.1 COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS LÍONRÚ

### Coistí Oireachtais

Cuireann an GCC fáilte roimh an deis chun teagmháil a dhéanamh le agus eolas a thabhairt do Chomhchoistí agus Roghchoistí an Oireachtais maidir lena bhfeidhmeanna maoirseachta reachtacha agus riaracháin i ndáil le cosaint an chomhshaoil. Le linn 2017, bhí an GCC ina chomhairleoir ar réimse coistí cuir i gcás an Comhchoiste ar Mhaoiniú sa Todhchaí ar Sheirbhísí Uisce Teaghlaigh, an Comhchoiste ar Chumarsáid, Athrú Aeráide agus an Comhshaol agus an Comhchoiste ar Shláinte. Baineadh topaicí éagsúla leis na comhchoistí seo ó bhainistiú agus caomhnú uisce, chuig bainistíocht dramhaíola (boinn agus boinn dramhaíola) rialacháin agus rialacháin shábháilteachta núicléiche na gComhphobal Eorpach.

### Comhaontú Seirbhíse

Tá Comhaontú Seirbhíse ag an GCC leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe um Athrú Aeráide agus Comhshaoil (RCGAA) agus leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRA). Cinntítear sa Chomhaontú seo úinéireacht shoiléir seirbhísí, agus leagtar síos ann cuntasacht, róil agus freagrachtaí na trí eagraíochta. Déanann an Comhaontú sainróil gach eagraíochta a shainaithint, mar aon lena gcuid gealltanas agus ionchas frithpháirteach, agus is bonn é le haghaidh rannpháirtíochta leanúnaí eatarthu.

Is cuid lárnach é an Comhaontú Seirbhíse de chreat straitéiseach agus oibríochtúil GCC. Tá sé comhtháite go hiomlán leis an timthriall straitéiseach pleanála, le pleanáil lucht saothair, le pleananna bliantúla oibre agus le leithdháileadh airgeadais. An phríomhuirlis lena dtuairiscítear ar an saothar agus na torthaí a bhainfear amach ná Tuarascáil Bhliantúil GCC.

Aontóidh an GCC, i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ar Chomhaontú Maoirseachta agus ar Chomhaontú Feidhmíochta Seachadta leis an dá Roinn in 2018.

### Meabhráin Tuisceana

Tá comhaontuithe Meabhrán Tuisceana (MT) i bhfeidhm ag an GCC le heagraíochtaí éagsúla a bhfuil ról acu i gcúrsaí comhshaoil nó a chuireann le cúrsaí a bhaineann leis. Tá MTanna i bhfeidhm ag an GCC leis na heagraíochtaí seo a leanas faoi láthair:

- An Bord Pleanála
- An Phríomh-Oifig Staidrimh
- An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide
- An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
- An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara;
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Galmoy Mines Ltd.
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Foras na Mara
- Met Éireann
- Rialtóirí uisce óil na Ríochta Aontaithe

Foilsítear MTanna ar shuíomh gréasáin GCC nuair a dhéantar comhaontú faoi seo leis an bpáirtí eile.

### An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil

Tá ról gníomhach tacaíochta fós ag an GCC san obair a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil. Bhí Laura Burke, Ard-Stiúrthóir GCC na hÉireann, ina Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta an GEC le linn 2017. Déanann an Bord Bainistíochta an GEC, a bhfuil 37 ball air, ionadaíocht ar gach tír atá mar bhaill den GEC, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Pharlaimint na hEorpa chomh maith. Ceadaíonn an bord na cláir oibre bliantúla agus ilbhliantúla, tuarascálacha bliantúla agus buiséad na Gníomhaireachta. Ceapann an bord an tArd-Stiúrthóir chomh maith.

Measann an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil gurb é ceann de na cúraimí is mó atá air ach cinntiú go dtuigeann saoránaigh na hEorpa an ról tábhachtach a bhíonn ag an gcomhshaol ar an ngnáthshaol, go háirithe maidir le dúshláin ar nós athraithe aeráide, sláinte an duine agus truailliú aeir. Tá príomhról ag an GEC maidir leis seo trí fhaisnéis neamhspleách ar an gcomhshaol a chur ar fáil don phobal agus dóibh siúd atá ag forbairt, ag glacadh le, ag cur i bhfeidhm agus ag déanamh measúnaithe ar pholasaithe ar an gcomhshaol. Bailíonn an GEC sonraí agus déanann sé measúnuithe ar réimse leathan topaicí a bhaineann leis an gcomhshaol i gcomhar leis an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol agus na 33 tír atá ina mbaill leis.

## Athrú aeráide

Leanann an GCC ag tacú leis an obair a dhéanann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar cheisteanna a bhaineann leis an aeráid agus déanann sé ionadaíocht fós ar Éirinn ar fhóraim idirnáisiúnta ar athrú aeráide cruinnithe móra an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC). Bhí an GCC ina ionadaí ar Éirinn ag dhá ollchruinniú an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide. Reáchtáladh an chéad cheann i Meicsiceo i Márta 2017 nuair a glacadh leis an scóip don Shaintuarascáil ar an Talamh. Glacadh le scóip an chéad Tuarascáil Measúnaithe IPCC eile, is é seo an séú dá gcuid a gcaithfear cur i gcrích faoi 2022, i gCeanada i Meán Fómhair 2017.

Thacaigh an GCC leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ag Comhdháil Páirtithe (COP) de chuid Chreat-Choinbhinsiún an NA ar an Athrú Aeráide, a bhí faoi Uachtaránacht Fidsise in Bonn le linn Samhain 2017. Tacaíodh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ag cruinnithe bord fochuideachta rialta a bhí ar siúl in Bonn i mBealtaine 2017 agus ag Cruinniú Saineolaithe an AE a bhí ar siúl le linn na bliana.

Thacaigh an GCC leis an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide ag ullmhú agus ag foilsiú an chéad dá thuarascáil reachtúla a theastaíonn ón gComhairle. Foilsíodh a chéad tuarascáil bhliantúil i Nollaig 2017 agus foilsíodh tuarascáil athbhreithnithe tréimhsiúil in Iúil 2017. Chabhraigh an GCC leis na cainteanna ar bhunú agus ar fheidhmiú an Idirphlé Náisiúnta faoi Chúrsaí Aeráide. Beidh an chéad imeacht poiblí den Idirphlé Náisiúnta faoi Chúrsaí Aeráide ar siúl in 2018.

Tugann Rúnaíocht Aeráide GCC tacaíocht theicniúil agus riaracháin ar fáil don Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide. Tugann sé comhairle don GCC ar chúrsaí a bhaineann leis an aeráid, ar thaighde agus cuireann sé le haighneachtaí i gcúrsaí pleananna earnálacha trí phróiseas straitéiseach ar son measúnuithe comhshaoil.

D'eagraigh an GCC sraith ceardlanna, imeachtaí faisnéise agus cumarsáide ar an aeráid in 2017. Bhí ceardlanna foirmiúla mar chuid den tsraith ceardlanna sin, cuir i gcás an cruinniú scóipe de chuid an IPCC ar cheisteanna a bhaineann le Talamh agus Talmhaíocht a óstáil i bhFeabhra 2017.



Cool Planet Champions – le tacaíocht ón GCC

Thacaigh an GCC le Tionscadal Feachtais ar an Aeráid 'Climate Champions' de chuid Cool Planet Experience, a bhfuil sé mar aidhm aige oideachas náisiúnta maidir le hathrú aeráide áitiúla a fheabhsú trí nasc pearsanta a chruthú idir ambasadóirí áitiúla a bhfuil oiliúint orthu agus a bpobail, lena n-áirítear scoileanna.

I Mí na Nollag 2017, sheol an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil cúig thuarascáil taighde ar athrú aeráide ag siompóisiam i mBaile Átha Cliath. Bhí *Achoimre ar an tuarascáil maidir leis an Staid Eolas faoi Thionchar an Athraithe Aeráide in Éirinn* mar chuid den tuarascáil.




An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ag seoladh cúig thuarascáil taighde ar athrú aeráide.

## Eolaíocht saoránach

Spreagtar daoine le bheith ina rannpháirtithe gníomhacha maidir le comhchruthú sonraí comhshaoil, go háirithe laistigh dá bpobail áitiúla mar thoradh thionscnaimh eolaíochta do shaoránaigh de chuid GCC. Thug an GCC faoi neart tionscnaimh in 2017 chun dul chun cinn a dhéanamh ar an obair a dhéanann sé ar eolaíocht an tsaoránaigh.

Sheol an GCC, i gcomhar le An Taisce clár idirnáisiúnta eolaíochta agus oideachais Éireann, GLOBE. Tá páirt glactha ag breis is 29,000 scoil in 117 tír sa chlár GLOBE le cuid mhaith de bhlianta anuas, agus tá tacair sonraí cruthaithe acu a bhfuil ardchaighdeán taighde ag baint leo agus atá ar fáil do chách. Mar chuid den chlár píolótach dhá bhliain seo, beidh suas le 20 bunscoil agus meánscoil ag foghlaim faoi cháilíocht an aeir ina gceantair áitiúla agus conas an cháilíocht sin a thomhas.

Leanadh ar aghaidh ag imlonnú braiteoirí nach bhfuil costasach i meánscoileanna i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh. Tuairiscíodh sna meáin ar an mbraiteoir a imlonnaíodh i gCathair na Gaillimhe nuair a cuireadh sonraí ar fáil inar léiríodh cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh (ábhar cáithníneach) í ag dul in olcas mar gheall ar na tinte aitinn i gConamara.

Le linn 2017, rinne an GCC suirbhéanna ar radón i dteaghlaigh agus rinneadh radón a thomhais i níos mó na 1300 teach agus bailíodh faisnéis ar na cineálacha tithe seo chomh maith. Úsáidfear torthaí na taighde sin chun tuiscint níos fearr a éascú ar iompraíocht radóin i dtithe agus beidh an t-eolas seo ina bhonn leis an gcomhairle a chuireann an GCC ar úinéirí tí faoi conas iad féin a chosaint ar radón.

## Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

Lean an GCC ag tacú le rannpháirtíocht earnála níos fearr le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus feidhmiú dea-chleachtais i leith Measúnaithe Straitéisigh Chomhshaoil trasna gach údarás poiblí. Lean an GCC leis an bpríomhról atá aige ar aighneachtaí ar phríomhphleananna/príomhchláir/straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha a bhaineann leis na Measúnuithe Straitéiseacha Chomhshaoil bainteacha chur ar fáil.

Bhí na haighneachtaí seo a leanas ar cheann de na príomhaighneachtaí Measúnaithe Straitéisigh Chomhshaoil a rinneadh le linn na bliana:

- Dréacht don Chreat Pleanála Náisiúnta;
- An 4ú Dréachtchlár Gníomhach ar Níotráití;
- An Dréachtchreat Náisiúnta um Dhul i dTaithí ar an Athrú Aeráide;
- Dréachtphleananna Mionsonraithe Bainistíochta Abhantraí na hÉireann (2018–2021);
- Dréachtphlean Náisiúnta Maolaithe;
- Plean Acmhainní Uisce Nádúrtha na hÉireann de chuid Uisce Éireann (Céim Scóipe an Mheasúnaithe Straitéisigh Chomhshaoil);
- Straitéis Turasóireachta 5 bliana de chuid Fáilte Éireann.

Tá aighneachtaí GCC ar fáil ag http://www.epa.ie/pubs/epasub/

I measc na bpríomhghníomhachtaí eile a rinneadh le linn 2017 bhí rannpháirtíocht i ngrúpaí treoracha agus i ngrúpaí feidhmithe i gcomhair roinnt príomhphleananna tosaíochta agus cláir thosaíochtaí atá i mbun Measúnaithe Straitéisigh Chomhshaoil faoi láthair nó a rinneadh le déanaí agus atá ag céim an fheidhmithe anois.

## NIECE

Tá an GCC fós ag comhordú an Líonra um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Comhshaoil na hÉireann (NIECE). Cuireann an Líonra na hacmhainní agus an saineolas uile atá ar fáil sa tír chun tairbhe, sa chaoi gur féidir cur chuige níos leanúnaí agus éifeachtúla a chomhordú maidir le forfheidhmiú reachtaíochta comhshaoil in Éirinn.

Rinne an GCC measúnú ar fheidhmíocht fhorfheidhmithe comhshaoil údarás áitiúil agus fuarthas amach gur fheabhsaigh 23 as 31 de na húdaráis áitiúla thar an tréimhse 3 bliana (idir 2014 agus 2016). D'éirigh le naoi n-údarás is fiche an "sprioc" chaighdeán a leagtar amach é i gcreat nua chun feidhmíocht a thomhas. Sonraíodh sa mheasúnú go dteastaítear go ndéanann údaráis áitiúla na hiniúchtaí a dhíriú ar dhó breoslaí soladacha agus boinn dramhaíola agus dramhaíl bhia a chur san áireamh chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar na príomhsruthanna dramhaíola.

Rinneadh an GCC athbhreithniú ar NIECE agus ullmhaíodh dréacht-straitéis (2018-2022) a bhfuiltear ag súil lena seoladh go luath in 2018.

## An Chreat-Treoir Uisce

Thug an GCC i gcomhar le Ranna Uisce agus Pobail na nÚdarás Áitiúil faoi neart oibre, i gcomhar leis na comhairlí contae agus cathrach uile agus líon mór gníomhaireachtaí poiblí, chun tionchar na ngníomhaíochtaí daonna ar an gcomhshaol uisce (tréithriú) a mheas agus chun cinneadh a dhéanamh ar réimsí ina dteastóidh níos mó fiosrúcháin agus gníomhaíochtaí idir 2018 agus 2021 faoin bPlean Bhainistíochta Abhantraí. Cuirtear foireann nua ar fáil d'údaráis áitiúla chun tabhairt faoin obair fiosrúcháin seo agus tabharfaidh an GCC tacaíocht eolaíochta agus teicniúil leis an bhfoireann nua seo chun feidhmiú éifeachtach na ngníomhaíochtaí a dteastaíonn a chur i gcrích chun cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú.

## Colún Comhshaoil

Is éard atá sa Cholún Comhshaoil ná 26 heagraíocht neamhrialtasach náisiúnta comhshaoil a oibríonn lena chéile chun ionadaíocht a dhéanamh ar dhearcaidh earnáil comhshaoil na hÉireann. Tá comhaontú i bhfeidhm ag an GCC chun cruinniú a bheith aige leis an líonra uair amháin sa bhliain ar a laghad, sa chaoi gur féidir leis na heagraíochtaí a chur ar an eolas agus chun dearcaidh a mhalartú maidir le ceisteanna comhshaoil in Éirinn. Tharla dhá chruinniú den chineál sin idir an GCC agus Líonra Comhshaoil na hÉireann in Iúil agus i Nollaig 2017.

## Cáilíocht an aeir

Bhí an GCC mar chathaoirleach ar an Meitheal Faisnéise Sláinte ar Cháilíocht Aeir agus rinneadh éascaíochta air. Cuireann an grúpa seo fóram ar fáil do pháirtithe leasmhara comhshaoil agus sláinte, agus an FSS san áireamh, chun ábhair a bhaineann le cáilíocht aeir a phlé.

## Sábháilteacht núicléach

Tá ról gníomhach ag an GCC i gcoistí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhíonn ag plé le sábháilteacht núicléach, agus cuireann seo ar a chumas, a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le suiteálacha núicléacha agus sábháilteacht raideolaíoch, agus comhairle a chur ar an Rialtas faoina n-impleachtaí siúd d'Éirinn. Bhí cuairt faisnéise ar an láthair a bhfuil an chéad stáisiún cumhachta núicléach an RA á dtógáil (Hinkley Point C) mar chuid den ról seo in 2017. Thacaigh an GCC leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le linn 2017 le trasuíomh na Treorach Athbhreithnithe maidir le Sábháilteacht Núicléach i reachtaíocht na hÉireann.

## Heads of the European Radiological Protection Competent Authorities [Ceannairí na nÚdarás Inniúil um Chosaint Raideolaíoch na hEorpa]

Is éard is HERCA [Ceannairí na nÚdarás Inniúil um Chosaint Raideolaíoch na hEorpa] ann ná cumann deonach ina n-oibríonn ceannairí na n-údarás um chosaint raideolaíoch as lámh a chéile chun fadhbanna coitianta a shainaithint agus chun réitigh phraiticiúla a mholadh i gcomhair na bhfadhbanna sin. Dírítear ar thopaicí oibre a chlúdaíonn príomhfhorálacha Chonradh Euratom de ghnáth agus tá an clár oibre bunaithe ar chomhleas i dtaca le ceisteanna móra rialála. Bhí tacaíocht le trasuíomh agus feidhmiú leis an Treoir um Bhunchaighdeáin Sábháilteachta (BSS) de chuid Euratom agus comhoibriú ar shaincheisteanna a bhaineann le cosaint radaíochta atá ag teacht chun cinn ina phríomhthéama le linn 2017.

## Grúpa Rialtóirí Sábháilteachta Núicléiche na hEorpa

Déanann an GCC ionadaíocht ar son na hÉireann i bhfóraim Eorpacha agus idirnáisiúnta ar cheisteanna maidir le sábháilteacht núicléach. Tá an GCC fós gníomhach in obair Ghrúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG), agus ina chuid oibre ar shábháilteacht núicléach, lena n-áirítear reachtaíocht sa réimse, mar aon lena chuid tionscnamh chun socruithe trédhearcachta a fheabhsú. Le linn 2017, rinne foireann GCC ionadaíocht ar Éirinn ag an 4ú Comhdháil Eorpach um Shábháilteacht Núicléach.

## Comhaontú déthaobhach

Bíonn cruinnithe rialta ag an GCC lena chomheagraíochtaí sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Comhshaoil agus an Oifig um Rialú Núicléach, chun ceisteanna raideolaíocha agus núicléacha a phlé. In 2017, na príomhrudaí

a ndearnadh plé orthu ná Sellafield, an gléasra nua núicléach sa Ríocht Aontaithe, forbairtí idirnáisiúnta i dtaca le sábháilteacht núicléach agus raideolaíoch, agus pleanáil i gcomhair éigeandála núicléiche. Anuas air sin, tacaíonn an GCC leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil sna cruinnithe a thionóltar faoi dhó sa bhliain leis an nGrúpa Teagmhála ar Chúrsaí Radaíochta RA-Éire.

## Próiseas athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach

Is coinbhinsiún idirnáisiúnta é an Coinbhinsiún ar Shábháilteacht Núicléach (CNS) a chuireann ceanglas ar gach tír a shíníonn é, cloí le hardleibhéal sábháilteachta i dtaca le himoibreoirí núicléacha, socruithe pleanála éigeandála a chothú, agus tuairisciú ar na bearta atá curtha i bhfeidhm i ndáil leis na ceanglais sin. Gach trí bliana, ní mór do na tíortha ar fad a shínigh an CNS, Éire san áireamh, a thaispeáint go bhfuil an coinbhinsiún á chomhlíonadh acu, agus ní mór dóibh dul faoi athbhreithniú piaraí arna chur i bhfeidhm ag na páirtithe eile a shínigh an conradh.

Mar chuid den phróiseas seo, chabhraigh an GCC leis an DCCAE maidir le hullmhú an 7ú tuarascáil náisiúnta de chuid na hEireann, a cuireadh faoi bhráid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) in 2016. Go luath in 2017 fuair Éire 27 gceist agus freagraíodh iad ar an tuarascáil seo ó na páirtithe eile a shínigh an conradh. Chuir an GCC i láthair ag an 7ú Cruinniú Athbhreithniúcháin de chuid an Choinbhinsiúin ar Shábháilteacht Núicléach (CNS), ar na gníomhaíochtaí in Éirinn a thagann faoin CNS ón gcruinniú athbhreithniúcháin deireanach in 2014; conas a chuaigh Éire i ngleic leis na dúshláin agus na moltaí a aithníodh le linn an 6ú Cruinniú Athbhreithniúcháin; na dúshláin a bhfuiltear ag súil leo in Éirinn le linn an chéad tréimhse athbhreithniúcháin eile (2017–2020).

## An Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin

Is straitéis thrasrialtais an NRCS, a bhfuil d'aidhm aici líon na mbásanna de bharr ailse scamhóige mar thoradh ar radón a laghdú in Éirinn. Seo a leanas cuid de na gníomhartha tosaíochta a cuireadh i gcrích le linn 2017:

- Seachadadh cúrsa oiliúna don fhoireann foirgníochta ar bhearta chun radón a chosc a shuiteáil ar an láthair. Tá Construction Industry Federation of Ireland (Cónaidhm Earnáil Foirgníochta na hÉireann) ag cur an cúrsa seo ar fáil ar bhonn leanúnach ag ionaid i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh.
- Trí cheist faoi radón a chuimsiú sa phróiseas tíolactha ó Eanáir 2017 ar aghaidh.
- Foilsiú taighde a léiríonn gur laghdaigh na meánleibhéil radóin in Éirinn ó 89 Bq/m$^3$ (in 2002) chuig 77 Bq/m$^3$ – mar thoradh ar na bearta a cuireadh isteach i dtithe nua i 1998 chun radón a chosaint.
- Seoladh dhá scéim cláraithe don tionsclaíocht radóin. Cuireann scéim amháin seirbhísí chun radón a thomhais ar fáil agus cuireann an dara scéim clárú i gcomhair seirbhísí feabhsúcháin ar fáil.
- Foilsiú *na Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin, Tuarascáil 3 Bliana leis an Rialtas*.

Bhí an GCC ina óstach ar an gcomhdháil idirnáisiúnta ROOMS (Radon Outcomes On Mitigation Solutions) [Torthaí Radóin i ndiaidh Bearta Maolaithe], i nGaillimh i nDeireadh Fómhair 2017. D’fhreastail toscairí ó thíortha éagsúla an AE ar an gcomhdháil agus díríodh ar théamaí a bhaineann le hiarfheistiú fuinnimh agus ar bhearta chun radón a chosc. Bhí an 14ú Fóram Náisiúnta Bliantúil ar Radón ar siúl i ndiaidh na comhdhála. Díríodh ar an obair a rinneadh go dtí seo chun an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin (NRCS) a chur i bhfeidhm, na céad chéimeanna eile i bhforbairt Chéim 2 an NRCS, tionchar feidhmiú reachtaíocht BSS ar fhostóirí agus an obair chun líon na n-ailsí scamhóga a bhfuil baint acu le radón a uasdátú.

## Pleanáil éigeandála

Eagraíonn an GCC clár bliantúil de chleachtaí éigeandála chun saineolas a chuid bhall foirne a chothú agus a fhorbairt. Ghlac an GCC páirt i naoi gcleachtadh éigeandála idirnáisiúnta in 2017, a bhí eagraithe ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) agus ag an gCoimisiún Eorpach (CE).

D'eagraigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) an cleachtadh éigeandála núicléiche i Meitheamh 2017 agus ghlac 83 Ballstáit (lena n-áirítear Éire) agus 11 eagraíocht idirnáisiúnta páirt ann. Cuireadh ConvEx-3 (2017) ar an gcleachtadh seo agus ba é an cleachtadh ba mhó a rinne an IAEA go dtí seo ina raibh timpiste shamhailteach ag stáisiún cumhachta san Ungáir agus scaoileadh radaighníomhaíochta san aer. D'eagraigh an GCC cleachtadh boird san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí le príomhranna rialtais agus gníomhaireachtaí a bheadh sé faoina gcúram freagairt ar fhíor éigeandáil núicléach.



Cleachtadh boird ConvEx-3 (2017) ar éigeandáil núicléach

Ní mór d'Éirinn a cumas radaighníomhaíocht i samplaí bia agus comhshaoil a thomhais i gcás éigeandála a fheabhsú, bhí sé seo ar cheann de príomhthorthaí an chleachtaidh bhoird. D'aontaigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an GCC agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go ndéanfaidís machnamh ar bhealaí inar féidir dul i ngleic leis an gceist seo. Rinneadh radaighníomhaíocht a thomhais in uisce a fuarthas ón Ungáir agus roinneadh faisnéis leis an RA agus an pobal idirnáisiúnta níos leithne mar chuid den chleachtadh seo chomh maith.

Anuas air sin, chuir an GCC oiliúint ar fáil d'oifigigh dóiteáin a d'fhreastail ar chúrsa oiliúna faoi ábhair ghuaiseacha i gCorcaigh. Cuimsíodh san oiliúint seo cleachtadh a bhí bunaithe ar thimpiste bóthair a raibh foinsí raideolaíocha i gceann de na feithiclí inti. Cuireadh oiliúint ar fáil d'oifigigh shinsearacha i mBaile Átha Cliath chomh maith.



Oifigigh dóiteáin agus iad ag déanamh gníomhaíocht le dul i ngleic le géarchéim raideolaíoch

**Má chuirimid eolas inrochtana ar fáil go tráthúil dár bpáirtithe leasmhara, feabhsóidh sin rannpháirtíocht an phobail i gcinnteoireacht maidir leis an gcomhshaol, agus beidh an t-eolas riachtanach ar a dtoil ag daoine le gur féidir leo roghanna fiúntacha a dhéanamh i dtaca leis an gcomhshaol.**

## 4.2 MÚSCAILT FEASACHTA

### Ár bpríomhtheachtaireachtaí a chur in iúl

Cuireann an GCC seirbhís 24-uair an chloig ar fáil do na meáin chumarsáide agus in 2017 rinne siad 549 fiosrú do na meáin a láimhseáil agus d'eisigh siad 37 bpreas-eisiúint. Luadh an GCC i níos mó ná 10,000 alt nuachtáin i rith na bliana.

Is é suíomh gréasáin GCC ár bpríomhuirlis chumarsáide chun eolas a scaipeadh ar an bpobal, agus breis is 900.000 cuairt tugtha air in 2017. Bhí buaiceanna i ngníomhaíocht ar an láithreán gréasáin i rith na bliana ar aon dul le clúdach shaincheisteanna comhshaoil sna meáin agus foilsiú tuarascálacha. Tugadh taifead ar go leor cuairteanna ar an láithreán gréasáin i ndáil le haisghabháil eolais ar láithreáin ghréasáin ceadúnaithe ag an GCC; eolas a fháil faoi cheadúnú agus fhorfheidhmiú; foilseacháin GCC a íoslódáil; agus eolas a fháil faoi réimsí téamacha lena n-áirítear aer, uisce, dramhaíl, radón, etc.

Rinneadh trí shaghas forbartha ar an láithreán gréasáin in 2017:

- acmhainn láithreán gréasáin nua dar teideal "Story of Your Stuff" a thacaigh le comórtas meánscoileanna chun cabhrú le láithreáin ghréasáin Chomhshaol na hÉireann a chur chun cinn;
- tairseach nua ar líne do staitisticí dramhaíola náisiúnta a cheadaíonn eolas faoi staitisticí dramhaíola a fhoilsiú ar bhealach níos tráthúla;
- acmhainn láithreán gréasáin nua dar teideal "Tránna" chun eolas a thabhairt faoi uisce snámha i dtránna agus i lochanna na hÉireann.

Lean an GCC de chur le húsáid na meán sóisialta mar bhealach lena chuid teachtaireachtaí a chur in iúl. Bhí os cionn 30,000 leantóir, ar 11 chuntas Twitter, ag an GCC faoi dheireadh na bliana, agus freastalaíonn na cuntais sin ar ábhair suime ar leith a chuimsíonn conas maireachtáil ar bhealach 'glas', nuacht faoin aeráid, nuacht faoi thaighde, cáilíocht an aeir, eolas ar uisce snámha, nuacht faoi radón, dramhaíl, agus acmhainní uisce. Rinneadh níos mó 47,500 amharc ar fhíseáin de chuid GCC ar YouTube i rith 2017.

Sheol an GCC an comórtas "Story of Your Stuff" i rith 2017 chun feasacht a mhúscailt i measc daltaí meánscoile faoi nádúr teoranta acmhainní, tairbhí na hathchúrsála agus na hathúsáide, saolré táirgí agus na hathruithe a thagann ar tháirgí lena linn. Moladh do dhaltaí úsáid a bhaint as an eolas ar na leathanaigh ghréasáin www.epa.ie/irelandsenvironment/ um spreagadh agus thaighde cúlra agus físeán 90-soicind a chruthú chun saolré táirge a léiriú.

San fhíseán a ghnóthaigh an duais, le Iga Manulak agus Emma Jackson, daltaí i gColáiste Mhuire, Baile Easa Dara, Contae Shligigh – insíodh scéal pinn luaidhe, agus é ag léiriú scéal an phinn luaidhe ó chrann sa Bhrasaíl go haraid muiríne in Éirinn agus gach rud a tharla sa tréimhse sin. Fuarthas níos mó ná 100 iarracht ó dhaltaí meánscoile ar fud na hÉireann. Bronnadh a ngradam ar na daltaí a bhuaigh agus a scoil i rith 2017.



Iga Manulak agus Emma Jackson, Coláiste Mhuire, Baile Easa Dara, Co. Shligigh – a bhuaigh an comórtas Story of Your Stuff 2017

Arís eile chuir an GCC maoiniú ar fáil mar thacaíocht do Eco Eye agus craoladh an 15ú sraith de ar RTE 1 níos luaithe sa bhliain. Bhí beagnach 500,000 duine ar an meán ag breathnú ar gach clár den tsraith. Leanann an tsraith seo d'fheasacht comhshaoil a mhúscailt agus eolas cuimsitheach a chur ar

fáil don phobal faoi cheisteanna comhshaoil. Sa tsraith seo breathnaíodh ar an ról lárnach atá ag an gcomhshaol inár sláinte agus rinneadh staid reatha chomhshaol na hÉireann a iniúchadh.

Cheiliúir an GCC Lá Bliantúil Radóin na hEorpa (7 Samhain) le roinnt imeachtaí, a raibh ina measc gnéchlár faoi radón ar chlár cainte ar TV3 agus clár oideachais eolaíochta ar RTÉ 1; foilsíodh agallamh físe le hAmbasadóir Radóin na hEorpa; agus gníomhaíocht sna meáin chumarsáide náisiúnta agus áitiúla idir prionta agus craoladh. Bhí go leor plé ag an bpobal leis an bhfeachtas seo, agus níos mó ná 10,000 cuairt tugtha ar www.radon.ie i gcaitheamh thréimhse 24-uair an chloig agus méadú mór tagtha ar líon na dtithe ina ndearnadh tástáil do radón i rith na seachtainí tar éis na himeachta.

## Nuachtlitreacha




Scaipeadh trí eagrán de Nuacht GCC, an nuachtlitir chorparáideach leictreonach, go breis is 5000 síntiúsóir i rith na bliana. Chomh maith leis sin,, foilsíodh trí nuachtlitir Dobharcheantair in 2017. Soláthraíonn na nuachtlitreacha Dobharcheantair eolas faoi dhul chun cinn maidir leis an gCreat-Treoir Uisce a chur i bhfeidhm agus faoi ghníomhartha dearfacha i bpobail chun comhshaol uisce na hÉireann a fheabhsú.

## Comhdhálacha agus taispeántais

Thacaigh an GCC le 44 himeacht plé leis an bpobal i rith 2017. I measc imeachtaí lárnacha náisiúnta agus áitiúla bhí Taispeántas BT le haghaidh Eolaithe Óga & na Teicneolaíochta (áit ar bhronn an GCC Gradam Speisialta Comhshaoil chomh maith), Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus Féilte Eolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo. Leis na himeachtaí sin tugadh deis idéalach feasacht a mhúscailt i measc an phobail faoi chúrsaí comhshaoil agus a dtacaíocht a fháil dóibh.

Reáchtáladh an chomhdháil bhliantúil Environment Ireland, a eagraíodh i dteannta leis an GCC agus leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE) i bPáirc an Chrócaigh i Meán Fómhair 2017, agus os cionn 300 duine i láthair aici. Chuimsigh an clár láithreachais ag eochairchainteoirí faoin mbeartas i leith an chomhshaoil agus plé boird faoin éifeacht a bheidh ag an mBreatimeacht ar oileán na hÉireann. Pléadh na saincheisteanna sin chomh maith leis na hábhair rialta maidir le hathrú aeráide; uisce; an comhshaol agus an tsláinte, éifeachtúlacht acmhainne; agus inbhuanaitheacht;

Ar na príomhchomhdhálacha agus príomhócáidí eile a bhí ar siúl i rith na bliana, bhí:

- **An Ócáid Náisiúnta Uisce, Meitheamh 2017:** "Ag Obair le chéile ó Fhoinse go Farraige - Todhchaí Uisce na hÉireann". Is príomhfhóram í an ócáid seo d'údaráis áitiúla, comhlachtaí poiblí eile, baill d'eagraíochtaí neamhrialtais agus gairmithe uisce le bheith ag foghlaim faoi athruithe reatha ar bheartas agus chleachtais uisce na hÉireann. D'fhreastail cuid mhór toscairí ar an ócáid; bhí níos mó ná 340 toscaire i láthair le haghaidh an 2 lae.
- **Ceardlann 2-lae ar cháilíocht aeir,** a reáchtáladh i dTulach Mhór, Uíbh Fhailí, agus an GCC, údaráis áitiúla, an FSS agus grúpaí taighde tríú-leibhéal rannpháirteach inti.
- **Fóram Náisiúnta Radóin, a** thug lucht féachana idirnáisiúnta agus náisiúnta le chéile a raibh suim acu srian a choinneáil ar radón agus a raibh ról acu san iarracht leis an riosca ó radón in Éirinn a laghdú. Chuimsigh clár oibre an Fhóraim tuairisc shonrach ar éachtaí tábhachtacha NRCS 4-bliana de chuid an rialtais d'Éirinn. Ina theannta sin, tugadh láithreachais ar go leor tionscadal taighde a dhéanfar chun tacú leis an Straitéis.
- **Léacht ar Athrú Aeráide:** I mí Dheireadh Fómhair, thug an tOllamh Chris Rapley, Coláiste na hOllscoile, Londain, "Communicating Climate Change – Why So Difficult?" Sa léacht, a ndearna an Dr John Bowman cathaoirleacht uirthi, tugadh cuntas ar na dúshláin maidir le hathrú aeráide a chur in iúl agus deiseanna chun dul chun cinn a dhéanamh le plé a d'fhéadfadh go mbeadh gníomh éifeachtach mar thoradh air. D'fhreastail os cionn 400 duine ar an léacht agus freisin rinneadh í a shruthú beo trí láithreán gréasáin GCC. Bhí os cionn 400 amharc ag taifeadadh den léacht ar chainéal GCC: https://youtu.be/veguKfSxYUE




An tOllamh Chris Rapley, Laura Burke (Ard-Stiúrthóir GCC) agus an Dr John Bowman (Cathaoirleach) ag léacht GCC ar Athrú Aeráide



◢ **An Chomhdháil um Chomhshaol agus Sláinte:** Chomhóstaigh an GCC agus a FSS dara comhdháil faoin gcomhshaol agus shláinte ar an 29 Samhain 2017 i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail níos mó ná 150 toscaire ón FSS, ón GCC agus baill foirne atá ag obair sa réimse sláinte, leas agus rannpháirtíocht saoránach ar an gComhdháil chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus daoine acadúla. Tá láithreachais agus taifeadadh físeáin ón gcomhdháil ar fáil ar chainéal YouTube GCC: https://www.youtube.com/playlist?list=PLFesobjWT1FjsSn4NOH6BqzO2c7f5r_Gl




Cainteoirí ag an gComhdháil ar Shláinte agus Chomhshaol (ó chlé go deis): An Dr Easkey Britton (Tionscadal NEAR-Health, NUIG), Catherine Cosgrove (FSS), An Dr Simon O'Rafferty (Comhalta Taighde, Pobail Inbhuanaithe) agus Deirdre Garvey (POF, The Wheel).

## Oideachas

Rinne an GCC urraíocht ar cheacht faoin gcomhshaol agus leas i Science and Technology in Action, acmhainn ilmheáin do scoileanna dara leibhéil. Lean an GCC de chur chun cinn a chuid ábhar oideachais agus acmhainní eile ar líne in 2017 trí fhoilsiú spriocdhírithe alt in irisí comhshaoil agus oideachais, agus trí thionscnaimh fhor-rochtana.

## Clár Junior Achievement Ireland

Lean an GCC lena tacaíocht don chlár Junior Achievement Ireland in 2017, agus 27 mball foirne ó oifigí Mhuineacháin, Chill Chainnigh agus Bhaile Átha Cliath ag soláthar 30 cláir in 20 bunscoil agus iar-bhunscoil áitiúil. D'oibrigh an GCC le níos mó ná 750 leanbh scoile agus cláir curtha ar fáil dóibh a chuimsigh oideachas faoi fhiontraíocht, litearthacht airgeadais, scileanna STEM agus scileanna gnó agus saoil. Is iad aidhmeanna 'Gaiscí na nÓg' Éireann ná daltaí a spreagadh le fanacht ar scoil agus tairbhe a bhaint as na deiseanna a gcuireann a gcuid oideachais ar fáil dóibh.

**Déanaimid ár ndícheall tionchar a imirt ar athrú dearfach iompraíochta, trí thacú le gnóthaí, pobail agus teaghlaigh a bheith níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de.**

## 4.3 IOMPRAÍOCHT INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN

### An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola

Soláthraíonn an NWPP faoi stiúir GCC ceannaireacht agus tacaíocht le haghaidh tionscadal chun tacú le haistriú i dtreo inbhuanaitheachta ag sealbhóirí tí, gnóthais agus an earnáil phoiblí. Tá obair an NWPP dírithe ar cheithre thosaíocht théamach:

- úsáid éifeachtach acmhainní (uisce, ábhar, fuinneamh) sa ghnó a chur chun cinn;
- dramhaíl bhia a íoslaghdú agus úsáid éifeachtúil uisce a chur chun cinn i dtithe agus i bpobail;
- athúsáid agus aisghabháil acmhainní a uasmhéadú agus caipiteal nádúrtha a chaomhnú;
- athruithe ar iompar a spreagadh chun éifeachtúlacht acmhainne a normalú.

Cuirtear an clár i bhfeidhm trí shraith de thionscadail chomhlántacha ina ndírítear ar earnálacha agus ar shruthanna dramhaíola lárnacha. Foilsítear tuarascáil thiomnaithe don NWPP agus is féidir é a fháil ar shuíomh gréasáin GCC. Mar léiriú, tá próifíliú déanta ar rogha de thionscadail NWPP thíos.

### Greenbusiness.ie

Tá an Clár um Ghnó Glas ar an bhfód le 10 mbliana anuas agus é ar cheann de chláir an NWPP. Tá an clár á bhainistiú ag Ionad na Teicneolaíochta Glaine ó bhí Meitheamh 2011 ann agus i rith an ama sin thug Gnó Glas cuairt ar 270 cuideachta agus d’aithin os cionn €10 milliún de choigiltis chostais fhéideartha do ghnóthais.

In 2017, thug Gnó Glas cuairt ar chuideachtaí i go leor earnálacha lena n-áirítear fáilteachas, miondíol, déantúsaíocht, próiseáil bia, airgeadas agus rialtas. Rinne Gnó Glas 30 Measúnú ar Éifeachtúlacht Acmhainne (MEAnna) agus d’aithin €1.3 milliún de dheiseanna um shábháil costas, €44,500 in aghaidh na cuideachta ar tugadh cuairt uirthi.

Mhéadaigh Gnó Glas a ghníomhaíocht in earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBM) agus rinne teagmháil le cuideachtaí níos lú trí (a) líonraí Gnó Ghlais a bhunú i go leor réigiún agus (b) an uirlis Gnó Ghlais um éifeachtúlacht acmhainne, TREE, a chur i bhfeidhm, trínar cuireadh pleananna gnímh um éifeachtúlacht acmhainne ar fáil do níos mó ná 150 FBM.

D’oibrigh Gnó Glas le FBManna trí sheimineáir ar Ghnó Glas a eagraíodh i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla, le hoifigí fiontair áitiúil, comhlachais tráchtála, agus líonraí gnó eile. Tá láithreachas déanta ag Gnó Glas do níos mó ná 800 toscaire ag na himeachtaí sin.

In 2017, d’athfhorbair Gnó Glas a láithreán gréasáin chun plé níos éifeachtaí le gnóthais agus leis an bpobail faoi chúrsaí éifeachtúlachta acmhainne.

### Deireadh a Chur le Cur Amú Bia

In 2015, thug Éire i dteannta le beagnach 200 tír eile, gealltanas chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA a bhaint amach. Cuimsíonn na spriocanna sin gealltanas sonrach i leith dramhaíola bia. Tá an GCC geallta chun ceannaireacht a thabhairt i dtreo dramhaíl bhia a laghdú trí go leor gníomhaíochtaí atá ar siúl faoi láthair. Leis an gclár Cosc ar Chur Amú Bia, leantar ar aghaidh ag cur chun cinn coisc ar dhramhaíl bhia agus ag plé le pobail agus páirtithe leasmhara ábhartha eile. Tríd an Dúshlán um Chosc ar Chur Amú Bia, tá pobail ag laghdú a ndramhaíl bhia trí oibriú le chéile chun smaointe a fhoghlaim agus a roinnt maidir le dramhaíl bhia a laghdú. I mí an Mhárta 2017 seoladh Cairt na hÉireann um Chosc ar Chur Amú Bia ag an Aire Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil, Denis Naughten, TD agus ag Ard-Stiúrthóir GCC, Laura Burke. Is comhthiomantas tionscail é an Chairt a bhfuil d'aidhm aige, cur amú bia a laghdú feadh an tslabhra soláthair ina iomláine. Le cabhair ón GCC, déanfaidh sínitheoirí na Cairte dramhaíl bhia a thomhas, aithneoidh siad feabhsúcháin agus socróidh siad spriocanna réalaíocha ar féidir a thomhas.

### Cúram Sláinte Glas

Tá an Clár um Chúram Sláinte Glas ag feabhsú éifeachtúlacht acmhainne agus ag cabhrú le dramhaíl a laghdú agus costais a shábháil i saoráidí cúraim sláinte in Éirinn ó baineadh triail as ar dtús in 2009. Déantar é a chómhaoiniú leis an FSS agus téann an clár i ngleic leis na feidhmeanna seo a leanas: caomhnú uisce, bainistíocht dramhaíola agus dramhaíl bhia a chosc.

Aschur mór in 2017 ab ea foilsiú threoirlínte dea-chleachtais um úsáid éifeachtach uisce in ospidéil. Seoladh sin ag imeacht oiliúna FSS inar díríodh ar úsáid éifeachtach uisce san earnáil

cúraim sláinte. Rinne cur i láthair d'obair chun éifeachtúlacht uisce a mhéadú lenar áiríodh athúsáid a bhaint as uisce ó chúlosmóis i scagdhealú duán agus ó brath agus deisiú ligean, chomh maith le fomhéadrú ar úsáid uisce. Leanadh ar aghaidh leis an gclár um logáil sonraí uisce in 2017, rud a cheadaigh d'ospidéil aonair úsáid iomarcach sa chúlra a aithint – rud a shonraíonn ligin fhéideartha. D'aithin dhá hospidéal coigiltis fhéideartha in úsáid uisce ar luach de níos mó ná €75,000 in aghaidh na bliana. Leanadh ar aghaidh le hobair in 2017 ar bhearta chun dramhaíl bhia a laghdú agus ar fheabhsú bhainistíocht dramhaíola ginearálta agus dramhaíola riosca don chúram sláinte.

## Malartán Acmhainní SMILE

Is ardán siombóise tionsclaíche Éireann é Malartán Acmhainní SMILE, a sholáthraíonn seirbhís saor in aisce do ghnóthais ionas gur féidir leo teagmháil a dhéanamh lena chéile agus sineirgí a shainaithint, rud a ligeann ábhair nach bhfuil de dhíth i ngnóthas amháin a bheith úsáidte mar acmhainn i ngnóthas eile. 'éirigh le SMILE 80 sineirge a bhaint amach in 2017. Is ionann seo agus thart ar 2943 tonna ábhair a atreoraíodh ó ionaid líonta talún agus a úsáideadh chun críche aisghabhála/athchúrsála, nó a atreoraíodh ó athchúrsáil/aisghabháil le haghaidh athúsáide nó athdhéantúsaíochta. Is ionann an 80 sineirge seo ina n-iomláine agus coigilteas airgid de thart ar €541,667 d'eagraíochtaí.

Go dtí seo, tá tacaíocht dhíreach tugtha ag SMILE do 1862 sineirge agus gach bliain is ionann sin agus atreorú iomlán de 35,253 tona d'ábhair ó líonadh talún agus tairbhe eacnamaíoch bainteach de €6.4 milliún le haghaidh na tréimhse 2010 go 2017.

In 2017 mhéadaigh an bhallraíocht ar an láithreán gréasáin faoi 163 i gcomparáid le méadú de 99 mball in 2016. Faoi láthair, tá 1002 ball cláraithe sa réigiún Theas, 428 i réigiún an Oirthir agus Lár Tíre, 112 i réigiún Chonnacht Uladh agus 39 mball eile i.e. baill ó Thuaisceart Éireann/Cainéil Líonra, etc.

In 2017 ainmníodh SMILE do Ghradam Pakman don tríú bliain as a chéile agus ghnóthaigh an gradam don dara bliain as a chéile.

## Saor-Thrádáil Éireann

In 2017, d'athúsáid Saor-Thrádáil Éireann 10,030 mír, ag síneadh shaolré na míreanna agus ag atreorú níos mó ná 143 tona d'ábhair ardchaighdeáin ó líonadh talún go húsáideoirí na seirbhíse. Mar thoradh ar úsáid na seirbhíse sábháladh thart ar 1287 tonna de dhé-ocsaíd charbóin agus bhain úsáideoirí na seirbhíse amach coigiltis airgeadais mhóra.

Rinne Saor-Thrádáil Éireann staidéar ar scála beag ar luacháil seirbhísí athúsáide chun cur chuige cruinn a shocrú i dtreo coigiltis a ríomh ó athúsáid míreanna tríd an láithreán gréasáin. Clúdaíonn na coigiltis na costais diúscartha arna seachaint agus an costas as mír nua chomhionann a cheannach. Rinne an fhoireann athbhreithniú ar shonraí margaidh faoi chostas na míreanna do gach ceann de na 277 catagóir atá ar fáil ar Saor-Thrádáil Éireann. Rinneadh raon de luachanna airgeadaíochta do gach catagóir, agus rinneadh anailís orthu, agus sannadh luach deireanach. Aontaíodh ar na luachanna sin leis an GCC agus foilsíodh tuarascáil inar tugadh sonraí ar an obair (Quantifying the Monetary Value of Reuse) i mí Lúnasa 2017.

Agus na luachanna athbhreithnithe curtha i bhfeidhm, ba iad na coigiltis dhíreacha ó athúsáid míreanna tríd an láithreán gréasáin ná €589,000 in 2017. Athúsáideadh míreanna breise ar luach €81,000 a cuireadh suas ar an láithreán gréasáin in 2017 ar bhealaí malartacha (mar a thaifead úsáideoirí ar an láithreán gréasáin). Ar an iomlán, d'éascaigh an tseirbhís athúsáid míreanna go luach €670,230 in 2017.

Go dtí seo, tá athúsáid bainte as 122,500 mír ó chur i bhfeidhm choincheap na Saor-thrádála, agus an toradh air sin ná coigiltis charbóin de níos mó ná 13,200 tonna.

## An Líonra Pobail um Athúsáid

Is bratchomhlacht uile-Éireann é Líonra Pobail Éireann um Athúsáid (CRNI), a dhéanann ionadaíocht ar eagraíochtaí atá lonnaithe sa phobal agus a bhfuil baint acu le hathúsáid. Tacaíonn baill an líonra le 968 post agus 7620 post do shaorálaithe agus d'éascaigh siad athúsáid 32,600 d'ábhair, agus 67,800 tonna eile athchúrsáilte. Is fiontair shóisialta iad an chuid is mó de bhaill an líonra, a bhíonn ag feidhmiú chun leasa an phobail ar bhonn socheacnamaíoch, agus go díreach chun leasa an chomhshaoil chomh maith. In 2017 aontaíodh ar bheartas nua i leith ballraíochta agus cuireadh fáilte roimh chúigear ball nua chuig an líonra: an Tionscadal Uaschúrsála, Moil FoodCloud, WeShare, the BabyMarket agus USEL.

Aithníodh múscailt feasachta faoi ghníomhaíochtaí baill agus dheiseanna um athúsáid mar thosaíocht lárnach do bhaill CRNI in 2017. Chun é sin a éascú, d'fhostaigh CRNI oifigeach imeachtaí agus cumarsáide, rud a chumasaigh níos mó rannpháirtíochta i Mí na hAthúsáide 2017, agus d'óstaigh siad seimineár chun deiseanna a scrúdú um forbairt fiontair athúsáide agus athchúrsála pobail. Freisin d'eagair CRNI imeachtaí rialta líonraithe agus oiliúna chun dea-chleachtas a roinnt i measc ball.

Ba é an tionscadal mór taighde ar gabhadh dó in 2017 ná an tionscadal "Re.Mark", tionscadal um Chaighdeán Cáilíochta maoinithe ag an GCC, arb í an aidhm atá i gceist leis ná luach a shocrú um marc cáilíochta d'athúsáid in Éirinn/Tuaisceart Éireann maidir le muinín tomhaltóirí as earraí athúsáidte a neartú. Sa tionscadal sin chuaigh deichniúr ball i mbun próisis phíolótaigh um dheimhniú atá ceaptha chun próisis agus córais a fheabhsú chomh maith le dearadh siopaí agus taithí custaiméirí, agus creidiúnú a fháil sa deireadh.



## Ionaid beir leat um dhramhaíl ghuaiseach feirme

Tá an scéim bhailiúcháin um Dhramhaíl Ghuaiseach Feirme ag oibriú ar bhonn píolótach ó bhí 2013 ann, faoi stiúir GCC agus i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara lena n-áirítear Teagasc, an DCCAE, an DAFM agus údaráis áitiúla. Cuireadh i bhfeidhm an cúigiú timthriall de bhailiúcháin Dramhaíola Guaisí Feirme faoi stiúir GCC in 2017. I gcaitheamh deich n-imeacht 1-lae um bailiú, d'fhág 2400 feirmeoir 54 thonna de dhramhaíl ghuaiseach agus 122 thonna de dhramhola um chóireáil agus dhiúscairt shábháilte. Áiríodh leis an dramhaíl a tugadh lotnaidicídí breise agus innill tréidliachta caite. Ina theannta sin, bailíodh os cionn 122 thonna de WEEE agus de cheallraí um próiseáil agus athchúrsáil.

I gcaitheamh na 5 bliana den fheachtas, ghlac 9000 feirmeoir páirt i 46 lá bailiúcháin a reáchtáladh ar fud gach contae in Éirinn. San iomlán, baineadh beagnach 1000 tonna de dhramhaíl ghuaiseach ón timpeallacht agus rinneadh é a dhiúscairt go sábháilte. Áirítear leis sin seancheimiceáin oidhreachta mar DDT, ciainíd, stricnín agus POPanna eile. Tá an feachtas an-dearfach ó thaobh riosca don chomhshaol a laghdú agus freisin feabhsaítear sábháilteacht do theaghlaigh fheirme.

I rith 2017, bhuaigh an scéim Dramhaíola Guaisí Feirme an chéad duais sa chatagóir Barr Feabhais ar Bhonn Comhoibrithe ag an ócáid bhliantúil Gradaim na Státseirbhíse i dtaca le Barr Feabhais agus Nuáil.

## Dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú

Leanadh de chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta leasaithe um Bhainistiú Dramhaíola Guaisí (NHWMP) (2014–2020) in 2017. Is ceann de phríomhspriocanna an Phlean ná laghdú a dhéanamh ar an dramhaíl guaiseach atá tionscail agus an pobal i gcoiteann a ghiniúint. Tá tuarascáil dul chun cinn faoi chur i bhfeidhm an NHWMP le bheith foilsithe in 2018.

Lean an foghrúpa a thionóil GCC faoin gCoiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl ar aghaidh ag déanamh moltaí ar leith de chuid an phlean chun dramhaíl ghuaiseach a chosc.

Cuireadh tús in 2017 le staidéar chun fardal a chur ar bun maidir le cumas reatha na hÉireann, déileáil le cóireáil dramhaíola guaisí (aisghabháil agus diúscairt); is é aidhm an staidéir dul chun cinn na tíre i dtreo níos mó neamhspleáchais a rianú. Scrúdaíodh treochtaí measta i nginiúint dramhaíola guaisí sa todhchaí agus cumas na hÉireann na cineálacha sin dramhaíola a láimhseáil. Léiríonn na treochtaí laghdú ar dhramhaíl tuaslagán, agus méadú ar dhramhaíl ghuaiseach arna giniúint ag ionaid dramhaíola go fuinneamh. Tá tionscadal chun éifeachtúlacht rialachán ar nós REACh agus Srian ar Shubstaintí Guaiseacha (RoHS) a scrúdú maidir le guaiseacht táirgí agus substaintí a laghdú ina thosaíocht lárnach do 2018.


Déanfar tuilleadh oibre scrúdaithe ar Dhiúscairt Cheart Cógas Neamhúsáidte (Disposal of Unused Medicines/DUMP) in 2018, trí mheán tionscadail bhig um thréithriú ar na cineálacha agus méideanna cógas atá ag teacht chun cinn mar chuid den fheachtas DUMP.



"Forbróimid ár mbaill foirne agus déanfaimid ár n-eagraíocht a ailíniú chun torthaí den scoth don chomhshaol a éascú, agus chun é seo a chur i gcrích, díreoimid ar fhorbairt agus ar chur chun cinn sláinte, folláine agus sábháilteachta oibre in eagraíochtaí, agus cothóimid cultúr ceannaireachta, leasúcháin agus nuálaíochta."

# 5. AR FHEABHAS GO HEAGRAÍOCHTÚIL

## 5.1 STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA



# 5.2 BORD STIÚRTHÓIRÍ GCC



Sa phictiúr (ó chlé go deis): An Dr Eimear Cotter* (Stiúrthóir, An Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil), an tUas. Gerard O'Leary (Stiúrthóir, An Oifig Forfheidhmithe um an gComhshaol), An Dr Matthew Crowe (Stiúrthóir, an Oifig um Fhianaise agus Measúnú), Ms Laura Burke (Ard-Stiúrthóir), An Dr Micheál Lehane (Stiúrthóir, An Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Chomhshaoil) agus an Dr Micheál Ó Cinnéide (Stiúrthóir, an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha).

*Ceapadh an Dr Eimear Cotter ag an Rialtas mar Stiúrthóir GCC ar an 1 Meán Fómhair 2017 tar éis gur imigh an tUas. Dara Lynott i mí Iúil, tar éis dó seirbheáil mar an Leas-Ard-Stiúrthóir agus an Stiúrthóir ó bhí Iúil 2004 ann.



Dara Lynott

## Cruinnithe Boird

Tá seisear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lánaimseartha ar Bhord GCC. Tionóladh iomlán 48 gcruinniú den Bhord in 2017; chuimsigh sé seo 13 chruinniú ghinearálta ag ar pléadh le ceisteanna corparáideacha beartais, rialachais straitéise, airgeadais agus pleanála, chomh maith le 35 cruinniú teicniúil ag ar pléadh le hiarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus ceisteanna oibriúcháin.

## Coiste Comhairleach GCC

Cuireann Coiste Comhairleach de 12 chomhalta cúnamh ar fáil do Bhord Feidhmiúcháin GCC ainmníonn eagraíochtaí sainordaithe na comhaltaí sin agus ceapann an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil iad. Tá Ard-Stiúrthóir GCC ina bhall agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste de bhrí oifige. Maireann téarma oifige an Choiste 3 bliana.

Tá réimse leathan feidhmeanna comhairleacha ag an gCoiste Comhairleach faoi Acht GCC, 1992 mar atá leasaithe, lena n-áirítear moltaí a dhéanamh don GCC nó don Aire maidir le feidhmeanna GCC.

Cheap an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an tUas. Denis Naughten, TD, an 7ú Coiste Comhairleach ar an 5 Nollaig 2016.



Sa phictiúr (ó chlé go deis): An tUas. Harold Kingston, an Dr Áine Ryall, an Dr Cara Augustenborg, Ms Laura Burke, an tUas. Sean Finlay, Ms. Collette Byrne, an tUas. Dara Lynott (Iar-Stiúrthóir GCC), Ms. Elaine Nevin, an tUas. Frank Conlon, an tUas. Sean Finan agus an Dr Ina Kelly. Tá an Dr Rónán Kennedy agus an tOllamh Fiona Lyng as láthair ón ngrianghraf.

### Baill Ceaptha ó Chomhlachtaí Forordaithe

Ms Collette Byrne (arna hainmniú ag Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach)
An Dr Ina Kelly (arna hainmniú ag Stiúrthóirí Sláinte Poiblí de chuid an FSS)
An Dr Cara Augustenborg (arna hainmniú ag Líonra Comhshaoil na hÉireann)
An Dr Rónán Kennedy (arna ainmniú ag Cumann Dlí Chomhshaoil na hÉireann)
An tUas. Harold Kingston (arna ainmniú ag Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann)
Ms. Elaine Nevin (arna hainmniú ag Comhairle Náisiúnta na nÓg)
An tOllamh Fiona Lyng (arna hainmniú ag Cumann Taighde Radaíochta na hÉireann)

### Baill Ceaptha ag an Aire

An Dr Áine Ryall
An tUas. Sean Finlay
An tUas. Frank Conlon
An tUas. Sean Finan

### Cathaoirleach

Ms Laura Burke, Ard-Stiúrthóir, GCC

### Cruinnithe

Tháinig tús le téarma oifige an 7ú Coiste Chomhairligh i mí na Nollag 2016 agus críochnóidh sé i mí na Nollag 2019. In 2017 tionóladh ceithre chruinniú in ionaid éagsúla de chuid GCC, áit ar bhreithnigh an Coiste raon leathan ceisteanna

Cheap an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil Denis Naughten, TD, an 7ú Coiste Comhairleach ar an 5 Nollaig 2016.

## Coistí Comhairleacha Eile

### Coiste Comhairleach um Dhumpáil san Fharraige

Reáchtáladh dhá chruinniú den Choiste Comhairleach ar Dhumpáil san Fharraige in 2017. Leanann ballraíocht reatha an choiste ar aghaidh le haghaidh na tréimhse Deireadh Fómhair 2016 go Deireadh Fómhair 2019. I rith 2017, phléigh an coiste bruscar mara, ábhar dreideála éillithe, anailís raideolaíoch ar dhríodar mara, ceanglais an CTU i dtaobh hidreamoirfeolaíochta, monatóireacht acústach ar mhamaigh mhara i mBá Átha Cliath agus an cháipéis treorach nua de chuid GCC um shealbhóirí ceada, *EPA Guidance on Requests to Alterations to a Dumping at Sea Permit*. Tharla tuilleadh plé idir an GCC agus an coiste trí chumarsáid leictreonach.

### An Coiste Comhairleach ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe

Reáchtáladh aon chruinniú amháin den Choiste Comhairleach ar OGM in 2017 agus lena linn phléigh an GCC togra chun comhlacht oiriúnach a bhunú le measúnú níos leithne a dhéanamh ar theicnící póraithe nua, impleachtaí eiticiúla, sóisialta agus éiceolaíocha san áireamh. Ina dhiaidh sin, scríobh an GCC chuig an Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil chun iarraidh go mbunófaí a leithéid de chomhlacht.

I measc ábhar eile a rinne an coiste a mheas bhí ceist maidir le feidhmíocht trialach cliniciúla ar ghéinteiripe lena raibh baint ag OGM agus a riar d'othair Éireannacha in ionad trialach sa RA agus roinnt pointí eolais maidir le géinfhuadair agus bunú meitheal oibre ad hoc ar leibhéal AE chun plé leis an idirghníomhú idir reachtaíocht OGM agus an reachtaíocht ar tháirgí leighis.

Tharla tuilleadh plé leis an gcoiste i gcaitheamh na tréimhse, trí chumarsáid leictreonach. Ba é an cruinniú sin an cruinniú deireanach den 7ú Coiste Comhairleach ar OGM (2014–2017), a ndeachaigh a thréimhse oifige in éag i mí Iúil 2017. Ceapadh an 8ú Coiste Comhairleach ar OGM (2017–2020) i gcomhréir le Cuid VI de na Rialacháin ar OGM (Scaoileadh d'aon Ghnó) I.R. Uimh. 500 de 2003.

### An Coiste Comhairleach um Shláinte

Cuireadh an Coiste Comhairleach um Shláinte ar bun in 2011, agus is é an cuspóir atá aige ná cabhrú leis an GCC agus comhairle a chur air maidir leis na himpleachtaí sláinte poiblí a bhaineann le ceisteanna cosanta comhshaoil. Cuimsíonn an coiste ionadaithe ó chomhlachtaí poiblí a oibríonn ar shaincheisteanna comhshaoil agus sláinte, lena n-áirítear an FSS, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Bord um Thaighde Sláinte, DCCAE, DFAM, an Roinn Sláinte, an Bord Pleanála, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte, DHPLG agus Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae. Bhí trí chruinniú ag an gcoiste le linn 2017, agus ar na hábhair a pléadh bhí eolas faoi cháilíocht aeir in Éirinn; tosú loisceoir an Phoill Bhig; plean gníomhaíocht um boladh; pobail inbhuanaithe; scéim um maoirseacht ar shláinte ainmhí; measúnú ar thionchair fhéideartha ar shláinte an duine i gcomhthéacs an EIA; agus forfheidhmiú údaráis áitiúil i leith comhshaoil.

### An Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch

Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch le linn 2017. Thug an GCC tuairiscí síos chun dáta don choiste ar thrashuíomh Treorach athbhreithnithe an AE ar BSS, lena n-áirítear radón in ionaid oibre agus ceanglais oideachais agus oiliúna i gcomhthéacs na Treorach nua. I measc ábhar eile a measadh bhí an chéad ghlúin eile de ghairmithe ar chosaint raideolaíochta a fhorbairt agus tacú leo agus tuairisc ar údarú grádaithe an phróisis rialála.



## 5.3 ACMHAINNÍ DAONNA

Tar éis plé fhairsing le baill foirne, foilsíodh an Creat Straitéiseach ar Fhorbairt Acmhainní Daonna (HRD) 2017–2021 i mBealtaine 2017. Aithníodh é mar ghníomh lárnach i *bPlean Straitéiseach GCC 2016–2020: Ár gComhshaol, Ár bhFolláine.* Leagadh amach sa straitéis an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an eagraíocht bheith ina heiseamláir um stiúrthóireacht agus forbairt a cuid ball foirne agus acmhainní eagrúcháin chun a mandáit a bhaint amach. Sa Straitéis HRD aithníodh raon de straitéisí feidhmiúla agus cumais i ngach ceann de na ceithre sprioc atá leagtha amach sa cháipéis:

- fórsa saothair, sláintiúil, gafa agus dianseasmhach a chothú;
- baill foirne agus acmhainní eagraíochta GCC a fhorbairt;
- bainisteoirí GCC a chumhachtú mar shaineolaithe agus cheannairí;
- samhail GCC um sheachadadh acmhainní daonna a fhorbairt.

Ba é an líon foirne faofa a bhí ag an GCC ar an 31 Nollaig 2017 ná 392. Tá 154 san iomlán d'fhoireann GCC lonnaithe ina cheanncheathrú i Loch Garman, agus tá an chuid eile lonnaithe go straitéiseach sna cúig Chigireacht Réigiúnach agus sa dá hOifig Hidriméadrachta ar fud na tíre.



Baill foirne GCC ar Lá na Gníomhaireachta, 2017

Le linn 2017, rinneadh cuid mhaith athruithe eagraíochta chun dul i ngleic leis na tosaíochtaí agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn.

Rinneadh neart forbairtí lárnacha mar thoradh ar chur i bhfeidhm Córais chomhtháite um Bainistíocht Faisnéise Acmhainní Daonna. Feabhsóidh na forbairtí agus na héifeachtúlachtaí seo ról na mbainisteoirí líne maidir le bainistíocht ball foirne, agus soláthróidh siad cumas tuairiscithe feabhsaithe chun baill foirne a bhainistiú. Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an chórais sin i rith 2017 agus tugadh isteach modúil chomhtháite ar Am agus Fhreastal agus Aoisliúntas.

D’fhaomh an GCC clár intéirneachta nua tríú-leibhéal. Tá an GCC ag comhoibriú le raon leathan d’institiúidí tríú-leibhéal chun déanamh cinnte go nglactar isteach mic léinn den chaighdeán is airde agus go dtugtar deis do mhic léinn oibriú in eagraíocht seirbhíse poiblí atá an-éifeachtach agus fíorchasta. Leanadh ar aghaidh leis an gclár socrúcháin do mhic léinn samhraidh in 2017 agus deis tugtha do níos mó ná 30 mac léinn tríú-leibhéal an teoiric agus na scileanna a d'fhoghlaim siad le linn a gcuid oibre cúrsa a chleachtadh agus a fheabhsú i dtimpeallacht bhainteach oibre, agus freisin go ndéanfaidís a gcion oibre úsáidí ar mhaithe leis an eagraíocht.

### Scileanna agus cumais

Tairgeann an GCC réimse leathan tacaí don fhoireann go léir chun cabhrú leo an ról atá acu faoi láthair a chur i gcrích agus a fhorbairt, ullmhú le haghaidh ról amach anseo agus feabhsú a dhéanamh ar dhoimhneacht na scileanna agus an eolais ar feadh na heagraíochta. Léirítear an tiomantas seo sa chaiteachas um foghlaim agus forbairt arb ionann é agus thart ar 3% den chaiteachas ar phárolla. I rith 2017, ghlac an fhoireann páirt i go leor ócáidí amhail cúrsaí oiliúna, ceardlanna, comhdhálacha agus seimineáir. San áireamh sna himeachtaí seo, bhí deiseanna neamhfhoirmiúla foghlama a

mheasann an GCC a bheith ina bhfóram suntasach foghlama. B'ionann seo agus os cionn 2,350 lá oiliúna – 5.5 lá oiliúna in aghaidh an duine ar an meán.

Tá Plean Foghlama agus Forbartha bliantúil leagtha amach chun tacú le spriocanna GCC a bhaint amach, fad is a thacófar freisin le riachtanais forbartha foirne agus daoine aonair.

## Ceannaireacht láidir

Tá roinnt tionscnamh ar fáil do cheannairí sa GCC, amhail cur i bhfeidhm leanúnach an chláir um Scileanna Riachtanacha Bainistíochta agus Ceannaireachta. Bhí an clár deartha ar dtús chun oiliúint bhainistíochta a thabhairt d'aon duine atá ag athrú ó phost mar bhainisteoir neamh-dhaoine go bainisteoir daoine. Tá sé leathnaithe ó shin chuig lucht éisteachta níos leithne, is é sin bainisteoirí ó gach leibhéal a bhfuil suim acu a gcuid cumais ceannaireachta a athnuachan agus a athdhíriú.

Cuimsíonn an clár agus léiríonn sé na bunluachanna atá ag an GCC agus dírítear freisin ann ar fhoghlaim ghníomhach. Tugann sé sin an cumas feasa, scileanna agus iompair do bhainisteoirí GCC, lena gcuid clár oibre agus faoi dheireadh Straitéis GCC a sholáthar.

## Páirtíocht

Tá Coiste Comhpháirtíochta GCC – Meitheal – ar bun ó 1999 i leith. Cabhraítear le hobair Meitheal trí idirchaidreamh le grúpaí tras-oifige. Le linn 2017, lean Meitheal dá ról maidir le forbairt ghníomhaíochtaí na Foirne Glaise agus maidir le comhairliúchán foirne ar chur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach GCC agus forbairt leanúnach an straitéis HRD. Lean Meitheal ar aghaidh ag tacú le tionscnaimh Gaiscí na n-Óg agus Fás Féin É, agus freisin, rinne sé rannpháirtíocht GCC a bhainistiú ar Lá Náisiúnta na Folláine sa Láthair Oibre in 2017.

### Folláine Láthair Oibre ag an GCC

Ghlac an GCC, faoi stiúir Meitheal, páirt sa Lá Náisiúnta um Folláine sa Láthair Oibre in 2017. Bhí gníomhaíochtaí ar siúl i gcaitheamh na seachtaine roimh an Lá Náisiúnta um Folláine sa Láthair Oibre agus ar an lá féin. Moladh do bhaill foirne in oifigí GCC páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí mar an míle ag am lóin, seisiúin Fás Féin É agus cur chun cinn bia fholláin. I measc gníomhaíochtaí nua ar tugadh fúthu in 2017 i seimineáir, iontráil sna Gradaim don Lá um Folláine sa Láthair Oibre agus feasacháin chumarsáide faoi fholláine sa láthair oibre.

## Sábháilteacht, sláinte agus leas ag an Obair

Tuigeann an GCC go bhfuil sábháilteacht, sláinte agus leas ina riachtanais bhunúsacha ina cuid oibríochtaí. Chuige sin, is é beartas GCC ná a ghnó a stiúradh ar bhealach a chosnaíonn sábháilteacht, sláinte agus leas ball foirne, cuairteoirí, conraitheoirí agus baill den phobal a d’fhéadfadh go mbeadh baint acu le gníomhaíochtaí GCC. Soláthraíonn an GCC, an oiread agus is féidir go praiticiúil, áit oibre shábháilte agus córas oibre sábháilte dá cuid ball foirne i gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas Oibre, 2005. Treisíodh an gealltanas nuair a ceapadh Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta tiomnaithe i mí Mheán Fómhair 2016, agus nuair a leanadh d'fhorbairt an Chórais nua um Bhainistíocht Sábháilteachta a bhí curtha in oiriúint do OHSAS 18001, i mí an Mheithimh 2017. Leanfar ar aghaidh ag cumhdach an chórais nua in 2018.

## Seirbhís do chustaiméirí

Rinneadh Cairt Chustaiméirí GCC a athbhreithniú agus a nuashonrú chun na Prionsabail um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a thógáil san áireamh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (CoPSB 2016).

## Ceisteanna faoin gcomhshaol

Chun a chuid gealltanas atá leagtha amach i gCairt Chustaiméirí GCC a chomhlíonadh, déanann an GCC taifead agus rianú ar gach freagra ar fhiosruithe ginearálta faoin gcomhshaol ón bpobal. I rith 2017, próiseáladh tuairim is 2184 fiosrú, agus iad faighte ar an nguthán, trí ríomhphost nó ar líne. Na hábhair ba mhó suime don phobal ná ceisteanna i dtaca le córais teaghlaigh um chóireáil fuíolluisce, radón, truailliú torainn, cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, cáilíocht an uisce óil (toibreacha príobháideacha agus an soláthar uisce poiblí), agus fadhbanna údaráis áitiúil, amhail dó i gclóis agus dumpáil neamhdhleathach.

## 5.4 TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

I straitéis chorparáideach GCC leagtar amach an mian úsáid acmhainne theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) a fheabhsú chun tacú le leasú agus nuáil. Tá Fo-Choiste Boird chun maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus ar an treoir straitéiseach ar an athrú a chumasaíonn TFC. Is iad na príomhthosaíochtaí a bhaineann le hinfheistíocht TFC ná réimsí amhail soláthar eolais, bainistíocht sonraí, seirbhísí ar líne agus roinnte, teicneolaíochtaí ceannródaíocha, agus forbairt chumais inmheánacha TFC.

I rith 2017 tugadh lántacaíocht d'aonaid ghnó GCC agus rinneadh gach córas TFC riachtanach bainteach le gnó a chothabháil agus a bharrfheabhsú mar is gnáth. Ní bliain "gnó mar is gnáth" a bhí in 2017, áfach, sa mhéid is gur infheistíodh cuid mhór acmhainní i rith 2017 ar athailíniú acmhainní TFC GCC agus in uasghrádú TFC GCC. Cé gur tugadh aird ar an obair thábhachtach sin in 2017, bhí béim níos lú curtha ar fhorbairt feidhmiúlachta nua d'úsáideoirí gnó GCC. Trí am agus acmhainní a infheistiú sna cúraimí sin nach mbaineann le gnó in 2017, meastar go mbainfear amach toradh do gach aonad gnó sna blianta atá le teacht, ó thaobh éifeachtúlachta feabhsaithe, agus don eagraíocht ina hiomlán, ó thaobh luacha ar airgead.

### Slándáil faisnéise

Tá faisnéis ina sócmhainn lárnach don GCC. Tá cosaint fhaisnéis, teicneolaíocht agus feidhmchláir GCC ríthábhachtach chun gur féidir leis an GCC a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach. Dá réir sin, thug an GCC isteach beartais agus teicneolaíochtaí le cúpla bliain anuas chun freastal ar éileamh méadaithe i réimse na slándála faisnéise, agus déantar athbhreithniú tréimhsiúil orthu siúd. Mar gheall ar rialacháin um chosaint sonraí, freisin, ba ghá athrú a dhéanamh ar chleachtais GCC.

Agus fás tagtha ar réimse an TFC, tá raon bagairtí nua tagtha chun cinn agus iad ag bagairt ar oibriú slán líonraí TFC (mar haiceáil, cibearchoireacht, haiceáil chúise cibear-spiaireacht). Tá buaic nua bainte amach ag líon na n-ionsaithe ar shlándáil le blianta beaga anuas. Chun cabhrú leis an réimse sin, sa Straitéis Náisiúnta ar Chibearshlándáil d'Éirinn (2015–2017), a d'fhorbair an DCCAE, leagadh amach na gníomhartha straitéiseacha ardleibhéil atá mar bhonn don bheartas náisiúnta sa réimse sin agus bunaítear bearta le glacadh i dtaobh gach saghas ionsaí. Cloíonn an GCC leis na bearta sin agus oibríonn i ndlúth-theagmháil leis an bhFoireann Fhreagartha um Theagmhas Náisiúnta i leith Shlándáil Ríomhaire (CSIRT-IE).

Freisin tugadh faoi neartú ar fheasacht úsáideoirí agus athrú cultúir maidir le hábhar an tslándáil faisnéise chun cinntiú gur féidir leis an GCC a gnó a dhéanamh agus a clú a chosaint.

I measc na ndúshlán is mó don GCC amach anseo tá na bearta agus na gníomhartha atá riachtanach chun dul i dtaithí ar thírdhreach TFC a bhíonn ag athrú i gcónaí, ina leanann bagairtí ar aghaidh ag dul i méid agus ina dtagann siad chun cinn ó fhoinsí nua.

### Uasghráduithe ar theicneolaíocht

Úsáideann an GCC an teicneolaíocht mar phríomhbhealach cumasaithe chun a cuid oibre a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil. Úsáidtear teicneolaíochtaí chun gur féidir riachtanais ghnó a chomhlíonadh, chun cabhrú le baint amach thorthaí straitéiseacha GCC agus chun bonn a sholáthar ar féidir teacht ar réitigh agus iad a chur i bhfeidhm.

Mar sin, tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfadh an GCC a cuid teicneolaíochtaí suas le dáta maidir le barántas, athruithe ar shlándáil agus cumas tacú leo. I rith 2017, rinne an GCC uasghrádú ar roinnt teicneolaíochtaí lárnacha dá cuid (Microsoft SharePoint, Microsoft CRM agus Microsoft Office) agus úsáidfidh siad na teicneolaíochtaí sin chun próisis ghnó a fheabhsú, iontaofacht a fheabhsú agus freastal ar riachtanais pháirtí leasmhair a fheabhsú. Freisin déanfar cinnte go mbainfear leas iomlán as na teicneolaíochtaí ionas go mbainfear an leas is mó as infheistíochtaí. Ina theannta sin, tá níos mó deiseanna ann leas a bhaint as néal-sheirbhísí agus teicneolaíochtaí nua eile, chomh maith le gá le córais a shimpliú chun go mbeidh taithí níos fearr ag an úsáideoir.

Trí bhealaí nua a fhiosrú chun teicneolaíocht reatha a úsáid, agus coinneáil suas le forbairtí nua sa teicneolaíocht, beidh an deis ag an GCC an leas is mó agus is féidir a bhaint as an teicneolaíocht agus cur ar chumas ball foirne díriú ar chúraimí ardluacha agus ar luach a sholáthar dár gcuid páirtithe leasmhara.

### Athailíniú acmhainní TFC

Misean, fís agus luachanna Phlean Straitéiseach GCC 2016–2020: *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine*, ríthábhachtach do réimse an TFC agus bíonn tionchar díreach acu uirthi. Is é an aidhm atá i gceist le sprioc straitéiseach GCC mar atá "Ar fheabhas go heagraíochtúil" ná acmhainn fheabhsaithe a sholáthar maidir le hathrú eagraíochta agus in úsáid TFC chun tacú le leasú agus nuáil. Is é an gníomh a thacaíonn leis seo ná *acmhainní TFC GCC a atheagrú agus a athailíniú trí struchtúir chomhtháite agus plean um sholáthar acmhainne a chur i bhfeidhm agus cur chuige i dtreo ailtireacht fiontraíochta, chun luach ar airgead a chur ar fáil, freagrúlacht d'athrú a mhéadú agus cuntasacht shoiléir as gach infheistíocht TFC a chinntiú"*.

Tá sé de phribhléid ag an GCC go bhfuil foirne TFC againn atá fíor-chumasach, gairmiúil agus díograiseach Tá aschuir de chaighdeán ard bainte amach ag na foirne seo. Toisc é go raibh fás tapa ag teacht ar fheidhmchláir agus

theicneolaíochtaí, áfach, bhí struchtúr díláraithe TFC tagtha chun cinn agus dúshlán a bhí sin, ós rud é go raibh freagracht scaipthe agus go raibh sé deacair comhtháthú a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, rinne an GCC athbhreithniú ar acmhainní agus tá foirne athailínithe agus comhtháite ar an mbealach is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais GCC.

Trí struchtúr nua TFC a chur i bhfeidhm, beidh sé níos éasca do TFC tacú leis an eagraíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sa todhchaí. Chomh maith leis an leas is mó a bhaint as na feidhmchláir, an teicneolaíocht agus an fhaisnéis reatha, cuirfidh sé sin ar chumas GCC réitigh a chur ar fáil atá dírithe ar an gcustaiméir agus a thugann luach ar airgead. Ceadóidh athruithe ar na réimsí tacaíochta agus seirbhíse do phróisis níos soiléire chomh maith le feabhsúcháin ina dhiaidh sin ar an leibhéal seirbhíse arna thairiscint do pháirtithe leasmhara, go hinmheánach agus go seachtrach.

### An Chreat-Treoir Uisce

Tá an CTU dírithe ar chinntiú go mbaintear amach "Stádas Maith" do gach dobharlach in Éirinn agus san Eoraip. In Éirinn, tá an GCC freagrach as comhordú ar chur i bhfeidhm na Treorach, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile san earnáil phoiblí. Chun tacú le cur i bhfeidhm na Treorach, tá feidhmchlár TF á fhorbairt trí chur chuige céimnithe chun freastal ar na riachtanais éagsúla ar fad maidir le gabháil sonraí, uirlisí a thacaíonn le cinnteoireacht, agus tuairisciú ar shonraí struchtúrtha.

Is í aidhm an fheidhmchláir seo ná na bloic tógála agus na torthaí a sholáthar ar gá leo chun tacú le Pleanáil um Bainistiú Abhantrach, le Cláir Beart, agus le dearadh Chláir náisiúnta Monatóireachta. In 2017, chuimsigh an fhorbairt sin forbairt chun tacú le himscrúduithe atá beartaithe le haghaidh 2018 agus ina dhiaidh ag údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí agus faisnéis fheabhsaithe faoi mheasúnú treochtaí i sonraí faoi cheimiceáin. In 2017, chuimsigh obair ar an bhfeidhmchlár acmhainn a fhorbairt chun faisnéis a ghabháil ó imscrúduithe chun tacú le pleanáil le haghaidh 2018 agus ina dhiaidh ag an GCC, údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile. Cuireadh níos mó sonraí ceimice ar fáil san fheidhmchlár (suas go dtí deireadh 2015) agus cuimsíodh sonraí bitheolaíocha (luachanna-Q) siar go dtí na 1990í chun tacú le measúnú riosca agus socrú spriocanna comhshaoil. Rinneadh cuid mhór oibre ullmhúcháin i rith 2017 chun tacú le tuairisciú na sonraí ábhartha go léir don AE nuair a bheidh an Plean Bainistíochta Abhantraí ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ag tús 2018.


## 5.5 SUIRBHÉ FÍTIBEANTÓIS

Tá an GCC chun tionchair a cuid oibríochtaí féin ar an gcomhshaol a laghdú. I rith 2017, rinneadh iniúchadh ar Chóras Bainistíochta Comhshaoil féin GCC agus rinneadh é a athdheimhniú don chaighdeán athbhreithnithe ISO 14001:2015. Ceapadh Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh in 2017 chun cloí le struchtúir nua rialachais le ceannaireacht a sholáthar maidir le héifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí. D'éirigh go hiontach leis an GCC i dtaca le comhlíonadh sprioc na hearnála poiblí maidir le caomhnú fuinnimh, mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh, agus tá an chosúlacht air go mbainfidh sé sprioc 2020 amach maidir le laghdú fuinnimh. Rinneadh dul chun cinn le dícharbónú fhlít corparáideach GCC le ceannach trí fheithicle leictrí hibridí ar feithiclí ionphlugála iad, chun dul in ionad feithiclí a raibh innill díosail iontu agus a bhí tagtha go deireadh a saoil.

### Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh in 2017

Baineann an príomhchaitheamh fuinnimh ag oifigí agus saotharlanna GCC le téamh spáis, soilsiú, cumhacht, uisce te agus breosla iompair. Ba é an t-ídiú iomlán fuinnimh a bhí ag an GCC in 2017 ná 3124 huair an chloig meigeavata (MWh), arb laghdú 2.7% é ar an mbliain roimhe sin. Tá miondealú ar an bhfuinneamh a d'úsáid an GCC, fuinneamh um iompar san áireamh, ar taispeáint thíos i bhFigiúr7

**Figiúr7.** Úsáid fuinnimh GCC, (MWh)



# 5.6 RIALACHAS

## Rialachas corparáideach

Tá sé mar bheartas ag an GCC tacú le timpeallacht éifeachtach rialaithe, le córais bainistíochta riosca agus le feidhm iniúchta a fhorbairt agus a neartú go leanúnach. Tháinig an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (CoPSB 2016) i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016, agus tá ceanglas ar gach Comhlacht Stáit CoPSB 2016 a chomhlíonadh ina gcleachtais agus nósanna imeachta rialachais. Tá Aonad Rialachais Chorparáidigh ag an GCC, agus é freagrach as maoirseacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chloí le CoPSB 2016.

Tugadh faoi athbhreithniú ar chomhlíonadh le CoPSB in 2017 agus plean um chur i bhfeidhm forbartha chun aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí a aithníodh. Ullmhaíodh liosta d'fhorálacha an CoPSB nár bhain leis an GCC agus tugadh tuairisc orthu sin dá réir don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCAE).

Ceapadh Stiúrthóir nua GCC, Eimear Cotter ag an Rialtas i mí Iúil 2017 agus i gcomhréir le dea-chleachtas, cuireadh i bhfeidhm clár ionduchtúcháin.

## Bainistíocht Riosca

Ag eascairt ó CoPSB 2016, rinne an GCC athbhreithniú ar a struchtúir bhainistíochta riosca féin i rith 2017 agus bhunaigh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ar a bhfuil seisear ball seachtrach agus aon bhainisteoir sinsearach amháin ón GCC agus Coiste Riosca Feidhmiúcháin (CRF) ar a bhfuil beirt stiúrthóirí agus triúr bainisteoirí cláir.


Tá freagracht ar an CIR agus an CRF i dteannta a chéile as dearbhú a thabhairt do Bhord GCC agus comhairle a chur air faoi bhainistíocht riosca. Bíonn cruinnithe rialta ag an CIR agus tháinig na baill le chéile cúig uaire in 2017. Bíonn cruinnithe rialta ag an CIR agus tháinig na baill le chéile ceithre huaire in 2017. Tá Príomhoifigeach Riosca ann.

Tá córas éifeachtach um bainistíocht riosca i bhfeidhm ag an GCC, a chuimsíonn Polasaí Bainistíochta Riosca, ina leagtar amach a fonn riosca agus an próiseas um bainistíocht riosca (Figiúr8) agus ina dtugtar sonraí faoi róil agus fhreagrachtaí na bainistíochta agus na mball foirne maidir le riosca. Tá Clár Rioscaí Corparáideacha i bhfeidhm ina n-aithnítear na rioscaí lárnacha atá os comhair an GCC agus ina dtugtar sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú chomh maith leis an bhfreagracht as oibriú rialuithe arna sannadh do bhaill foirne sonracha. Déantar an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú agus a nuashonrú ag an CIR agus an CRF go rialta agus tugtar tuairisc air do Bhord GCC.

Leagann an Clár Rioscaí Corparáideacha amach na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh faoi na naoi gcatagóir seo a leanas:

- clú;
- rialuithe oibriúcháin agus gnó;
- pearsanra;
- dlíthiúil agus rialaitheach,
- bainistíocht agus teicneolaíocht na faisnéise;
- calaois agus caimiléireacht;
- buiséadach/airgeadas;
- sláinte agus sábháilteacht;
- idirghníomhaireachta.

**Figiúr8.** An próiseas bainistíochta riosca



Dearbhaíonn an GCC go bhfuil measúnú déanta aige ar rioscaí don GCC, agus rinneadh na príomhrioscaí seo a leanas a shainaithint:

| Riosca | Bearta Maolaithe |
|---|---|
| Iontaoibh agus muinín roinn urraíochta GCC (DCCAE) a choimeád chomh maith le muinín an DHPLG, polaiteoirí, pobal áitiúil, páirtithe leasmhara lárnacha agus an pobal i gcoitinne. | ◢ Cur i bhfeidhm straitéis chorparáideach nua GCC don tréimhse 2016–2020: *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine*.<br>◢ Plé gníomhach le pobail lena n-áirítear faisnéis phoiblí agus Straitéis Chumarsáide GCC a chur i bhfeidhm.<br>◢ Forbairt agus aontú Chomhaontú Maoirseachta agus Chomhaontú Feidhmíochta leis an DCCAE agus an DHPLG.<br>◢ A bheith inár gcrann taca maidir le comhshaol glan atá cosanta go maith, chomh maith le hoscailteacht is trédhearcacht agus muid ag plé leis an bpobal. |
| Brath ar mhaoiniú ó fhoinsí iolracha agus leanúnachas ioncaim. | ◢ Réamhaisnéisiú agus anailís ilbhliantúil.<br>◢ Plé gníomhach leis an DCCAE agus an DHPLG faoi shaincheisteanna buiséadacha.<br>◢ Luach maith ar airgead a thabhairt do gach infheistíocht. |
| Rialuithe agus nósanna imeachta slándála imleora i bhfeidhm chun muid a chosaint ar chibear-ionsaithe agus chaillteanas feidhmíochta | ◢ Cur i bhfeidhm beartas agus nósanna imeachta um shlándáil TFC.<br>◢ Infheistíocht leanúnach in oiliúint agus i nuashonrú cosaintí slándála.<br>◢ Idirchaidreamh leantach leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála sa DCCAE faoi ábhair a bhaineann le cibearshlándáil agus cur i bhfeidhm moltaí de réir mar is cuí.<br>◢ Pleananna um leanúnachas TF/athshlánú ó thubaiste don GCC a athbhreithniú agus a fhorbairt níos mó mar chuid de phleanáil fhoriomlán um leanúnachas gnó don GCC.<br>◢ Athbhreithniú bliantúil ar bheartais agus chleachtais slándála TFC. |
| Brath ar chomhlachtaí eile, comhlachtaí stáit san áireamh, chun feidhmeanna ábhartha comhshaoil a chomhlíonadh. | ◢ Idirphlé agus cumarsáid rialta, líonrú, ardú feasachta agus spleáchais chomhpháirteacha a aithint.<br>◢ Caidrimh institiúide a neartú agus nósanna imeachta foirmiúla a bheith i bhfeidhm, Meabhrán Tuisceana san áireamh, áit is gá.<br>◢ Idirchaidreamh a dhéanamh i ndlúthpháirt leis an DCCAE, an DHPLG agus le húdaráis áitiúla. |

## Iniúchóireacht Inmheánach

I rith 2017, rinneadh dul chun cinn ar an gclár iniúchta inmheánaigh agus leanadh ar aghaidh le hobair a bhí fós le déanamh tar éis iniúchtaí na bliana roimhe, chun cinntiú go gcuirfí i bhfeidhm moltaí ó iniúchtaí roimhe sin. I gcomhréir leis an CoPSB 2016, thug an Coiste Iniúchóireachta & Riosca (CIR) faoi mheasúnacht fhéinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin i rith na bliana agus thug sé aghaidh ar na fionnachtana. Rinne an CIR athbhreithniú freisin ar cháilíocht agus fheidhmíocht na n-iniúchóirí inmheánacha.

Críochnaíodh na hiniúchtaí bóthair seo a leanas in 2017:

- athbhreithniú seachtrach ar chomhlíonadh an CoPSB 2016;
- athbhreithniú straitéiseach ar shocruithe práinnfhreagartha/éigeandála sa GCC;
- rialuithe inmheánacha airgeadais in 2017.

Rinneadh athbhreithniú ar luach ar airgead i réimse na bainistíochta faisnéise agus réimse na tacaíochta agus cothabhála teicneolaíochta i rith 2017.

## Plean straitéiseach

Is é an teideal atá ar an bPlean Straitéiseach nua don tréimhse 2016–2020 a seoladh i mí Eanáir 2016 ná 'Ár gComhshaol, Ár bhFolláine', agus cuireann sé béim ar chomhshaol glan, cosanta dár sláinte, dár bhfolláine agus dár gcáilíocht beatha. Bhí comhairliúchán leathan le cuid mhaith daoine agus eagraíochtaí, an pobal san áireamh, i gceist leis an bPlean Straitéiseach a fhorbairt.

Tá cúig sprioc straitéiseach aitheanta ag an GCC ina phlean straitéiseach nua:

- rialtóir comhshaoil iontaofa;
- inár gceannaire fianaise agus eolais chomhshaoil;
- tacadóir agus comhpháirtí éifeachtach;
- freagairt do dhúshláin lárnacha i leith an chomhshaoil;
- ar fheabhas go heagraíochtúil.

Mar atá leagtha amach sa phlean, tá faoin GCC a chroí-fheidhmeanna rialacháin, fhorfheidhmithe agus mheasúnaithe a láidriú tuilleadh, ag tabhairt tosaíochta do cháilíocht aeir agus uisce agus athrú aeráide, agus ag cur feabhais ar an gcreat chosanta radaíochta. Beidh an GCC ag iarraidh plé níos dlúithe a dhéanamh le saoránaigh, le pobail agus le gnólachtaí chun cineálacha inbhuanaithe iompair a spreagadh.

Le linn 2017, rinneadh go leor dul chun cinn le cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí straitéiseacha, agus leanfar de thuairisciú ar na gníomhaíochtaí seo i dTuarascáil Bhliantúil GCC.

## Rochtain ar eolas

Tá an GCC tiomanta do bheith ina heagraíocht oscailte agus inrochtana. Is dhá mhodh ag an gcuid sin den phobal nach raibh in ann teacht ar an eolas a bhí de dhíth orthu ar bhealaí malartacha go dtí seo iad an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF), 1997 mar atá leasaithe agus na rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (RFC).

I rith 2017, fuair an GCC 50 iarratas SF agus 3 cinn tugtha anonn ó 2016. Ar na hiarratais seo, ceadaíodh 23, go hiomlán nó i bpáirt, diúltaíodh do 16, tarraingíodh siar trí iarratas agus láimhseáladh iad lasmuigh den phróiseas FOI, tarraingíodh siar sé iarratas agus tugadh anonn 3 cinn go 2018. Faoi na Rialacháin RFC, fuair an GCC 56 iarratas agus 4 cinn tugtha ar aghaidh ó 2016. Ar na hiarratais seo, ceadaíodh 31, go hiomlán nó i bpáirt, diúltaíodh do 17, tarraingíodh siar seacht gcinn agus láimhseáladh iad lasmuigh de rialacháin RFC, agus tógadh 2 cheann ar aghaidh go 2018.

Ar na hiarratais ar diúltaíodh dóibh, diúltaíodh do 28 díobh ar bhonn teicniúil, is é sin, nárbh ann do na taifid, go raibh an fhaisnéis i seilbh GCC nó bhí an fhaisnéis ar fáil cheana sa chomhad poiblí nó ar an láithreán gréasáin. Bhí diúltú do ná cúig iarratas eile bunaithe ar na forálacha díolúine san Acht FOI agus ar chúiseanna éigeantacha agus roghnacha an diúltaithe, arna míniú sna Rialacháin RFC.

Rinne an GCC próiseáil ar shé athbhreithniú inmheánach agus dearbhaíodh an cinneadh bunaidh i gceithre chás acu sin; sa dá chás a bhí fágtha, rinneadh cinntí athraithe nó ceadaíodh rochtain bhreise ar an bhfaisnéis. Níor cuireadh aon achomhairc faoi bhráid an Choimisinéara um Faisnéis Chomhshaoil in 2017. D'eisigh an Coimisinéir cinneadh ar an 1 Meitheamh 2017, áfach, maidir le hachomharc ó 2016, agus shonraigh go raibh cúis mhaith ag an GCC diúltú d'iarratas mar go raibh sé soiléir go raibh sé míréasúnta.

## Nochtuithe cosanta

De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tá sé ina cheangal tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh sa bhliain roimhe agus aon bhearta a glacadh mar fhreagra ar nochtuithe.

De bhun an cheanglais sin, dearbhaíonn an GCC nach ndearnadh aon nochtuithe don GCC mar fhostóir, faoi Alt 6 den Acht, don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017.

De bhun I.R. Uimh. 339 de 2014, tá sé forordaithe gurb é Ard-Stiúrthóir GCC an té a ghlacfaidh le nochtuithe ar éagóracha ábhartha maidir le gach ábhair a bhaineann le cosaint an chomhshaoil sa Stát. Dearbhaíonn an GCC go bhfuarthas aon tuarascáil amháin agus go raibh sé á imscrúdú ag an GCC, faoi Alt 7 den Acht, don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017.



# 6. AGUISÍNÍ

## 6.1 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS 1997


Tagann an GCC faoi chúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, rud a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, rudaí a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002.

Is é beartas GCC féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuireadh córais agus nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le go bhféadfaí sonraisc a thaifeadadh agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh ar bhonn laethúil i Rannóg na gCuntas, agus leantar iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear agus go gcuirtear ar ais lena n-íoc iad gan mhoill. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íoc pras a chinntiú.

Ceapadh na rialuithe seo chun neamhghéilliúntas ábhartha don Acht agus do na Rialacháin a chosc chomh fada agus is féidir, cé nach féidir dearbhú absalóideach a thabhairt.

Bhí íocaíocht dhéanach amháin de luach breis is €317 le linn 2017, agus rinneadh seo 48 lá tar éis an dáta dlite. Ba é luach na híocaíochta déanaí seo ar deireadh ná €2036.80.

Ar an iomlán, b'ionann íocaíochtaí déanacha agus 0.008% de luach iomlán na n-íocaíochtaí a bhí cumhdaithe ag an Acht, agus ús pionóis iomlán gaolmhar €25.49 i gceist.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir GCC

## 6.2 SAINCHOMHAIRLEOIRÍ & COMHAIRLEOIRÍ A CEAPADH

| | |
|---|---|
| Achilles Procurement Services Ltd | Greenville Procurement Partners Ltd |
| Acustica Ltd | Harvest Resources Ltd |
| Aether Ltd | An Foras Riaracháin |
| ALTEMAR Ltd | Réitigh Comhtháite Riosca |
| APEM Ltd | JS (City) Ltd |
| Arekibo Communications Ltd | Mason, Hayes & Curran |
| ASM | Mazars |
| Barry Doyle & Company | Mentoring Connection |
| Camp Dresser & McKee (Ireland) Ltd | Operational Command Training Organisation |
| Carr Communications Ltd | PricewaterhouseCoopers |
| Casey McGrath & Associates | Grúpa Bainistíochta Tionscadail |
| Ionad na Teicneolaíochta Glaine | RPS Group |
| Crowleys DFK | The Circa Group Europe Ltd |
| An Dr Robbie Meehan | Walsh: PR |
| Geosyntec Consultants Ltd | Willis Towers Watson |
| Grant Thornton | |

## 6.3 FOILSEACHÁIN GCC IN 2017

Tá formhór d'fhoilseacháin GCC ar fáil le híoslódáil ó láithreán Gréasáin GCC: www.epa.ie/pubs/reports/

### Aer

Is féidir na tuarascálacha aeir seo a leanas a fháil ar shuíomh gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/air/

- *Caighdeán Aeir in Éirinn, 2016*
- *An Clár Náisiúnta um Monatóireacht ar Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh 2017–2022*
- *Réamhthorthaí maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Éireann in 2016*
- *Meastacháin ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 2016–2035*
- *Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann in 2015*
- *Modheolaíocht Réamh-mheastacháin agus Cur chuige maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa na hÉireann 2017*

### Corparáideach

Tá na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/other/

- *Athbhreithniú na Bliana – Buaicphointí 2016*
- *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais GCC, 2016*
- *Cairt Chustaiméirí GCC*
- *Ráiteas GCC ar Bheartas Comhshaoil*
- *An GCC a ghlasú: Ár dTuarascáil ar Fheidhmíocht Chomhshaoil, 2015–2016*

### Radaíocht

Tá na tuarascálacha radaíochta seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/radiation/

- *Updating Ireland's National Average Indoor Radon Concentration using a New Survey Protocol*
- *Monatóireacht Radaighníomhaíochta ar Chomhshaol na hÉireann 2014–2015*
- *Ionising Radiation Regulation – Príomhfhionnachtana ó Chlár Cigireachta agus Forfheidhmithe 2015*
- *Ionising Radiation Regulation – Príomhfhionnachtana ó Chlár Cigireachta agus Forfheidhmithe 2016*

### Forfheidhmiú

Is féidir an tuarascáil seo a leanas faoi fhorfheidhmiú a fháil ar láithreán gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/enforcement/

- *Díriú ar Forfheidhmiú Údarás Áitiúil i leith an Chomhshaoil Tuarascáil Feidhmíochta 2014–2016*

### Dramhaíl

Tá an tuarascáil dramhaíola seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/waste/

- Dramhaíl Bhardasach In-bhithmhillte 2010–2016

### Uisce

Tá na tuarascálacha uisce seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/water/

- *Tuarascáil Bhliantúil ar Uisce Óil le haghaidh Soláthar Poiblí Uisce 2016*
- *Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn le haghaidh 2016*
- *Fócas ar Sholáthairtí Uisce Príobháideacha 2016*
- *Cáilíocht Uisce in Éirinn 2010–2015*
- *Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh in 2016*
- *Tuarascáil Iniúchta Náisiúnta um Chórais Chóireála Dramhuisce Tí*

### Nótaí treorach

Tá na nótaí treorach seo a leanas ar fáil ar láithreán Gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/advice/

- What to Expect from a Producer Audit
- Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE) agus Cadhnraí – Bileog Treorach faoi Chomhlíonadh do Mhiondíoltóirí
- Treoir d'Úsáideoirí Céaduaire an Tairseach EDEN agus an Modúl WEEE
- Aighneachtaí Comhairliúcháin faoi Alt 27
- Ithir agus Cloch Treoir Alt 27
- Dea-chleachtas do Chothrom Mhais Tuaslagán agus Measúnú Astaíochtaí Éalaitheacha d'Ionad atá Ceadúnaithe ag an GCC
- Nóta Treorach Monatóireachta Astaíochtaí Aeir Uimh. 3
- Nóta Treorach ar Astaíochtaí Aeir ar Chur i bhfeidhm I.S. EN 14181 (AG3)
- Bileog Eolais ar Bhailiú agus Iompar ar Dhramh-chuisneáin 2017
- Taispeántais ón seimineár céimnithe síos ag DCCAE/GCC/HFC i mí na Nollag 2017
- Ireland Needs to Modify how it Meets its Cooling Needs – Progressive and Significant Changes in Refrigerant Gas Supply
- Bileog faoi Chosaint Toibreacha Príobháideacha
- Bileog faoi Sholáthairtí Uisce Ólacháin de réir Contae
- Dabhcha Séarachais agus Córais Fhuíolluisce agus Teach á Cheannach nó á Dhíol
- Córais Fhuíolluisce chun Teach a Thógáil
- Conas Sloda ó do Dhabhach Séarachais a Scaipeadh go Sábháilte
- Treoir GCC faoi Iarratais ar Athruithe ar an Treoir ar Cheadanna um Dhumpáil san Fharraige
- Nóta Treoracha ar Rialacháin faoi Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (Scaoileadh d'aon ghnó)
- SEA Pack

- Dréacht-threoirlínte faoin bhFaisnéis atá le bheith i dTuarascálacha faoi Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT)
- Cáipéis Treorach ar Shocrú Raon Feidhme SEA
- Rialachán GCC ar Chosaint ar Radaíocht agus EDENEPA
- Seirbhísí Cláraithe GCC um Feabhsú Radaíochta

## Tuarascálacha ar thaighde comhshaoil

### Cáilíocht an Aeir

Tá na tuarascálacha seo a leanas faoi thaighde ar cháilíocht aeir ar fáil ar shuíomh gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/research/air/

- Taighde 193 – *Amóinia Atmaisféarach Timpeallach in Éirinn 2013–2014*
- Taighde 211 – *Staid an Taighde ar Eolaíocht Aeir in Éirinn: Cáipéis Phlé*
- Taighde 226 – *Imscrúdú ar Íonú Aeir ar Methíl Mearcaptan Bréan le Fótacatalysis agus Ionsú*

### Athrú aeráide

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar an athrú aeráide ar fáil ar láithreán Gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/research/climate/

- Taighde 197 – *Ualaí criticiúla a fhorbairt d'Éirinn: Tionchair ar Chórais a Ionsamhlú (SIOS)*
- Taighde 199 –*Samhail Córais Fuinnimh TIMES na hÉireann Céim 2*
- Taighde 212 – *Beartas ar Aeráid agus Aer in Éirinn: Sineirgí agus Teannas – anailís ag GAINS Ireland agus TIMES na hÉireann*
- Taighde 222 – *Forbairt ardáin um Eolas faoin Aeráid in Éirinn (Irish Climate Information Platform/ICIP)- Céim 2 (2013–2015)*
- Taighde 223 –*Achoimre ar an Staid Eolas faoi Thionchair an Athraithe Aeráide in Éirinn*
- Taighde 224 – *Tionscadal ar Shamhaltú Comhtháite Éire*

### An comhshaol agus an tsláinte

Tá an tuarascáil comhshaoil agus sláinte seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/research/health/

- *Imscrúdú ar Measúnú na dTionchar Sláinte i bPróisis Náisiúnta um Rialáil Chomhshaoil*

### Bithéagsúlacht

Is féidir an tuarascáil seo a leanas ar thaighde bithéagsúlachta a fháil ar láithreán gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/research/biodiversity/

- Taighde 209 – *Comhthairbhí d'Uisce agus don Bhithéagsúlacht ó Bhainistíocht Inbhuanaithe ar Thalamh Feirme de Nádúr Ard*

### Teicneolaíochtaí comhshaoil

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar theicneolaíochtaí chomhshaoil ar fáil ar láithreán Gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/research/tech/

- *Dea-chleachtais um Athbhreithnithe Cur i bhFeidhm na hEorpa ar Dhlí Comhshaoil sna tíortha AE-28*
- *Saincheisteanna Lárnacha maidir leis an mBeartas Dramhaíola in Ocht dTír Roghnaithe san AE*
- *Athbhreithniú ar Thosaíochtaí Reatha agus Shaincheisteanna Nua i mBeartas Dramhaíola na hEorpa*

### Uisce

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar an uisce ar fáil ar láithreán Gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/research/water/

- Taighde 176 – *SILTFLUX Léirmheas Litríochta*
- Taighde 183 – *Leibhéil Chúlra Nádúrtha a Mheasúnú agus a Fhorbairt um Pharaiméadair Cheimiceacha i Screamhuisce na hÉireann*
- Taighde 203 – *Measúnú ar Shreabhadh Comhshaoil d'Aibhneacha na hÉireann*
- Taighde 207 – *Tionscadal ESManage: Acmhainní Fionnuisce na hÉireann agus Measúnú ar Sholáthar Sheirbhísí Éiceachórais*
- Taighde 208 – *Tionscadal ESManage: Seirbhísí Éiceachórais Fionnuisce – Buneolas do Pháirtithe Leasmhara*
- Taighde 210 – *Raon Feidhme, Cinniúint, Rioscaí agus Tionchair an Truaillithe Mhicreaphlaistigh i gCóras Fhionnuisce na hÉireann*
- Taighde 214 – *Oiriúnacht Ionad Cóireála Fuíolluisce Cathrach um Chóireáil Láisteáit Líonadh Talún*
- Taighde 216 – *Samhaltú Teirmidinimiciúil ar Roghanna um Aisghabháil Fuinnimh ó Dhíleatán in Ionaid Chóireála Fuíolluisce*
- Taighde 218 – *Measúnú ar an Líonra Hidriméadrach agus Iompraíocht Hidridinimiciúil Abhantrach Beag in Éirinn*

- Taighde 219 – *Tréithriú na bPobal Bitheolaíoch um Chineálacha Tearca Abhann*
- Taighde 229 – *Coincheap na Seirbhísí Abhantraí a Fhorbairt chun dul ar aghaidh i dtreo Bhainistíocht Chomhtháite Uisce (Extra TIMe)*
- Taighde 230 – *Sreabhadh Dríodair – Tomhas, Maolú, Tionchair agus Impleachtaí um Bainistíocht Abhann in Éirinn*
- Taighde 231 – *Measúnú ar Ábhar Orgánach Nádúrtha (AON) agus Ptaquiloside in Uiscí na hÉireann*
- Taighde 232 – *Éileamh ar Ghníomhaíocht Fóillíochta bunaithe san Uisce: Tairbhí an Dea-Cháilíocht Uisce*
- Taighde 234 – *Cóireáil aon-chéime ar Uisce Óil agus Úsáid á Baint as Cumaisc Scagacháin agus Nana-Struchtúrtha*

## Bainistíocht dramhaíola agus acmhainní

Tá na tuarascálacha taighde seo a leanas ar an mbainistíocht acmhainní ar fáil ar láithreán Gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/research/waste/

- Taighde 201 – *Imscrúdú ar Thaispeántais Leachtchriostail mar Fhoinse Indiam*
- Taighde 202 – *Athbhreithniú ar Chórais um Malairt Uisce/Acmhainne agus Eolaí Dea-chleachtais*
- Taighde 213 – *Eolaí Dea-chleachtais ar Athúsáid Ábhair*

## Talamhúsáid, ithreacha agus iompar

Is féidir na tuarascálacha taighde seo a leanas ar thalamhúsáid, ithreacha agus iompar a aimsiú ar shuíomh gréasáin GCC www.epa.ie/pubs/reports/research/land/

- Taighde 198 – *The Irish Land Mapping Observatory: Cumhdach, Úsáid agus Athrú Talún a Léarscáiliú agus a Mhonatóiriú*
- Taighde 200 – *Tionchair ar Shláinte agus Cháilíocht Aeir ag Eascairt ó Scaipeadh Bithsholad ar Thalamh*
- Taighde 217 – *Úsáid Thairbhiúil Sheanionaid Líonta Talún mar Áis Fhearann Páirce*
- Taighde 221 – *Dífhoraoisiú in Éirinn san 21ú hAois*
- Taighde 225 – *SoilC – Staidéar ar Indéantacht Charbón Ithreach ar Thalamh Féaraigh*

## Socheacnamaíocht

Is féidir na tuarascálacha taighde socheacnamaíoch seo a leanas a aimsiú ar shuíomh gréasáin GCC ag www.epa.ie/pubs/reports/research/econ/

- Research 205 – *CONSENSUS II: Roinnt, Turgnamhaíocht agus Beathaisnéisí um Inbhuanaitheacht*
- Taighde 206 – *ECORISK Luacháil ar Sheirbhísí Éiceachórais um Riosca Comhshaoil agus Measúnú Dochair*
- Taighde 215 – *Glasú Digiteach? Géarchéim Chomhshaoil, Pátrúin Chaithimh agus Ról Forbartha na Meán Cumarsáide*
- Taighde 220 – *Dreasachtaí Airgeadais chun Infheistíocht Charbóin i Sócmhainní Ísealcharbóin agus Éifeachtúlach ar Acmhainní a Chur chun cinn*
- Taighde 235 – *Stádas Reatha agus Ról Féideartha Éicealipéad maidir le Ceannach agus Iompraíocht Neamhdhíobhálach don Chomhshaol*



## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

## RÁITEAS AR AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH

## TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

## RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH

## RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

# 7. RÁITIS AIRGEADAIS

## 7.1 RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ 2017

### Rialachas

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (*an Ghníomhaireacht/GCC*) faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 (an tAcht). I gcomhréir le hAlt 19 den Acht tá Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí ag an nGníomhaireacht.

Ceaptar an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí eile ag an Rialtas i gcomhréir le hAilt 21 agus 24 den Acht. Tá feidhmeanna GCC leagtha amach i gCuid III den Acht. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach don *Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil*. Tá an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann siad an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomh-shaincheist gnó. Is iad an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil GCC.

Ní úsáidtear an téarma 'Bord' in Acht GCC chun comhlacht rialachais na heagraíochta a ainmniú; seachas sin, tagraítear don 'Ghníomhaireacht' san Acht agus do 'Stiúrthóirí na Gníomhaireachta' mar atá ainmnithe.  Tugtar 'Comhaltaí an Bhoird Fheidhmiúcháin ar Stiúrthóirí na Gníomhaireachta' agus tugtar Bord Feidhmiúcháin ar chomhlacht rialachais na Gníomhaireachta.

Comhlíonann an Bord Feidhmiúcháin róil rialachais agus bhainistíochta araon.

Seirbheálann an tArd-Stiúrthóir mar Chathaoirleach an Bhoird Fheidhmiúcháin agus mar phríomhfheidhmeannach oibriúcháin GCC, agus iad ag comhlíonadh róil rialachais agus bhainistíochta araon, agus tá siad freagrach as an nGníomhaireacht a rith. Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach don Oireachtas tríd an gCoiste um Chuntais Phoiblí.

Seirbheálann an cúigear Stiúrthóirí freisin mar an bhfoireann bainistíochta feidhmiúcháin agus freagracht oibriúcháin laethúil orthu.

### Freagrachtaí an Bhoird Fheidhmiúcháin

Deonaíodh raon leathan cumhachtaí agus dualgas don GCC faoi na *hAchtanna fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 go 2014* agus faoi reachtaíocht ábhartha eile ar chaomhnú an chomhshaoil.

Is é ról an Bhoird i gcomhlacht poiblí ar bith ná ceannaireacht straitéiseach, stiúradh, tacaíocht agus treoir a thabhairt don chomhlacht agus gealltanas chun a chuid luachanna, beartas agus cuspóirí lárnacha a chur chun cinn. I dteannta le freagrachtaí speisialta an Bhoird atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit (an Cód)* agus in *Acht GCC*, tá freagrachtaí sonracha rialachais agus bainistíochta ar Bhord Feidhmiúcháin GCC mar Bhord Chomhlacht stáit, lena n-áirítear:

- déanamh cinnte go gcomhlíonann an comhlacht a chuid freagrachtaí mar atá leagtha amach le reacht nó in ord aireachta
- ceannaireacht, fís agus treoir a thabhairt don chomhlacht
- misean an chomhlachta a shainiú, cinneadh ar a chuspóirí straitéiseacha agus na beartais a fhorbairt a theastaíonn chun na spriocanna sin a bhaint amach
- dea-bhainistíocht a chinntiú, monatóireacht a dhéanamh ar éachtaí na bainistíochta agus déanamh cinnte go mbaintear amach cothrom ceart idir ról an bhoird agus ról na bainistíochta faoi seach
- spriocanna feidhmíochta a shocrú, lena n-áirítear príomhspriocanna airgeadais agus, go háirithe, aontú ar an mbuiséad agus dlúthmhonatóireacht a dhéanamh air
- déanamh cinnte go n-iompraíonn an comhlacht é féin go heiticiúil agus ar bhealach a réitíonn le luachanna lárnacha an chomhlachta
- ról an chomhlachta sa phobal a shainiú agus a chur chun cinn trí mheicníochtaí a fhorbairt chun tuairimí custaiméirí agus páirtithe leasmhara a bhailiú agus trí dhaoine a choimeád ar an eolas ar bhealach oscailte, freagrúlach agus freagrach.

Ó thaobh na reachtaíochta, tá freagracht ar an mBord Feidhmiúcháin as bainistíocht GCC, ach le haghaidh cuspóirí praiticiúla tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do bhaill foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. In Alt 25(6) den Acht GCC foráiltear go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht ceann ar bith dá cuid feidhmeanna a chomhlíonadh nó a chur i gcrích trí nó ag aon stiúrthóir nó duine nó comhlacht eile atá údaraithe mar is cuí ag an nGníomhaireacht chuige sin.

Ó bunaíodh an GCC, tá cumhachtaí roghnacha tarmligthe ag an mBord Feidhmiúcháin do leibhéil éagsúla sa GCC. Leantar tarmligean na gcumhachtaí ar aghaidh ag méadú agus an Ghníomhaireacht ag sealbhú feidhmeanna reachtaíochta breise le himeacht ama.

Clúdaíonn an Plean Straitéiseach reatha *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine* an tréimhse 2016- 2020. Sa Phlean Straitéiseach seo leagtar amach na gníomhartha tosaíochta a dhéanfaidh an GCC sa tréimhse sin chun a mhisean a chomhlíonadh, is é sin ár gcomhshaol a chaomhnú agus a fheabhsú mar shócmhainn luachmhar do mhuintir na hÉireann agus ár ndaoine agus ár

gcomhshaol a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha na radaíochta agus an truaillithe. Cuirtear béim inti ar thábhacht comhshaoil ghlain, chaomhnaithe dár sláinte, dár bhfolláine agus dár gcáilíocht beatha. Tá cúig sprioc straitéiseacha aitheanta ag an GCC dá Straitéis:

- Rialtóir Iontaofa Comhshaoil
- Ceannaire sa Réimse Fianaise & Eolas Comhshaoil
- Abhcóide agus Comhpháirtí Éifeachtach
- Freagairt ar Phríomhdhúshláin Chomhshaoil
- Feabhas Eagraíochta.

Tá obair agus freagrachtaí GCC leagtha amach: i Straitéis Chorparáideach GCC 2016 – 2020; i gClár Oibre GCC; agus sa Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil agus leis an Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil, ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach um chinneadh ag an mBord.

Gach mí, bíonn cruinniú tiomnaithe ag an mBord Feidhmiúcháin faoi shaincheisteanna rialachais agus bainistíochta a chuimsíonn:

- Leasanna a dhearbhú
- Tuarascálacha um dhul chun cinn ar shaincheisteanna oibriúcháin ó Oifigí aonair
- Bainistíocht airgeadais
- Pleanáil straitéiseach
- Bainistíocht cumarsáide
- Saincheisteanna rialachais chorparáidigh (iniúchadh inmheánach san áireamh)
- Acmhainní daonna agus saincheisteanna soláthair foirne
- Comhaontuithe seirbhíse poiblí

De réir Ailt *50* den *Acht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992*, ní mór don GCC gach gnáthchuntas agus cuntas iomchuí ar an airgead ar fad a fhaigheann sé nó a chaitheann sé a choinneáil i bhfoirm a cheadódh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus an GCC ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir dó:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú
- dearbhú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon neamhchomhlíonta ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais

Tá an GCC freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta am ar bith, a staid airgeadais agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 50 den Acht. Tá sé de fhreagracht ar an Ard-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí an t-eolas corparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin GCC a choinneáil suas chun dáta agus a chruinneas a chinntiú.

Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as formheas an phlean and buiséad bliantúil. Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht GCC ar bhonn míosúil trí thuarascálacha dul chun cinn ar Eochairtháscairí Feidhmíochta GCC a chur faoi bhráid an Bhoird Fheidhmiúcháin. Rinne an Bord Feidhmiúcháin measúnú dheireadh-bliana ar Ghníomhaíochtaí Chlár Oibre 2017 GCC agus cuireadh an Tuarascáil Bainistíochta Airgeadais dheireadh-bliana do 2017 faoina bhráid i bhFeabhra 2018.

Tá an GCC freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is í tuairim an Bhoird Fheidhmiúcháin go dtugann ráitis airgeadais GCC léargas fíorcheart d’fheidhmíocht agus de staid airgeadais GCC ar an 31 Nollaig 2017.

## Struchtúr an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá Ard-Stiúrthóir agus cúigear Stiúrthóirí eile ar an mBord Feidhmiúcháin, a ngníomhaíonn duine amháin acu mar Leas-Ardstiúrthóir, agus iad go léir ceaptha ag an Rialtas. Ceaptar an tArd-Stiúrthóir ar feadh tréimhse seacht mbliana agus ceapadh na Stiúrthóirí eile ar feadh tréimhse cúig bliana. I gcomhréir le hAilt 21 agus 24 den Acht GCC 1992, féadfaidh an Rialtas an tArd-Stiúrthóir agus na Stiúrthóirí faoi seach a cheapadh arís ar feadh dara tréimhse oifige nó tréimhse eile ina dhiaidh sin.

Tháinig an Bord Feidhmiúcháin le chéile le haghaidh chruinnithe ginearálta Boird trí huaire déag in 2017. Léiríonn an tábla thíos sonraí maidir le tréimhse cheaptha na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird Fheidhmiúcháin | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Laura Burke | Ard-Stiúrthóir | 8 Samh 2011 |
| Dara Lynott | Leas-Ardstiúrthóir go dtí an 14 Iúil 2017 | |
| Gerard O'Leary | Leas-Ardstiúrthóir ón 25 Iúil 2017 | 8 Bealtaine 2012* |
| Micheál Ó Cinnéide | Stiúrthóir | 25 Lúnasa 2008* |
| Matthew Crowe | Stiúrthóir | 11 Aibreán 2010* |
| Micheál Lehane | Stiúrthóir | 1 Bealtaine 2016 |
| Eimear Cotter | Stiúrthóir | 1 Meán Fómhair 2017 |

* dara téarma

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) bunaithe ag an GCC ar a bhfuil seisear comhaltaí seachtracha agus aon chomhalta amháin ó Bhainistíocht Shinsearach GCC. Is é ról an CIR ná tacaíocht a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin maidir lena fhreagrachtaí as ceisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus an ráthaíocht bhainteach. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Ach go háirithe, cinntíonn an CIR go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tugann Cathaoirleach an CIR tuairisc fhoirmiúil don Ard-Stiúrthóir ar bhonn bliantúil.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: An Dr Brian Cawley (Cathaoirleach), An Dr Ian d'Alton, An tOllamh Eugene Kennedy, Marie O'Connor Uasal, an tUas. Tom Barry, Madeleine Quirke Uasal agus an tUas. Allan Reid. Bhí 5 chruinniú ag an CIR in 2017. D'imigh Ms Quirke ar scor ón CIR i mí Iúil 2017.

## Fochoistí an Bhoird Fheidhmiúcháin

Tá dhá Fhochoiste Boird Fheidhmiúcháin bunaithe ag an mBord Feidhmiúcháin:

**1. Fochoiste an Bhoird Fheidhmiúcháin ar Bhainistíocht & Teicneolaíocht na Faisnéise (B&TF):** tá triúr comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin air. Is iad comhaltaí an choiste seo ná: An Dr Micheál Ó Cinnéide (Cathaoirleach), an Dr Matthew Crowe agus an Dr Micheál Lehane. Bhí 11 chruinniú ag Fochoiste B&TF an Bhoird Fheidhmiúcháin in 2017.

**2. Fochoiste an Bhoird Fheidhmiúcháin ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (SSL):** tá triúr comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin air. Is iad comhaltaí an choiste seo ná: An tUas. Gerard O'Leary (Cathaoirleach), an tUas. Micheál Ó Cinnéide agus an Dr Matthew Crowe. Bhí 3 chruinniú ag Fochoiste an Bhoird SSL in 2017.

## Coistí Comhairleacha/Comhairliúcháin Seachtracha

Cuirtear comhairle ar an mBord Feidhmiúcháin ag na coistí seachtracha lárnacha seo a leanas, ar bunaíodh gach ceann díobh faoi reachtaíocht:

- Coiste Comhairleach GCC
- Coiste Comhairleach um Dhumpáil san Fharraige*
- An Coiste Comhairleach ar Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe (OGM)*
- An Coiste Comhairleach um Shláinte*
- An Coiste Comhairleach um Chosaint Raideolaíoch*

*bunaithe faoi Alt 41 d'Acht GCC, 1992.

## Sceideal an Fhreastail, na dTáillí agus na Speansas

Bhí 13 chruinniú ag an mBord Feidhmiúcháin Ginearálta in 2017. Leagtar amach thíos sceideal an fhreastail ar chruinnithe an Bhoird Fheidhmiúcháin do 2017 agus na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

| Líon na gcruinnithe; | An Bord | Táillí 2017 € | Speansais 2017 € |
|---|---|---|---|
| Laura Burke | 13 | 0 | 187 |
| Dara Lynott | 7 | 0 | 0 |
| Gerard O'Leary | 12 | 0 | 89 |
| Micheál Ó Cinnéide | 12 | 0 | 86 |
| Matthew Crowe | 11 | 0 | 63 |
| Micheál Lehane | 10 | 0 | 164 |
| Eimear Cotter | 4 | 0 | 211 |
| **Iomlán** | | | **800** |

Leagtar amach thíos sceideal an fhreastail ar chruinnithe an CIR do 2017, agus na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

| Líon na gcruinnithe | An Coiste um Iniúchóireacht & Riosca | Táillí 2017 € | Speansais 2017 € |
|---|---|---|---|
| Brian Cawley (Cathaoirleach) | 5 | 5,400 | 0 |
| Ian d'Alton | 4 | 0 | 429 |
| Marie O'Connor | 5 | 0 | 0* |
| Madeleine Quirke | 4 | 0 | 112 |
| Eugene Kennedy | 5 | 0 | 679 |
| Tom Barry | 3 | 0 | 899 |
| Allan Reid | 4 | 0 | 1,632** |
| **Iomlán** | | **5,400** | **3,751** |

* Ball foirne GCC

** Íoctar na speansais go léir go díreach leis an Scottish Environment Protection Agency

## Príomhathruithe Pearsanra

Chríochnaigh beirt Stiúrthóirí a dtréimhse chonartha i rith na bliana. Tar éis dó dá théarma i ndiaidh a chéile a chaitheamh, chuaigh an tUas. Dara Lynott ar scor ón GCC i mí Iúil 2017. I gcomhréir leis an Acht, ceapadh an tUas. Gerard O' Leary arís ar feadh thréimhse cúig-bliana ón 8 Bealtaine 2017, agus ceapadh Ms. Eimear Cotter mar Stiúrthóir ón 1 Meán Fómhair 2017.

## Nochtuithe a éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an GCC ceanglais go léir an Chóid, mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

## Mionsonrú ar Shochair na bhFostaithe Gearrthéarmacha

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe a sháraíonn €60,000 leagtha amach i Nóta 8 (b) leis na ráitis airgeadais.

## Costais Sainchomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle eachtraí a thugtar don bhainistíocht ach ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách', oiliúint foirne agus soláthraithe forbartha.

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Comhairle dlí, Soláthar Airgeadais Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe san áireamh | 561,269 | 972,862 |
| Luacháil Achtúireach ar Scéim na bPinsean | 3,629 | 3,998 |
| Caidreamh poiblí/ margaíocht | 50,824 | 60,122 |
| Iniúchadh Inmheánach & Rialachas Corparáideach | 49,957 | 59,033 |
| Comhairleacht Chaibidlí Léasa | 12,300 | 0 |
| Comhairleacht Sláinte agus Sábháilteachta | 26,060 | 27,767 |
| Comhairleacht agus Comhairle maidir le Soláthar | 25,702 | 23,637 |
| Athbhreithniú ar straitéis agus láithreacht ar líne/ gréasáin. | 62,915 | 5,904 |
| Forbairt agus Cur i bhfeidhm Straitéise | 83,648 | 94,303 |
| Comhairleachtaí Chláir Comhshaoil agus Raideolaíochta | 86,468 | 43,175 |
| **Costais Chomhairliúcháin Iomlána** | **962,772** | **1,290,801** |

## Costais Dlíthiúla agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe maidir le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo speansais a thabhaítear maidir le comhairle dlíthiúil ghinearálta a fuair an GCC a nochtar sna costais Shainchomhairleoireachta thuas.

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---:|---:|
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | 440,760 | 513,652 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | 0 | 0 |
| Socraíochtaí | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **440,760** | **513,652** |

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---:|---:|
| **Intíre** | | |
| - An Bord Feidhmiúcháin | 68,327 | 60,404 |
| - Fostaithe | 1,383,124 | 1,178,362 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - An Bord Feidhmiúcháin | 21,343 | 18,238 |
| - Fostaithe | 291,619 | 241,445 |
| **Iomlán *** | **1,764,413** | **1,498,449** |

*Ní áirítear leis sin aisíocaíocht chostais taistil arna bhfáil ag an GCC

## Caiteachas Fáilteachais

Cuimsítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:


| | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---:|---:|
| Fáilteachas foirne* | 30,786 | 28,924 |
| Fáilteachas eile | 382 | 235 |
| **Iomlán** | **31,168** | **29,159** |

*Áirítear an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá soláthraí seirbhíse seachtrach fostaithe aige chun tabhairt faoi anailís ar bhearnaí le comparáid a dhéanamh idir beartais agus nósanna imeachta reatha an GCC agus forálacha Chód 2016. Fuarthas san athbhreithniú go raibh iarracht láidir déanta ag an GCC chun forálacha an Chóid a chomhlíonadh.  D'aithin sé roinnt bearnaí a bhfuil aird an GCC ag teastáil lena n-aghaidh. Chomhlíon an GCC na forálacha tuairiscithe go léir a aithníodh san anailís ar bhearnaí trí Thuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2017 a fhoilsiú ar aon dul le forálacha nua an Chóid.  Forbraíodh doiciméid nua mar an gComhaontú Maoirseachta, an Comhaontú maidir le Seachadadh Feidhmíochta, an Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Rialachas agus Tuarascáil na Stiúrthóirí chun ceanglais an Chóid a chomhlíonadh.  Rinne an GCC nuashonrú ar a chuid doiciméad inmheánach chun na dualgais a chuimsiú a ghabhann le ról leathnaithe Rúnaí an Bhoird agus rinne sé nuashonrú freisin ar a Chairt do Chustaiméirí agus a Chód Iompair le haghaidh Stiúrthóirí agus Foirne chun ceanglais nua a chuimsiú atá leagtha amach sa Chód. Tugadh aghaidh ar gach bearna in 2017 chun déanamh cinnte go gcomhlíonfaí go hiomlán an cód in 2018.

Sínithe thar ceann an Bhoird Fheidhmiúcháin.



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta: 19 Nollaig 2018

## 7.2 RÁITEAS AR AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH 2017

### 1. Raon na Freagrachta

Thar ceann Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), aithním an chomhfhreagracht atá ar na Stiúrthóirí as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go hinmheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh maidir le cuntais GCC a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an GCC a chomhlíonadh. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh (2016).

### 2. Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, is féidir leis an gcóras ráthaíocht réasúnta seachas absalóideach a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead mar is cóir, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil. Cé go bhféadfadh éifeachtacht córais rialaithe inmheánaigh athrú de réir a chéile, déanann an GCC athbhreithniú agus nuashonrú ar a leithéid de chórais de réir mar is gá.

Tá an córas rialaithe inmheánach, atá ag teacht le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i sa GCC don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a rinneadh na ráitis airgeadais a fhaomhadh.

### 3. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe chun Rialú Inmheánach Éifeachtach a Sholáthar

Tá bearta glactha ag Stiúrthóirí GCC chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den GCC:

- trí Phlean Straitéiseach GCC 2016-2020 – *Ár gComhshaol, Ár bhFolláine* a fhorbairt agus a fhoilsiú. Leagtar amach sa Straitéis seo Fís, Misean, Luachanna, Spriocanna agus na trí cinn déag de Chuspóirí Straitéiseacha GCC. Is é an Líonra Bainistíochta Sinsearaí, lena n-áirítear Stiúrthóirí agus Clárbhainisteoirí, a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise, agus cuirtear tuairiscí chuig Bord Feidhmiúcháin GCC ina leith seo ó am go chéile.
- Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú gach bliain agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre sin.
- Cruinnithe Boird Fheidhmiúcháin a reáchtáil go rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla ina mbíonn ceisteanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais, Straitéis Chorparáideach agus gnóthaí foirne san áireamh sa Chlár Oibre.
- Lámhleabhar Airgeadais GCC a ghlacadh chomh maith le sraith de bheartais agus de nósanna imeachta airgeadais a chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó GCC a rialú.
- Sceideal cuimsitheach ar shocruithe árachais a choimeád chun leasanna GCC a chosaint.
- Coiste Iniúchóireachta & Riosca a bhunú agus a chothú mar chuid d'athbhreithniú leanúnach córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den GCC, chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus chun comhairle a chur ar an mBord maidir leis an gcaoi a bhfuil an fheidhm sin á comhlíonadh agus á forbairt.
- Polasaí agus Creat Bainistithe Riosca a bhunú agus a chur i bhfeidhm, Coiste Feidhmiúcháin Riosca agus Príomhoifigeach Riosca a cheapadh.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chloí le reachtaíocht chorparáideach i gcomhréir le Beartas GCC.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus beartais agus nósanna imeachta uile GCC a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- Cód Iompraíochta Gnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Déanamh cinnte go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí agus Ailt 37 agus 38 d'Acht GCC, 1992, a bhaineann le Leasanna a Dhearbhú agus a Nochtadh.

#### i) Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht an Rialaithe

Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chóras rialuithe inmheánacha le haghaidh 2017 i bhFeabhra 2018. Agus iad ag tabhairt faoin athbhreithniú seo rinne na Stiúrthóirí an méid seo a leanas a bhreithniú:

- Sonraí faoin gcóras rialuithe inmheánacha in 2017 lena n-áirítear Bainistíocht Riosca, Bainistíocht Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach, Eitic, Cleachtais Earcaíochta, Córais Fhaisnéise, Pleanáil & Tuairisciú Gnó
- Tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha 2017
- Tuarascáil an Oifigigh Chomhlíontachta 2017
- Tuarascáil ar Chomhlíonadh TF 2017
- Ráiteas Dearbhaithe ar Shláinte, Shábháilteacht & Leas 2017
- Ráitis Dhearbhaithe ar Bhainistíocht Riosca 2017
- Ráitis Dhearbhaithe Bhliantúla maidir le Freagrachtaí Buiséadacha 2017

#### ii) Sáruithe ar Rialú

Níor tuairiscíodh aon sáruithe ar rialú in 2017.

### iii) Caillteanais Ábhartha nó Calaois

Níor tuairiscíodh aon chaillteanais ábhartha ná calaois in 2017.

### iv) Athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha ag an gCoiste um Iniúchóireacht & Riosca

Rinne an Coiste Iniúchóireachta & Riosca agus Stiúrthóirí GCC athbhreithniú i bhFeabhra 2018 ar an Ráiteas sin faoin gCóras Rialuithe Inmheánacha 2017 chun déanamh cinnte go léiríonn sé go cruinn an córas rialuithe a bhí i bhfeidhm i rith 2017.

### v) An Timpeallacht Rialaithe

**Acmhainn chun Déileáil le Riosca**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag an GCC, a chuimsíonn seisear comhaltaí seachtracha lena n-áirítear bainisteoir sinsearach amháin ón GCC agus an Cathaoirleach. Tá saineolas airgeadais agus iniúchóireachta ag an CIR. Bhí cúig chruinniú ag an CIR in 2017.

Freisin bhunaigh an GCC feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhfuil acmhainní dóthanacha aici, agus a chuireann clár oibre atá comhaontaithe leis an CIR i gcrích. Úsáidtear cúnamh ó shaineolaithe seachtracha chun iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh.

Bhunaigh an GCC Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (Coiste Riosca Feidhmiúcháin (CRF) ar a bhfuil beirt stiúrthóirí agus triúr bainisteoirí cláir. Ceapadh Príomhoifigeach Riosca chomh maith. Tháinig an CRF le chéile ceithre huaire in 2017.

Tá Beartas Bainistíochta Riosca forbartha ag an GCC freisin a leagann amach an méid riosca a ghlacann sé leis, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas seo don fhoireann ar fad, ag súil leis go n-oibreoidh siad agus iad ag cloí le beartais GCC um bainistíocht riosca, agus go gcuirfidh siad an bhainistíocht ar an eolas maidir le haon riosca nua nó aon laige rialaithe atá ag teacht chun cinn, agus freagracht a ghlacadh as aon rioscaí nó rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Ó thaobh na reachtaíochta, tá freagracht ar an mBord as bainistíocht GCC, ach tá cumhacht aige freagracht a tharmligean do bhaill foirne eile le haghaidh cuspóirí oibriúcháin. In Alt 25(6) den Acht GCC foráiltear go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht ceann ar bith dá cuid feidhmeanna a chomhlíonadh nó a chur i gcrích trí nó ag aon stiúrthóir nó duine nó comhlacht eile atá údaraithe mar is cuí ag an nGníomhaireacht chuige sin. Tarmligtear freagracht oibriúcháin as obair GCC a dhéanamh ar na Bainisteoirí Cláir atá i gceannas ar fheidhmeanna éagsúla.

Ó bunaíodh an Ghníomhaireacht, tá cumhachtaí roghnacha tarmligthe ag Bord na Gníomhaireachta do leibhéil éagsúla sa Ghníomhaireacht. Leantar tarmligean na gcumhachtaí ar aghaidh ag méadú agus an Ghníomhaireacht ag sealbhú reachtaíochta breise le himeacht ama.

### vi) Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an GCC a aithníonn agus a thugann tuairisc ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ghlacadh chun déileáil leo agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Comhlíonann Beartas agus Struchtúir Bainistíochta Riosca GCC an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Críochnaíodh athbhreithniú ar rioscaí oifige in 2017 agus nuashonraíodh an Clár Rioscaí Uile-Oifige. Rinneadh an Clár Rioscaí Corparáideacha a nuashonrú chun na hathruithe a léiriú a cuireadh i bhfeidhm maidir le rioscaí agus maoluithe príomha. Leagtar amach ann freisin na príomhrioscaí a bhfuil ann dóibh don Ghníomhaireacht.

Aithnítear i gClár na Rioscaí Corparáideacha na príomhrioscaí ar gá don GCC aghaidh a thabhairt orthu agus rinneadh na rioscaí seo a aithint, a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhachta. Déanann an CIR agus an CFR an clár a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta ar bhonn ráithiúil.

Cuireann gach Stiúrthóir ráitis dhearbhaithe ar fáil don Bhord Feidhmiúcháin go rialta ag admháil freagrachta maidir le nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá (h)oifig féin agus le cinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Rioscaí i bhfeidhm.

Tugann an clár rioscaí mionsonraí faoi na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagrachtaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht maidir le hoibríocht rialaithe a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht smacht ag coinneáil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach próiseas lárnach gnó a thaifead,
- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith ceaptha ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach,
- tá córais ann a bhfuil mar aidhm acu slándáil chórais theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní, agus
- córas a rialóidh caiteachas ar thaighde comhshaoil, lena n-áirítear nósanna imeachta faoi choinne fhaomhadh agus íocaíocht deontas, agus próisis chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le baint amach na spriocanna taighde

### vii) Faisnéis Airgeadais & Bhuiséadach

Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, agus ar thacar nósanna imeachta airgeadais

agus riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord Feidhmiúcháin athbhreithniú agus faomhadh air. Cuimsítear sa chóras buiséadaithe freisin dhá bhuiséad athbhreithnithe foirmiúla a ullmhú i mí Bhealtaine agus mí Mheán Fómhair, a gcuirtear an dá cheann acu faoi bhráid an Bhoird Fheidhmiúcháin le faomhadh.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe. Tá polasaithe agus modhanna oibre ann maidir le ceisteanna buiséadacha agus ceisteanna airgeadais.
- Déanfar agus rialófar socruithe maidir leis an gceannach go léir trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais GCC.
- Athbhreithnithe míosúla ag an mBord Feidhmiúcháin ar thuarascálacha bainistíochta airgeadais.
- Glacadh le Plean bliantúil um Sholáthar Corparáideach.

### viii) Nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí móra gnó

Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas foirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó agus maidir le Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí GCC a ullmhú. Déantar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnithe Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí GCC. Tá tacar cuimsitheach de Nósanna Imeachta Airgeadais curtha i bhfeidhm chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó GCC a rialú, lena n-áirítear teorainneacha ar údarú do cheannach/chaiteachas.

### ix) Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Chórais um Rialú Inmheánach

Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchóireachta & Riosca GCC, chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh in ionad ionchuir ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, agus tá ionadaí sinsearach ón GCC air freisin.

Cuireadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí GCC le haghaidh 2017 – 2018 i bhfeidhm de réir a chéile i rith na bliana agus rinneadh iniúchtaí sna réimsí seo a leanas:

- Comhlíonadh an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú;
- Socruithe Práinnfhreagartha/Éigeandála sa GCC; agus
- Rialuithe Airgeadais Inmheánacha 2017.

Cuireadh Athbhreithniú Luacha ar Airgead (VFM) ar Bhainistíocht Faisnéise & Tacaíocht agus Cothabháil Theicneolaíochta faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta & Riosca in 2017. Rinneadh an t-athbhreithniú LAA i gcomhréir leis an treoir a leagadh amach i Lámhleabhar LAA na Roinne Airgeadais.

Is iad An Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord GCC a dhéanann na Pleananna Forfheidhmithe chun dul i ngleic le moltaí an iniúchta a fhaomhadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na mbeart atá i ngach aon cheann de na Pleananna um Chur i bhFeidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus don Bhord Feidhmiúcháin ina leith.

Dréachtaíodh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí don tréimhse 2018 - 2019 le linn 2017 agus léiríonn sé na rioscaí a aithníodh i gClár Rioscaí Corparáideacha an GCC, chomh maith le ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus forbairtí agus ceisteanna maidir le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Rinne an Coiste Iniúchóireachta & Riosca agus Bord Feidhmiúcháin GCC an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí seo a fhaomhadh i nDeireadh Fómhair 2017.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla do phróisis rialaithe mhonatóireachta agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Feidhmiúcháin, más cuí sin, ar bhonn tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh príomhrioscaí agus rialuithe bainteacha a aithint sna Cláir Riosca Oifige agus Chorparáidigh agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe sin agus chun aon easnamh aitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe tar éis a bheith bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as ucht bainistíochta airgeadais tar éis a bheith ceaptha trí chóras de tharmligean agus d'fhaomhadh údaraithe bhuiséadaigh
- • déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhfháisnéis lena n-áirítear ath-leithdháileadh buiséad mar chuid de dhá athbhreithniú foirmiúil ar bhuiséid i mBealtaine agus i Mean Fómhair gach bliain.

### 4. Soláthar

Dearbhaím go bhfuil tacar iomlán de nósanna imeachta agus treoirlínte um sholáthar i bhfeidhm ag an GCC agus gur chloígh an GCC leis na nósanna imeachta sin i rith 2017.

## 5. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an GCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Le monatóireacht agus athbhreithniú GCC ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh cuirtear san áireamh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus na hardbhainistíochta sinsearaí sa GCC atá freagrach as forbairt agus cothabháil chreat an rialaithe inmheánaigh.

I gCiorclán 13/2014 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontas ó Fhoinsí Státchiste (an Ciorclán), leagtar amach na prionsabail phoiblí, na nósanna imeachta agus na ceanglais tuairiscithe bhreise um bainistíocht airgeadais atá le comhlíonadh agus maoiniú deontais arna sholáthar ó airgead poiblí á bhainistiú. Fuair an DCCAE cead ón DPER thar ceann an GCC le híocaíochtaí deontais le comhlachtaí taighde incháilithe a réamh-mhaoiniú ar an 15 Nollaig 2017.


Dearbhaím go ndearna na Stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí do 2017 i mí Feabhra 2018 agus creidimh go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh slán.

Is é an tátal a baineadh as an Iniúchadh Inmheánach a rinneadh ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha in 2017 ná go bhfuil na córais reatha i dtaca le Rialú Inmheánach Airgeadais iontaofa go bunúsach agus go bhfuil leibhéal sásúil dearbhaithe ag baint leo ó thaobh Rialuithe Inmheánacha Airgeadais de.

## 6. Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2017 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird Fheidhmiúcháin.



**Laura Burke**

Ard-Stiúrthóir

Dáta: 19 Nollaig 2018

# 7.3 TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

## Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoi sheasamh airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta thábhachtacha.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíor agus cruinn sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar sheasamh airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar an 31 Nollaig 2017 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2017 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

## Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (CIInna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an International Organisation of Supreme Audit Institutions. Cuirtear síos san aguisín leis an tuarascáil seo mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam le bheith mar bhonn do mo thuairim.

## Tuairisc ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i dteannta leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil na Stiúrthóirí agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairiscí i leith na faisnéise sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí heisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam chuige sin.



**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
21 Nollaig 2018

# AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Leagtar amach freagrachtaí na Stiúrthóirí sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na Stiúrthóirí. Tá na Stiúrthóirí freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992
- déanamh cinnte go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir i gcomhréir le CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé acu an cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- pé rialú inmheánach a mheasann siad gur cuí é le go mbeidh siad in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de thoradh calaoise nó earráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus tuairisciú air sin do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas airgeadais de thoradh calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe atá i gceist le dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus gealltanas go mbraithfear i gcónaí míráiteas ábhartha más ann dó in iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na CIInna. Féadann míráitis teacht chun cinn de thoradh calaoise nó earráide agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu, ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir le CIInna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar rioscaí an mhíráitis ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais cibé acu de thoradh calaoise nó earráide; ceapaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise seachas míráiteas de thoradh earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní dhéantar é chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Tugaim conclúid faoi oiriúnacht úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise cuntasaíochta arna fáil, faoi cibé acu gurb ann d'éiginnteacht ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta arna fáil suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh, mar gheall ar imeachtaí nó ar choinníollacha sa todhchaí, áfach, go stadfadh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil de bheith ina gnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé acu an léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha sna ráitis airgeadais ar bhealach ina mbaintear amach cur i láthair cóir.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil cúram leagtha orthu as rialachas maidir le, i measc ábhar eile, scóip agus tráthú beartaithe an iniúchta agus fionnachtana tábhachtacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

## Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim an fhaisnéis eile arna cur i láthair in éineacht leis sna ráitis sin, agus ní thugaim aon chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi CIInna an fhaisnéis eile a léamh atá curtha i láthair agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé acu an bhfuil neamhréir ábhartha idir an fhaisnéis eile agus na ráitis airgeadais nó le faisnéis arna fáil le linn iniúchta, nó má tá cuma air ar bhealach eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má thagaim ar an gconclúid, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus aird á tabhairt ar na comaoineacha speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tugaim tuairisc más ann d'ábhair ábhartha maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Féachaim chuig fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc más ann d'aon tarlúint ábhartha, áit nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm do na cuspóirí dá raibh sé beartaithe nó áit nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis arna rialú.

Tugaim tuairisc freisin trí heisceacht más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- mura réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.


## 7.4 CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017


| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais - DCCAE | **2(a)** | 32,001 | 25,642 |
| Deontais Chiste Comhshaoil | **2(b)** | 9,756 | 12,790 |
| Deontais Oireachtais - DHPLG | **2(c)** | 7,895 | 7,884 |
| Costais Aisghafa maidir le Trádáil ina Astúcháin | **3** | 1,253 | 1,408 |
| Seirbhísí Eile | | 33 | 26 |
| Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha | **4** | 1,132 | 1,129 |
| Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe | **5** | 498 | 732 |
| Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe | **6** | 9,205 | 8,883 |
| Fáltais Ilghnéitheacha | **7** | 193 | 291 |
| Glan Chistiú Shochair Iarchurtha | **24(c)** | 9,216 | 8,039 |
| **Ioncam Iomlán** | | **71,182** | **66,824** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail agus ÁSPC | **8** | 23,003 | 21,671 |
| Costais Sochair Scoir | **24(a)** | 11,558 | 10,274 |
| Speansais Taistil | **9** | 1,879 | 1,609 |
| Costais Saotharlainne agus Allamuigh | **10** | 1,496 | 1,298 |
| Costais Chóiríochta | **11** | 1,939 | 1,803 |
| Costais Riaracháin | **12** | 8,319 | 9,033 |
| Sainchomhairleoirí | **13** | 305 | 260 |
| Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha | **14** | 8,553 | 8,602 |
| Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde Comhshaoil | **15** | 7,194 | 7,261 |
| Dímheas | **16** | 5,347 | 4,766 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **69,593** | **66,577** |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh leithghabhálacha** | | **1,589** | **247** |
| Aistriú ón/(go dtí) an Cuntas Caipitil | **17** | (1,201) | (53) |
| Barrachas / (Easnamh) ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | (44) | 27 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis leithghabhálacha** | | **344** | **221** |
| Barrachas amhail an 1 Eanáir | | 2,774 | 2,553 |
| **Barrachas amhail an 31 Nollaig** | | **3,118** | **2,774** |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an dáta tuairiscithe.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil::





**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta: 19 Nollaig 2018

**Gerard O'Leary**
Leas-Ardstiúrthóir

## 7.5 RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017


| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(easnamh) tar éis leithghabhálacha** | | **344** | **221** |
| (Caillteanais) / gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir. | **24(d)** | (6,240) | (3,092) |
| Athruithe ar na boinn tuisceana maidir le luach reatha oibleagáidí sochair scoir. | | (1,040) | (37,620) |
| **(Caillteanas) / Gnóthachan Achtúireach le linn na bliana** | | **(7,280)** | **(40,712)** |
| **Coigeartú ar Mhaoiniú Sochar Scoir Iarchurtha** | | **7,280** | **40,712** |
| **Ioncam Cuimsitheach Eile don Bhliain** | | **344** | **221** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:



**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta: 19 Nollaig 2018



**Gerard O'Leary**
Leas-Ardstiúrthóir

# 7.6 RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AR AN 31 NOLLAIG 2017

| | Nóta | 2017 €'000 | 2016 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh** | **19** | **38,248** | **37,355** |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | **20** | 911 | 1,457 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim | **21** | 10,458 | 8,342 |
| | | **11,369** | **9,799** |
| **Dliteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna iníoctha | **22** | **(8,257)** | **(7,339)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **3,112** | **2,460** |
| | | | |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Shochair Scoir** | | **41,360** | **39,815** |
| | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochar scoir | **24(b)** | **(247,327)** | **(230,831)** |
| Sócmhainní maoinithe sochar scoir iarchurtha | **24(c)** | **247,327** | **230,831** |
| | | **0** | **0** |
| | | | |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **41,360** | **39,815** |
| | | | |
| **Lena léirítear** | | | |
| **Cuntas caipitil** | **17** | **38,242** | **37,041** |
| **Cúlchistí ioncaim coinnithe** | | **3,118** | **2,774** |
| | | **41,360** | **39,815** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 29.

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil:

**Laura Burke**
Ard-Stiúrthóir
Dáta: 19 Nollaig 2018

**Gerard O'Leary**
Leas-Ardstiúrthóir

# 7.7 RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Ioncam Iomarcach thar Chaiteachas | 344 | 221 |
| | | |
| Dímheas agus Bearnúchán ar Shócmhainní Seasta | 5,347 | 4,766 |
| (Ardú) / Laghdú ar Infhháltais | 546 | (154) |
| (Laghdú) / Ardú i Suimeanna Iníoctha | 1,226 | (134) |
| Ús Bainc a Fuarthas | 0 | (2) |
| Ús Íoctha | 18 | 18 |
| (Barrachas)/Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní | 44 | (27) |
| Aistriú (ón) / chuig an gCuntas Caipitil | 1,201 | 53 |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **8,726** | **4,741** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | (6,297) | (4,501) |
| Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta | 13 | 17 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(6,284)** | **(4,484)** |
| | | |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | |
| Ús Bainc a Fuarthas | 0 | 2 |
| Ús Bainc Íoctha | (18) | (18) |
| Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí um Shócmhainní Seasta | (308) | (308) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | **(326)** | **(324)** |
| | | |
| **Glan ardú / (Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim** | **2,116** | **(67)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir | 8,342 | 8,409 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ar 31 Nollaig** | **10,458** | **8,342** |

# 7.8 NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

**1 Beartais Chuntasaíochta**

Tá na boinn cuntasaíochta agus na bearta suntasacha cuntasaíochta a ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chuici féin leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad ar fad go seasta i rith na bliana agus don bhliain roimhe seo.

**a) Eolas Ginearálta**

Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, lena cheanncheathrú ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman.

Príomhspriocanna – tá tuairisc ar oibríochtaí agus ar phríomhghníomhaíochtaí GCC leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais seo.

Is Aonán Sochair Poiblí (ASB) í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

**b) Ráiteas Comhlíontachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus le hÉirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar a d'fhógair Cuntasóirí Cairte Éireann.

**c) Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ar an mbealach atá ceadaithe ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir Alt 50 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Cuirtear na bearta cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta nuair a bhítear ag déileáil le míreanna a cheaptar a bheith ábhartha.

**d) Ioncam**

Deontais Stáit

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin air seo is ea Deontais Stáit, a aithnítear ar bhonn fháltais airgid thirim.

Ioncam Gníomhaíochta Ceadúnais

Éilítear ar iarratasóirí ar cheadúnais chomhshaoil táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc nuair a dhéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus do Chúlchistí Ioncam Coinnithe nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, Ceadúnais um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú agus Ceadúnas Bainistithe Dramhaíola:

| | |
|---|---|
| Iarratas | 30% |
| Cinneadh Beartaithe | 50% |
| Eisiúint Ceadúnais | 20% |

Ceadúnais um Scaradh Dramhuisce:

| | |
|---|---|
| Iarratas | 10% |
| Admháil an iarratais iomláin | 40% |
| Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas | 50% |

Aithnítear táillí Ceadúnas Cosanta Raideolaíche mar ioncam i gcomhréir le fad an cheadúnais. Tá táillí a fuarthas roimh ré ar taispeáint mar ioncam roimh ré.

Ioncam eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

**e) An tAonad Trádála in Astúcháin**

Bunaíodh an tAonad Trádála in Astaíochtaí (ETU) laistigh den Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil in 2003. Aisíocann an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil costais riartha an scéim um thrádáil astaíochtaí leis an GCC ó fháltais dhíol na lamháltas, a íoctar go díreach leis an Roinn.

**f) Íocaíochtaí um Dheontais Taighde**

Glacann an GCC gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an GCC i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

**g) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

Déantar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a shonrú ag costas lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe d'aon fhoráil ar bhearnúchán. Bíonn dímheas á sholáthar ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar go nglanfaidh siad na costais lúide an luach iarmharach measta ar gach sócmhainn ar bhonn líne dhíreach thar a saol úsáideach measta, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% in aghaidh na bliana |
| Troscán agus Feistis | 10% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh | 15% in aghaidh na bliana |
| Trealamh | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh TF agus Ríomhaireachta | 25% in aghaidh na bliana |
| Mótarfheithiclí | 20% in aghaidh na bliana |

Déantar dímheas ar fheabhsuithe léasacha i rith shaol an léasa.

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a d'fheadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt na sócmhainne, tar éis costais mheasta a bhaint as, á mbeadh an tsócmhainn ar an aois agus sa staid a mbeifí ag súil leis ag deireadh a shaoil úsáideach.

**h) Caipitliú Bogearraí arna bhForbairt go hInmheánach**

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an Ghníomhaireacht, áit ar féidir iad a aithint go leithleach mar bhogearraí ar féidir leis an GCC úsáid a bhaint astu agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta amach anseo. Déantar costais tuarastail foirne fhorbairt an bhogearra a chaipitliú freisin.

**i) Maoiniú Caipitil**

Comhlíontar sócmhainní seasta GCC agus céimeanna chun cinn chun obair atá ar siúl, agus ceannachán sócmhainní, a mhaoiniú ó theaglaim de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

**j) Fardal**

Díscríobhtar iomlán na bhfardal, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

**k) Infháltais**

Aithnítear infháltais ag luach cothrom, lúide foráil ar fhiacha amhrasacha. Is foráil sonrach í an fhoráil ar fhiacha amhrasacha, agus glactar léi nuair atá fianaise réadach ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in ann na suimeanna uile atá dlite di a bhailiú. Aithníonn an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gluaiseachtaí ar fad ar fhoráil d'fhiacha amhrasacha.

**l) Léasanna Oibríochta**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa Chúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair atá arduithe léasa ceangailte le ráta ionchais boilscithe, sa chás sin aithnítear na harduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar saol an léasa.

**m) Sochair Fhostaí**

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire le linn na bliana, agus maidir le sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana, cuimsítear i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais iad.

Sochair Scoir

Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a cuid scéimeanna pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, scéimeanna a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn 'íoctar mar a úsáidtear' ó shuimeanna airgid atá ar fáil di, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear de thuarastail foirne agus ball. Oibríonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Scéim Pinsin Singil na Seirbhísí Poiblí ("Scéim Singil"), ar scéim le sochar sainithe é d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí gus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a bhíonn tuillte ag fostaithe agus taispeántar iad mar ghlanmhéid ranníocaíochtaí pinsin foirne i gcás fostaithe a gcoinníonn an Ghníomhaireacht a ranníocaíochtaí. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go ndéanann deontais a fhaightear i rith na bliana é a fhritháireamh sa chaoi gur féidir íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais is toradh ar oibleagáidí pinsin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithníonn siad na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina saothraíonn na fostaithe iad. Déantar dliteanais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

Léiríonn na dliteanais phinsin luach reatha íocaíochtaí pinsin na todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsin iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil amach anseo ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

**n) Iasachtaí**

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag an bpraghas idirbhirt (luach láithreach ar airgead tirim iníoctha, costais idirbhirt san áireamh). Sonraítear iasachtaí ina dhiaidh sin ag costais amúchta. Aithnítear speansas úis ar bhonn mhodh an úis ghlain agus tá sé curtha san áireamh i gcostais airgeadais.

Grádaítear iasachtaí mar dhliteanais reatha mura bhfuil sé de cheart an iasacht a iarchur dhá mhí dhéag (12) ar a laghad ón dáta tuairiscithe.

**o) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla**

Éilíonn ullmhúchán na ráitis airgeadais go ndéanfadh bainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a mbeidh tionchar acu ar na méideanna a tuairiscíodh mar shócmhainní agus dhliteanais ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus na méideanna a tuairiscíodh mar ioncaim agus speansais le linn na bliana. Mar sin féin is é an nádúr atá le meastacháin go bhféadfadh an toradh iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithúnais a leanas ar na méideanna a bhí aitheanta sna ráitis airgeadais.

Oibleagáid sochair scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar na boinn tuisceana atá mar bhunús ag na luachálacha achtúireacha a gcinntítear ina leith, na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (ar a n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus treochtaí maidir le rátaí chostais cúram sláinte), agus bíonn an nuashonrú seo bunaithe ar thosca eacnamaíocha reatha, agus ar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D’fhéadfadh tionchar a bheith acu seo a leanas ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta brabúis ar bhannaí ardchaighdeáin corparáideacha.

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, tosca margaidh an lucht oibre sa todhchaí.

| | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| **2 Deontais Stáit** | | | **€’000** | **€’000** |
| **Deontais ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil:** | | | | |
| **(a) Deontas ón Oireachtas – Deontais ó Vóta na Roinne** | | | | |
| | Reatha | Fo-cheannteideal - F3 | 19,636 | 17,809 |
| | Caipiteal | Fo-cheannteideal - F3 | 2,950 | 2,967 |
| | Caipiteal Taighde | Fo-cheannteideal - F3 | 8,750 | 4,866 |
| | Cláir Eile | Fo-cheannteideal - F3 | 665 | 0 |
| | **Iomlán na nDeontas Oireachtais DCCAE** | | **32,001** | **25,642** |
| **(b) Deontais Chiste Comhshaoil** | | | | |
| | Neamhphá | | 4,900 | 4,938 |
| | Taighde | | 0 | 3,602 |
| | Cláir Eile | | 4,856 | 4,250 |
| | **Iomlán na nDeontas Chiste Comhshaoil** | | **9,756** | **12,790** |
| **Deontais ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil** | | | | |
| **(c) Deontas Oireachtais – Deontais ó Vóta na Roinne** | | | | |
| | Reatha | Fo-cheannteideal - B3 | 6,214 | 6,559 |
| | Caipiteal | Fo-cheannteideal - B3 | 1,681 | 1,325 |
| | **Iomlán na nDeontas Oireachtais DHPLG** | | **7,895** | **7,884** |
| **Iomlán na nDeontas ón Stát** | | | **49,652** | **46,316** |

Cistiú Taighde de €8.750M arna sholáthar ag an Roinn (Státchiste €8.750M, Ciste Comhshaoil €0M) a chuimsíonn leithdháiltí sonracha chun freastal ar chostais an Taighde Chomhshaoil. Caitheadh €9.527M ar na gníomhaíochtaí taighde seo in 2017 (2016 €9.208M). Féach Nóta 15.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **3 Gníomhaíochtaí an Aonaid Trádála in Astaíochtaí (ETU)** | **€'000** | **€'000** |
| **Costas an Aonaid Trádála in Astúcháin** | | |
| Costais a aisghabhadh ó Chistí Ceantála, etc. | 1,253 | 1,408 |
| **Maoiniú Iomlán Chostais an ETU** | **1,253** | **1,408** |

| **4 Ioncam ó Ghníomhaíochtaí Raideolaíocha** | **€'000** | **€'000** |
|---|---|---|
| Seirbhís Chalabrúcháin | 26 | 43 |
| Seirbhís Tomhaiste Radóin | 82 | 81 |
| Seirbhís Mhonatóireachta ar Radaíocht | 287 | 279 |
| Táillí Ceadúnais | 728 | 716 |
| Ioncam Ilghnéitheach/Conartha | 9 | 10 |
| **Ioncam Iomlán ó Sheirbhísí Raideolaíocha** | **1,132** | **1,129** |

| **5 Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe – TAT & RCT, Dramhaíl agus an CTU** | **€'000** | **€'000** |
|---|---|---|
| Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáir | 901 | 1,038 |
| Táillí a Fuarthas | 747 | 595 |
| Táillí Ceadúnais réamhíoctha ar an 31 Nollaig (féach Nóta 22) | (1,150) | (901) |
| **An tsuim a cuireadh chun sochair don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus do na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | **498** | **732** |

Ceadúnú: An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha(TAT), Cosc Comhtháite ar Thruailliú (CCT) agus Dramhaíl

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an GCC freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

Ceadúnú: Sceitheadh Dramhuisce

Déantar foráil sna Rialacháin um Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 chun sceitheadh fuíolluisce na n-údarás áitiúil a cheadúnú. Ní mór ceadúnas a fháil ón GCC i gcás sceitheadh ó cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra breis is 500. Ní mór do cheantair a fhreastalaíonn ar choibhéis daonra de níos lú ná 500 a bheith deimhnithe ag an GCC. Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a bhfaigheann an GCC a ioncam ceadúnaithe.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **6 Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe – TAT & RCT, Dramhaíl, CTU agus Uisce Óil** | **€'000** | **€'000** |
| Muirir Fhorfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu | 8,886 | 8,704 |
| Ioncam Forfheidhmithe mar thoradh ar Ionchúisimh | 319 | 179 |
| **Ioncam Iomlán mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe** | **9,205** | **8,883** |

Faoi Alt 96 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, tá an GCC freagrach as rialú a dhéanamh ar phróisis tionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh mórthruailliú tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996, tá an GCC freagrach as rialú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha a bhíonn ar siúl ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha. Faoi na Rialacháin um Sceitheadh Fuíolluisce (Údarú) 2007, tá an GCC freagrach as sceitheadh fuíolluisce a rialú. Faoi rialacháin (Uisce Óil) an Aontais Eorpaigh 2014, is féidir leis an GCC táille a ghearradh as monatóireacht a dhéanann sé ar cháilíocht sholáthair uisce óil an phobail. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair fhorfheidhmithe seo a bhfaigheann an GCC a ioncam forfheidhmithe.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **7 Fáltais Ilghnéitheacha** | **€'000** | **€'000** |
| Ús ar thaisce bhainc | 0 | 2 |
| Ilghnéitheach | 193 | 289 |
| | **193** | **291** |

## 8 Tuarastail agus ÁSPC na Foirne

| **Luach saothair** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 21,273 | 20,009 |
| Sochair scoir | 0 | 0 |
| Ranníocaíocht an Fhostóra le Leas Sóisialta | 1,858 | 1,731 |
| **Costais Iomlána Tuarastal** | **23,131** | **21,740** |
| Costais Tuarastail Fhorbairt TF caipitlithe | (128) | (69) |
| **Costais Tuarastail a ndearnadh a mhuirearú don Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus do na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | **23,003** | **21,671** |

San áireamh sa chostas Tuarastail iomlán de €23.131M, tá fabhrú de €741,000K (2016 €748,000K) maidir le teidlíochtaí carntha i dtaca le saoire bhliantúil foirne.

Rinneadh €108,000 (2016 €61,000) de ranníocaíochtaí pinsin na mball Scéime aonair a dhéaduchtú agus a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ba é líon iomlán na mball Scéime Aonair ag deireadh na bliana ná 67 (2016: 56).

Rinneadh €1,012,000 (2016 €1,025,000) den tobhach pinsin a dhéaduchtú agus a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

**(a) Anailís foirne de réir ionaid:**

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Ceanncheathrú | 154 | 149 |
| Cigireacht Réigiúnach Caisleán an Bharraigh | 28 | 28 |
| Cigireacht Réigiúnach Corcaigh | 51 | 48 |
| Cigireacht Réigiúnach Baile Átha Cliath | 124 | 127 |
| Cigireacht Réigiúnach Cill Chainnigh | 19 | 17 |
| Cigireacht Réigiúnach Muineachán | 12 | 11 |
| Oifigí Réigiúnacha | 4 | 4 |
| | **392** | **384** |

**(b) Anailís ar chostais tuarastail foirne sa bhreis ar €60,000:**

Bhí an líon fostaithe ar thit a gcuid sochar fostaí laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 suas mar a leanas:

| | **2017** | **2016 Athaicmithe** |
|---|---|---|
| €60,000 go €70,000 | 86 | 86 |
| €70,000 go €80,000 | 24 | 21 |
| €80,000 go €90,000 | 21 | 16 |
| €90,000 go €100,000 | 8 | 5 |
| €100,000 go €110,000 | 0 | 0 |
| €110,000 go €120,000 | 0 | 1 |
| €120,000 go €130,000 | 3 | 3 |
| €130,000 go €140,000 | 1 | 1 |
| €140,000 go €150,000 | 0 | 0 |
| €150,000 go €160,000 | 1 | 1 |

Ba é líon iomlán na mball foirne a bhí fostaithe ag deireadh na bliana ná 380 (2016: 371).

| **(c) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|
| Pá Bunúsach | 21,197 | 19,923 |
| Ragobair | 0 | 0 |
| Liúntais | 76 | 86 |
| | **21,273** | **20,009** |

**(d) Príomhphearsanra bainistíochta**

Is Ard-Stiúrthóir agus cúigear baill den Bhord Stiúrthóirí atá mar phríomhphearsanra bainistíochta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal cuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí ná Boird leo. Tá luach iomlán na sochar fostaí don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Tuarastal | 779 | 782 |
| Liúntais | 11 | 12 |
| | **790** | **794** |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Tá an príomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim pinsin foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí chuige sin thar théarmaí shamhail scéim na bpinsean seirbhíse poiblí.

**(e) Tuarastal agus Sochair an Ard-Stiúrthóra**

| Seo a leanas pacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra don tréimhse airgeadais: | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 156 | 153 |

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse sin. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de scéim pinsin foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir) agus ní shíneann a theidlíochtaí chuige sin thar théarmaí shamhail an scéim pinsean seirbhíse poiblí.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | | Athaicmithe |
| **9 Speansais Taistil** | €'000 | €'000 |
| Taisteal agus Cothú | 1,764 | 1,499 |
| Speansais Mhótarfheithiclí | 128 | 123 |
| Aisíocaíochtaí Taistil | (13) | (13) |
| | **1,879** | **1,609** |

Áirítear leis sin caiteachas taistil de €89,670 (2016 €78,642) ag an mBord Feidhmiúcháin.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **10 Costais Saotharlainne agus Allamuigh** | €'000 | €'000 |
| Speansais Saotharlainne agus Allamuigh | 945 | 759 |
| Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil | 490 | 492 |
| Éadaí Cosanta | 61 | 47 |
| | **1,496** | **1,298** |

| **11 Costais Chóiríochta** | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Cíos agus Rátaí | 748 | 735 |
| Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht | 628 | 635 |
| Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil | 563 | 433 |
| | **1,939** | **1,803** |

| 12 Costais Riaracháin | 2017<br>€'000 | 2016<br>Athaicmithe<br>€'000 |
|---|---|---|
| Teileafón agus Postas | 417 | 459 |
| Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta | 386 | 470 |
| Árachas | 158 | 179 |
| Muirir Ríomhairí agus Próiseála Sonraí | 3,817 | 4,161 |
| Táillí Iniúchóireachta | 27 | 19 |
| Rialachas Corparáideach agus Costais na hIniúchóireachta Inmheánaí | 44 | 17 |
| Táillí Dlí | 1,028 | 1,510 |
| Speansais Cruinnithe, Coiste Sheachtraigh agus Aoi-chainteoirí | 335 | 276 |
| Ceapachán Foirne agus costais ghaolmhara eile | 112 | 114 |
| Ús agus Muirir Bhainc | 17 | 18 |
| Leabhair, Tréimhseacháin, agus Leabharlann | 107 | 54 |
| Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne | 544 | 567 |
| Fógraíocht | 89 | 82 |
| Cumarsáid | 1,106 | 1,023 |
| Ús Iasachta | 20 | 18 |
| Ilearraí | 112 | 66 |
| | **8,319** | **9,033** |

**Athaicmiú costas:**

In 2017, rinneadh €335K (2016 €276K) de chostais Cruinnithe, Coiste Sheachtraigh agus Aoi-chainteora a aicmiú faoi Chostais riaracháin. In 2016, áiríodh na costais sin faoin gceannteideal Speansais Taistil i Nóta 9.

| 13 Costais Sainchomhairliúcháin | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Sainchomhairleoirí | 305 | 260 |
| | **305** | **260** |

| Ar na hOifigí GCC a bhain leas as na comhairliúcháin seo, bhí: | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha | 155 | 164 |
| An Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil | 0 | 9 |
| An Oifig um Measúnú Comhshaoil | 17 | 6 |
| An Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Chomhshaoil | 70 | 28 |
| Oifig an Ard-Stiúrthóra / Trasoifig | 63 | 53 |
| | **305** | **260** |

| 14 Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhísí Seachtracha | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhísí Seachtracha | 7,341 | 7,288 |
| Deontais | 1,212 | 1,314 |
| | **8,553** | **8,602** |

| Seo a leanas na hOifigí GCC inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo: | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha | 472 | 362 |
| An Oifig um Inbhuanaitheacht Comhshaoil | 2,868 | 2,711 |
| An Oifig um Fhianaise agus Measúnú | 3,927 | 3,972 |
| An Oifig Forfheidhmithe um an gComhshaol | 1,046 | 1,442 |
| An Oifig um Chosaint Radaíochta agus Monatóireacht Chomhshaoil | 240 | 115 |
| | **8,553** | **8,602** |

| **15 Taighde Comhshaoil** | **2017**<br>**€'000** | **2016**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Clár Taighde an GCC | 8,268 | 8,168 |
| Ioncam Taighde Cómhaoinithe | (1,074) | (907) |
| Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde | **7,194** | **7,261** |

Seoladh clár taighde comhshaoil reatha an GCC in 2014. Tá sé á chómhaoiniú ag an Státchiste, an Ciste Comhshaoil, agus foinsí cómhaoinithe eile nach iad. Tá sé d'aidhm ag an gclár taighde an taighde a mhaoiniú ina ndíreofar ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha ar deireadh thiar thall.

| **Cómhaoiniú Taighde** | **2017**<br>**€'000** | **2016**<br>**€'000** |
|---|---|---|
| Fuarthas an cómhaoiniú taighde seo a leanas, anuas ar an maoiniú a sholáthair an DCCAE: | | |
| An Grúpa Idir-rannach um Athrú Aeráide - Tionscadal um Thaighde agus Samhaltú Teicniúil | 0 | 320 |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe um Athrú Aeráide agus Comhshaoil (Comhchlár Taighde UGEE (Comhchlár Taighde um Thaisceálaíocht agus Saothrú Gáis ó Fhoinsí Neamhghnácha (UGEE)) | 0 | 316 |
| Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann (Comhchlár Taighde UGEE) | 0 | 130 |
| Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach Éireann (WEEE) Éireann | 84 | 84 |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann | 0 | 13 |
| Comhlachtaí AE / Líonra an Limistéir Eorpaigh Thaighde (ERA-NET) - Ciorcal 2 | 265 | 20 |
| FSS (HSE) | 252 | 24 |
| DAFM | 107 | 0 |
| SEAI | 167 | 0 |
| OPW | 79 | 0 |
| Bonneagar Iompair Éireann | 50 | 0 |
| Met Éireann | 35 | 0 |
| Foras na Mara | 35 | 0 |
| **Cómhaoiniú iomlán a fuarthas** | **1,074** | **907** |

In 2017 ba é caiteachas an GCC ar Chláir Taighde ná €9.527M lenar áiríodh Íocaíochtaí Deontais de €8.268M mar atá léirithe thuas agus costais um chur i bhfeidhm agus gníomhaíocht de €1,228K atá tuairiscithe faoi na ceannteidil costais Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

In 2016 ba é caiteachas an GCC ar Chláir Taighde ná €9.208M lenar áiríodh Íocaíochtaí Deontais de €8.168M mar atá léirithe thuas agus costais um chur i bhfeidhm agus gníomhaíocht de €1,040K atá tuairiscithe faoi na ceannteidil costais Taisteal, Saotharlann agus Allamuigh, Riarachán agus Conraitheoirí.

Tá €395K d'íocaíochtaí deontais breise (2016 €257K) ar chláir taighde san áireamh san fhigiúr a bhaineann le Deontais i Nóta 14.

Ar an 31 Nollaig 2017, b'ionann gealltanais a rinneadh i dtaca le tionscadail Taighde ach nár cuireadh de mhuirear ar na ráitis airgeadais go fóill agus € 24.019M (2016- €21.774M), arna miondealú mar seo a leanas:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Gealltanais Deontais le híoc amhail an 1 Eanáir | 21,774 | 21,380 |
| Deontais a Ceadaíodh le linn na bliana | 11,651 | 10,166 |
| Deontais Dídhílsithe le linn na bliana | (743) | (1,347) |
| Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain | (8,663) | (8,425) |
| **Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig** | **24,019** | **21,774** |

Níl costais feidhmiúcháin GCC maidir leis na Cláir taighde san áireamh sna figiúirí seo.

| **16 Dímheas ar Shócmhainní Seasta** | **€'000** | **€'000** |
|---|---|---|
| Dímheas ar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (Nóta 19) | 5,347 | 4,766 |
| | **5,347** | **4,766** |

| **17 Cuntas Caipitil** | | **€'000** | **€'000** |
|---|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir 2017 | | | **37,041** |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | | |
| Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil | - Breiseanna Sócmhainní Seasta | 6,297 | |
| | - Iasachtaí a Aisíoc | 308 | |
| | | 6,605 | |
| **Lúide:** | | | |
| Diúscairtí | | 7,645 | |
| Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí | | (7,588) | |
| | | 57 | |
| Muirear dímheasa don bhliain | | 5,347 | |
| Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 1,201 |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | | | **38,242** |

Ar an 31 Nollaig 2017, chuimsigh iarmhéid an Chuntais Chaipitil €15,662 (2016 – €15,662) maidir le réamhíocaíochtaí as sócmhainní seasta (féach Nóta 20 - Infháltais).

**18 Cánachas**

Tá an GCC díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin, níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

## 19 Sócmhainní Seasta – Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh

| | Iomlán | Obair idir Lámha | Foirgnimh | Troscán & Feistis | Trealamh TF agus CE | Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh | Mótarfheithiclí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ar an 1 Eanáir 2017 | **78,149** | **0** | **41,253** | **4,335** | **19,350** | **11,978** | **1,233** |
| Míreanna breise | 6,297 | 50 | 257 | 1,142 | 3,863 | 833 | 152 |
| Diúscairtí | (7,645) | 0 | 0 | (1,196) | (3,366) | (2,932) | (151) |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **76,801** | **50** | **41,510** | **4,281** | **19,847** | **9,879** | **1,234** |
| | | | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2017 | **40,794** | **0** | **11,864** | **3,601** | **14,408** | **9,965** | **956** |
| Muirear don Bhliain | 5,347 | 0 | 814 | 389 | 3,420 | 576 | 148 |
| Ar Dhiúscairtí | (7,588) | 0 | 0 | (1,196) | (3,339) | (2,902) | (151) |
| **Ar an 31 Nollaig 2017** | **38,553** | **0** | **12,678** | **2,794** | **14,489** | **7,639** | **953** |
| | | | | | | | |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2017 | **38,248** | **50** | **28,832** | **1,487** | **5,358** | **2,240** | **281** |
| Ar an 31 Nollaig 2016 | **37,355** | **0** | **29,389** | **734** | **4,942** | **2,013** | **277** |

Tógadh ceanncheathrú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) san áit a bhfuil Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman, ar shuíomh a bhfuil a theideal dílsithe i dTeagasc. In 2013, tugadh chun críche ag an GCC léas fadtéarmach an láithreáin seo ó Teagasc.

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) foirgneamh na ceanncheathrún agus mhaoinigh sí an tógáil le hiasacht tráchtála. Maoiníonn an GCC na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an GCC san áireamh don bhliain ina dtagann sí chun cinn.

Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe lena mbaineann taifeadta i leabhair GCC chun substaint na n-idirbheart atá ina mbonn leo a léiriú.

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) foirgneamh cigireachta réigiúnaí GCC ag Lóiste Seville, Cill Chainnigh ar láithreán a fuarthas don GCC. Tá aistriú dlíthiúil an láithreáin chuig an GCC á phróiseáil ag an OPW trí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

In 2017, rinne an GCC caipitliú €2.864M (2016 – €2.085M) maidir leis an gcostas seachtrach agus €128K (2016 - €68K) maidir le costas inmheánach na dtuarastal a bhain le forbairt bogearraí le húsáid laistigh den ghníomhaireacht. Tá sé seo ag teacht lenár mBeartas Cuntasaíochta maidir le Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach.

Baineann an obair idir lámha atá léirithe thuas le hathchóiriú bialainne ag ceanncheathrú an GCC €41K agus uathfheidhmiú shreabhadh oibre an chórais airgeadais €9K.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **20 Infháltais** | **€'000** | **€'000** |
| Féichiúnaithe | 895 | 1,441 |
| Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta | 16 | 16 |
| | **911** | **1,457** |

**Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta:**

Ar an 31 Nollaig 2017, bhí réamhíocaíochtaí de luach €15,662 (2016 – €15,662) ar an iomlán déanta mar atá leagtha amach anseo thíos. Tá na réamhíocaíochtaí seo curtha san áireamh sna suimeanna a aistríodh ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe chuig an gCuntas Caipitil.

**Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW)**

Ag deireadh 2017, bhí réamhíocaíochtaí €15,662 i seilbh ag an OPW i leith mionoibreacha caipitil agus troscáin.

Tagann an t-airgead go léir ó fhéichiúnaithe chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **21 Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | **€'000** | **€'000** |
| Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc | **10,458** | **8,342** |

## 22 Suimeanna iníoctha

| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin: | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Táillí Ceadúnais Réamhíoctha | 1,150 | 901 |
| Táillí Réamhíoctha Ceadúnais um Chosaint Raideolaíoch | 709 | 810 |
| Ioncam Iarchurtha Eile | 307 | 201 |
| Cistí an Aonaid Trádála Astaíochtaí (ETU) | 34 | 25 |
| Trádáil agus Speansais Eile | 6,034 | 5,071 |
| Méideanna atá dlite don OPW maidir le haisíocaíochtaí iasachta. | 23 | 331 |
| | **8,257** | **7,339** |

Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas:

| | | |
|---|---|---|
| Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla | 320 | 287 |
| ÍMAT/ÁSPC/MSU | 627 | 585 |
| CBL | 228 | 191 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 1 | 0 |
| | **1,176** | **1,063** |

## 23 Iasachtaí

Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) an foirgneamh ina bhfuil ceanncheathrú an GCC i Loch Garman agus mhaoinigh an OPW an tógáil le hiasacht tráchtála 20 bliain. Maoiníonn an GCC na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OPW. Tá an tsócmhainn agus na hiasachtaí lena mbaineann taifeadta i leabhair GCC le substaint na n-idirbheart bunúsach a léiriú.

| | | |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | **23** | **331** |

## 24 Costais Sochair Scoir

| (a) Anailís ar chostais iomlán shochair scoir a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | 8,208 | 6,664 |
| Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir | 4,355 | 4,607 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | (1,005) | (997) |
| | **11,558** | **10,274** |

| (b) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais | €'000 | €'000 |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid shochair scoir ar 1 Eanáir | 230,831 | 182,080 |
| Costais seirbhíse reatha | 8,208 | 6,664 |
| Costais Úis | 4,355 | 4,607 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach | 7,280 | 40,712 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (3,347) | (3,232) |
| **Glanoibleagáid shochair scoir ar 31 Nollaig** | **247,327** | **230,831** |

**(c) Cistiú Iarchurtha do Shochair Scoir**

Aithníonn an GCC gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thíos agus roinnt teagmhas san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastacháin. Níl aon fhianaise ag an GCC nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin chun suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha i gcomhair aoisliúntais a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2017<br>€'000 | 2016<br>€'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú In-aisghabhála maidir le costais aoisliúntais na bliana reatha | 12,563 | 11,271 |
| Deontas stáit curtha chun feidhme chun aoisliúntais a íoc | (3,347) | (3,232) |
| | **9,216** | **8,039** |

B'ionann is €247.327M (2016- €230.831M) an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha le haghaidh sochar scoir ar an 31 Nollaig 2017.

**(d) Stair na n-oibleagáidí i leith sochair shainithe**

| | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € M | € M | € M | € M | € M |
| Oibleagáidí sochair shainithe | 247 | 231 | 182 | 176 | 123 |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais shonraithe scéime sochair : | | | | | |
| Méid (€ M) | -6.240 | -3.092 | 3.308 | 0.427 | 6.5 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | -2.5% | -1.3% | 1.8% | 0.2% | 5.3% |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas agus €104.332M (2016 €97.052).

**(e) Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna**

Is socruithe pinsin sochair shainithe bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna, ina sainítear na sochair agus na ranníocaíochtaí a bhaineann leo trí thagairt do "samhail" reatha na rialachán i dtaca le scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn na scéimeanna do bhaill foirne, pinsean (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is féidir le baill foirne dul ar scor chomh luath is a bhaineann siad aois a gcúig bliana agus trí fichid amach, agus i gcás baill a bhí ann roimh 2004, tá siadsan i dteideal dul ar scor ó aois a dtrí fichid gan laghdú achtúireach a bheith i gceist. Soláthraíonn na scéimeanna do bhaill an Bhoird, pinsean (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí.

Tá baill an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. De ghnáth, bíonn méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ag teacht leis an mboilsciú tuarastail ginearálta san earnáil phoiblí.

Tá an luacháil a úsáidtear le haghaidh nochta faoin gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ag achtúire cáilithe neamhspleách ar an 19 Nollaig 2018, agus cuireadh ceanglais an FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú ar an
31 Nollaig 2017.

| Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha: | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Arduithe tuarastail amach anseo | 2.89% | 2.85% |
| Arduithe sochair scoir amach anseo | 2.39% | 2.35% |
| Arduithe sa phinsean stáit amach anseo | 1.89% | 1.85% |
| Ráta lascaine | 1.92% | 1.90% |
| Boilsciú amach anseo | 1.89% | 1.85% |
| Athluacháil iarchuir | 2.39% | 2.35% |

Mortlaíocht

Mortlaíocht Réamhscoir – Fireann: 62% de PNML00, Baineann 70% de PNFL00.

Mortlaíocht Iarscoir – Fireann: 58% ILT15, Baineann 62% de ILT15.

Tugann an bunús mortlaíochta atá glactha cead go sainráite feabhsúcháin a dhéanamh ar ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil nuair a théann duine ar scor ag brath ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag baill a bhainfidh 65 bliain d'aois amach in 2017 agus 2037.

| **Bliain ina mbaintear amach 65 bliana d'aois** | **2017** | **2037** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fir | **86.2** | **88.7** |
| Ionchas saoil - mná | **88.7** | **90.8** |

**25 Práinnfhreagairt**

Láithreán Líonta Talún na Gaillimhe Thoir:

Ó 2013 go 2016, tá bainistíocht déanta ag an GCC i gcomhar le Comhairle Contae na Gaillimhe ar láithreán Líonta Talún na Gaillimhe Thoir, tar éis leachtú chuideachta oibriúcháin Greenstar. Rinneadh íocaíochtaí deontais in 2016 de €544K (€K) le Comhairle Contae na Gaillimhe chun an ghníomhaíocht seo a mhaoiniú, agus tá na híocaíochtaí seo san áireamh i bhfigiúirí na hOifige um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil faoi Nóta 14 - Deontais, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhísí Seachtracha.

I mí Iúil 2016, cuireadh deireadh leis an mbaint a bhí ag an GCC le láithreán líonta talún na Gaillimhe Thoir nuair a aistríodh bainistíocht an láithreáin go foirmiúil chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe.

## 26 Gealltanais Léasa

Ar an 31 Nollaig 2017, bhí na híocaíochtaí íosléasa don todhchaí seo a leanas, agus iad faoi léasanna oibriúcháin neamhchealaithe, ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh gach ceann de na tréimhsí thíos:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | **671** | **702** |
| Iníoctha laistigh de dhá go cúig bliana | **2,114** | **1,377** |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | **3,926** | **2,452** |

B'ionann luach na n-íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar speansais agus €721K (2016 €703K).

## 27 Nochtuithe Páirtí Ghaolmhair

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an GCC de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Lean an GCC na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

Is é an tArd-Stiúrthóir agus baill den Bhord Stiúrthóirí atá mar phríomhphearsanra bainistíochta ag an GCC. Íocadh €869K (2016 €857K) san iomlán leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lenar áiríodh tuarastail Stiúrthóra, speansais dheimhnithe agus luach saothair an Ard-Stiúrthóra.

## 28 Figiúirí Inchomparáide

Rinneadh roinnt athruithe ar chur i láthair míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí inchomparáide a athshonrú ar bhonn atá ar aon dul le cur i láthair na bliana reatha.

## 29 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Bord na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais ar an 19 Nollaig 2018.

# ENVIRONMENTAL PROTECTION AGENCY

The Environmental Protection Agency (EPA) is responsible for protecting and improving the environment as a valuable asset for the people of Ireland. We are committed to protecting people and the environment from the harmful effects of radiation and pollution.

## The work of the EPA can be divided into three main areas:

Regulation: *We implement effective regulation and environmental compliance systems to deliver good environmental outcomes and target those who don't comply.*

Knowledge: *We provide high quality, targeted and timely environmental data, information and assessment to inform decision making at all levels.*

Advocacy: *We work with others to advocate for a clean, productive and well protected environment and for sustainable environmental behaviour.*

## Our Responsibilities

### Licensing

We regulate the following activities so that they do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities (*e.g. landfills, incinerators, waste transfer stations*);
- large scale industrial activities (*e.g. pharmaceutical, cement manufacturing, power plants*);
- intensive agriculture (*e.g. pigs, poultry*);
- the contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms (*GMOs*);
- sources of ionising radiation (*e.g. x-ray and radiotherapy equipment, industrial sources*);
- large petrol storage facilities;
- waste water discharges;
- dumping at sea activities.

### National Environmental Enforcement

- Conducting an annual programme of audits and inspections of EPA licensed facilities.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities.
- Supervising the supply of drinking water by public water suppliers.
- Working with local authorities and other agencies to tackle environmental crime by coordinating a national enforcement network, targeting offenders and overseeing remediation.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE), Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment.

### Water Management

- Monitoring and reporting on the quality of rivers, lakes, transitional and coastal waters of Ireland and groundwaters; measuring water levels and river flows.
- National coordination and oversight of the Water Framework Directive.
- Monitoring and reporting on Bathing Water Quality.

### Monitoring, Analysing and Reporting on the Environment

- Monitoring air quality and implementing the EU Clean Air for Europe (CAFÉ) Directive.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government (*e.g. periodic reporting on the State of Ireland's Environment and Indicator Reports*).

### Regulating Ireland's Greenhouse Gas Emissions

- Preparing Ireland's greenhouse gas inventories and projections.
- Implementing the Emissions Trading Directive, for over 100 of the largest producers of carbon dioxide in Ireland.

### Environmental Research and Development

- Funding environmental research to identify pressures, inform policy and provide solutions in the areas of climate, water and sustainability.

### Strategic Environmental Assessment

- Assessing the impact of proposed plans and programmes on the Irish environment (*e.g. major development plans*).

### Radiological Protection

- Monitoring radiation levels, assessing exposure of people in Ireland to ionising radiation.
- Assisting in developing national plans for emergencies arising from nuclear accidents.
- Monitoring developments abroad relating to nuclear installations and radiological safety.
- Providing, or overseeing the provision of, specialist radiation protection services.

### Guidance, Accessible Information and Education

- Providing advice and guidance to industry and the public on environmental and radiological protection topics.
- Providing timely and easily accessible environmental information to encourage public participation in environmental decision-making (*e.g. My Local Environment, Radon Maps*).
- Advising Government on matters relating to radiological safety and emergency response.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

### Awareness Raising and Behavioural Change

- Generating greater environmental awareness and influencing positive behavioural change by supporting businesses, communities and householders to become more resource efficient.
- Promoting radon testing in homes and workplaces and encouraging remediation where necessary.

### Management and Structure of the EPA

The EPA is managed by a full time Board, consisting of a Director General and five Directors. The work is carried out across five Offices:

- Office of Environmental Sustainability
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Evidence and Assessment
- Office of Radiation Protection and Environmental Monitoring
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by an Advisory Committee of twelve members who meet regularly to discuss issues of concern and provide advice to the Board.

Environmental Protection Agency
*An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*

**Headquarters**

**PO Box 3000,**
**Johnstown Castle Estate**
**County Wexford, Ireland**

**T: +353 53 916 0600**
**F: +353 53 916 0699**
**E: info@epa.ie**
**W: www.epa.ie**
**LoCall: 1890 33 55 99**

**Regional Inspectorate**
McCumiskey House,
Richview, Clonskeagh Road,
Dublin 14, Ireland

T: +353 1 268 0100
F: +353 1 268 0199

**Regional Inspectorate**
Inniscarra, County Cork,
Ireland

T: +353 21 487 5540
F: +353 21 487 5545

**Regional Inspectorate**
Seville Lodge, Callan Road,
Kilkenny, Ireland

T: +353 56 779 6700
F: +353 56 779 6798

**Regional Inspectorate**
John Moore Road, Castlebar,
County Mayo, Ireland

T: +353 94 904 8400
F: +353 94 902 1934

**Regional Inspectorate**
The Glen, Monaghan, Ireland

T: +353 47 77600
F: +353 47 84987

**Regional Offices**

The Civic Centre
Church St., Athlone,
Co. Westmeath, Ireland
T: +353 906 475722

Room 3, Raheen Conference Centre,
Pearse House, Pearse Road,
Raheen Business Park, Limerick,
Ireland
T: +353 61 224764

Printed on environmentally friendly paper stock